

20
15

Comhairle Contae
Chill Chainnigh

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

*Arna glacadh ag an gComhairle ag a Cruinniú a
bhí ar siúl Dé Luain, an 16 Bealtaine 2016*



Ráiteas Misin

- ▶▶ Tá sé mar chuspóir ag Comhairle Contae Chill Chainnigh oibriú i gcomhpháirtíocht le muintir Chill Chainnigh agus leis na gníomhaireachtaí ábhartha chun seirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh agus chun forbairt inmharthana eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha a chur chun cinn le haghaidh na glúine seo agus glúin amach anseo. ◀◀

Halla an Chontae, Sráid Eoin, Cill Chainnigh

Guthán: + 353 (0) 56 7794000

Facs: + 353 (0) 56 7794004

Ríomhphost: info@kilkennycoco.ie

Éigeandáil lasmuigh d'uaireanta oifige: 1890 252 654

Uimhreacha Dailithe Dhíreacha

Mótarchánachas: + 353 (0) 56 7794100

Leabharlann an Chontae: + 353 (0) 56 7794160

An tSeirbhís Dóiteáin: 112

Ráiteas an Chathaoirligh

Is mór an phribhléid dom an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2015 a chur i láthair. Cuimsítear sa tuarascáil seo sonraí faoin réimse fairsing seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Contae Chill Chainnigh do mhuintir Chathair agus Chontae Chill Chainnigh. Le linn tréimhse ina bhfuil athrú leanúnach geilleagrach ag titim amach, is fiú an ról an-luachmhar a thabhairt faoi deara a chomhlíonann an Chomhairle i dtaobh croisheirbhísí rithábhachtacha a sholáthar, ar nós seirbhísí tithíochta, bóithre, uisce, dóiteáin agus éigeandála agus i dtacú le pobail áitiúla trí na feidhmeanna ealaíon, oidhreachta, caomhnaithe, leabharlann agus pobail agus fiontair. I gcomhthéacs na laghduithe a tháinig ar an airgeadas a bhí ar fáil agus ar líonta laghdaitheacha daoine a bhí á bhfostú, lean an Chomhairle lena cuid oibríochtaí a nuachóiriú agus éifeachtúlachtaí feabhsaithe a bhaint amach sa bhealach a thugann sí faoina cuid gnó.

Tá traidisiún saibhir cultúrtha agus oidhreachta i gCathair agus Contae Chill Chainnigh. Tá an Chomhairle meáite ar mheallacht Chill Chainnigh a uasmhéadú mar lárionad sármhaitheas turasoíreachta agus tá sí cromtha ar gach uile dheis a thapú chun Cill Chainnigh a chur chun cinn agus chun oibriú chun infheistíocht a mhealladh isteach inár gContae lena chur ar ár gcumas an fód a sheasamh i gcaitheamh na tréimhse dúshlánaí seo. Thug an Chomhairle Contae faoi roinnt tionscnamh chun Cill Chainnigh a chur chun cinn mar láthair chun infheistíocht a dhéanamh inti, Láithreán na hiar-Ghrúdlainne a éadail agus Máistirphlean a fhorbairt, an Míle Meánaoiseach a fhorbairt i gCathair Chill Chainnigh agus gníomhaíocht áitiúil gheilleagrach a chur chun cinn tríd an Oifig Fiontair Áitiúil.

Tugadh faoi phríomhghníomhaíochtaí chun caidreamh a chruthú le gnólachtaí agus páirtithe leasmhara, láidreachtaí an Chontae a leabú mar áit iontach chun oibriú ann, a chinntiú go bhfuil timpeallacht dhearfach agus dhaingean i bhfeidhm chun tacú le gnó agus chun cumarsáid a dhéanamh le réimse leathan spriocearnálacha áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus ilnáisiúnta.

Ba mhaith liom moladh a thabhairt do gach Comhalta Tofa agus dóibh siúd a fhónann ar choistí agus fochoistí éagsúla na Comhairle a thiomnaíonn iad féin go leanúnach do ghnó na Comhairle agus d'ionadaíocht a dhéanamh dá leasanna ar leith agus ginearálta. Tugtar cuntas ar an réimse fairsing gnó a phléitear agus a chinntear sa tuarascáil agus léiríonn seo an tiomantas agus an tseirbhís leanúnach a chuireann siad ar fáil don Chomhairle.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le foireann uile na Comhairle as ucht na hoibre a rinne siad ar mhaithe le muintir Chill Chainnigh. Molaim a dtiomantas agus a ndúthracht agus táimid ag súil le dul chun cinn leanúnach, ag oibriú le gach duine de mhuintir Chill Chainnigh chun áit níos fearr le cónaí ann, le hoibriú ann agus le cuairt a thabhairt air a dhéanamh de Chill Chainnigh.

An Comh. Mary Hilda Cavanagh
Cathaoirleach.

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Is deas liom baint a bheith agam leis an Tuarascáil Bhliantúil seo don bhliain 2015 ina dtugtar cuntas ar an réimse fairsing seirbhísí a sholáthair an Chomhairle go díreach nó go hindíreach in 2015. Is mian liom mo bhuíochas agus mo mholadh a chur in iúl i dtaobh iarrachtaí chomhaltaí tofa, lucht bainistíochta agus fhoireann na Comhairle chun ardleibhéal soláthar seirbhíse a choimeád i gcónaí do mhuintir an Chontae agus na Cathrach, agus acmhainní laghdaithe ar fáil dúinn. Laistigh de phríomhchorp na tuarascála seo, tugtar cuntas ar na gníomhaíochtaí éagsúla agus soláthar seirbhísí agus tionscadail bhonneagair atá á gcur chun cinn ag Comhairle Contae Chill Chainnigh.

Is mian liom na buaicphointí a leanas a thabhairt ar aird:

- Bronnadh bonn óir ar Chathair Chill Chainnigh i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara, bronnadh bonn airgid ar Inis Tíog agus bronnadh bonn cré-umha ar Thulchacht
- Tugadh tacaíocht leantach agus leanúnach d'fhéilte agus d'imeachtaí na Cathrach agus an Chontae atá mar chuid lárnach de bheatha chultúrtha agus gheilleagrach Chill Chainnigh
- An obair fairsing faoinar tugadh chun Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016-2021 a ullmhú agus a ghlacadh agus an obair leanúnach chun an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí a thacú agus a fhorbairt
- Freagairt éifeachtach éigeandála na Comhairle i leith imeachtaí tromchúiseacha tuile faoin Nollaig
- Forbairt leanúnach an mhíle mheánaoisigh agus Mhúsaem an Mhíle Mheánaoisigh i gCathair Chill Chainnigh
- An creat pleanála le haghaidh láithreán Diageo
- Próiseas tairisceana Phríomhchathair an Chultúir

Ábhar sásaimh dom gur bhain an Chomhairle an chuid ba mhó dá cuspóirí amach, faoi mar a leagadh amach iad ag tús 2015 agus gur éirigh léi amhlaidh a dhéanamh laistigh de na paraiméadair a leagadh amach i mbuiséad 2015.

Ag an bpointe cinniúnach seo, is mian liom ómós a chur in iúl don obair atá á déanamh ar leibhéal an Cheantair Bhardasaigh agus ar leibhéal Coiste Beartais Straitéisigh. Baineann oll-luach leis na coistí seo maidir le lámh chúnta a thabhairt don Chomhairle iomlán i dtaca le tabhairt faoina cuid cuspóirí agus a gnó a thabhairt chun críche. Is léir Tiomantas na gcomhairleoirí agus na gcomhaltaí seachtracha ó na gníomhaíochtaí a dtugtar cuntas orthu sa tuarascáil. Léirim mo bhuíochas de dhúthracht agus d'obair dhian na gComhaltaí Tofa, mo chomhghleacaithe san fhoireann bhainistíochta agus fhoireann na Comhairle. Táim muiníneach, agus aird ar chumas agus meanma an chomhoibrithe a léiríonn na comhaltaí tofa agus an fhoireann go comhsheasmhach, gur cheart go mbeimis in ann na dúshlán a bhaint amach atá amach romhainn.

Ar deireadh thiar, ba mhian buíochas ar leith a ghabháil leis an gCathaoirleach, an Comh. Mary Hilda Cavanagh, Cathaoirleach an Cheantair Bhardasaigh, na Comhairleoirí Pat Millea, Pat Dunphy agus an Méara Joe Malone, a bhain aitheantas amach dóibh féin ina róil faoi seach. Molaim an tuarascáil bhliantúil seo agus táim muiníneach go dtabharfar inti léargas ginearálta do mhuintir Chill Chainnigh agus do dhaoine níos faide i gcéin, ar an réimse fairsing gníomhaíochtaí faoinar tugadh agus ar éachtaí na Comhairle in 2015.

Colette Byrne
Príomhfheidhmeannach

Éachtaí Suntasacha in 2015



Forbairt Gheilleagrach agus Turasóireacht

- Glacadh leis an bPlean Áitiúil agus Eacnamaíochta Pobail 2016-2021 (an PÁEP)
- An Scéim Dreasachta Gnó
- Tacaíocht leanúnach a sholáthar do Thurasóireacht Chill Chainnigh a chuir Plean Soghluaisteachta Turasóireachta i bhfeidhm
- Oícheanta Cur i Láthair Féilte agus Imeachtaí
- Cill Chainnigh – Buaiteoir na Dámhachtana Náisiúnta Fiontraíochta agus an Fiontraí Óg is Fearr le tacaíocht ón Oifig Fiontair Áitiúil
- D'fhreastail 750 duine ar Aonach Gairmeacha agus Deiseanna a d'eagraigh an OFÁ
- Chabhraigh deontas an OFÁ le 247 cuideachta a sholáthraíonn 813 post lánaimseartha agus 446 post páirtaimseartha.
- Seoladh Plean Gnímh maidir le Poist an Oirdheiscirt



Forbairt Pobail

- The Preparation, Adoption and launch of The Local Economic and Community Rinneadh Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail do Chontae Chill Chainnigh, 2016-2021 (an PÁEP) a ullmhú, a ghlacadh agus a sheoladh
- Tacaíocht leanúnach a sholáthar do Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Chill Chainnigh
- Bunaíodh Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chill Chainnigh
- Soláthraíodh €250,000 i nDeontais Phobail agus Chultúir
- Aithníodh ról Chomhairle Contae Chill Chainnigh do Chlár Athlonnaithe Shúdánaigh Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (an UNHCR) tríd an gcuireadh a tugadh chun casadh le hArd-Rúnaí na NA, an Ginearál Ban Ki-Moon ar a chuairt dó go hÉirinn
- Sheol Coiste Stiúrtha Phort an Chalaigh Plean Straitéiseach Forbartha Pobail Phort an Chalaigh 2015-2020
- Cistiú REDZ do Pháirc Fionnachtana Ghráig na Manach agus Chaisleán an Chomair
- Leanadh le cistiú Pobail agus Féilte
- I gcur chuige uathúil réigiúnach, tá Contae Chill Chainnigh, Phort Láirge agus Loch Garman tagtha le chéile chun cur isteach ar theideal Phríomhchathair Chultúir na hEorpa in 2020 agus d'éirigh leis an Triúr Deirfiúracha Céim 1 den chomórtas seo a chríochnú in 2015.



Bóithre agus Iompar

- Glacadh le Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chill Chainnigh
- Oibreacha forbartha an Mhíle Mheánaoisigh



Freagairt Dóiteáin agus Éigeandála

- • Gníomhachtaíodh Plean Práinnfhreagartha Tuile maidir le tuile thromchúiseach feadh dhobharcheantair na Bearú, na Feoire agus na Siúire
- • Cistiú do Stáisiún Dóiteáin nua i nGráig na Manach
- • D'fhreastail oibríthe deonacha Cosanta Sibhialta ar 21 Imeacht Pobail



Páirceanna agus Conláiste

- D'fhorbair pobail áitiúla 3 Fhaiche Súgartha ag Bearna na Gaoithe, Áth Stúin, agus ag Baile Phóil le cúnadh deontais agus teicniúil ón gComhairle Contae agus ó Chuideachta Chompháirtíochta LEADER Chill Chainnigh.
- Thug 35,000 cuairteoir cuairt ar Ghairdíní Chluain Dúin
- Fuair 100 Grúpa Deontais Chonláiste
- Gairdín Cuimhneacháin Halla an Chontae



Pleanáil agus Forbairt

- Glacadh le Máistirphlean Cheathrú na Mainistreach
- Rinneadh leasú ar Phlean Ceantair Áitiúil Challainn
- Rinneadh oibreacha caomhnaithe ar an Teach Tae ag Cé Bateman
- Próiseáladh 800 iarratas pleanála -méadú ó 639 in 2014.
- Bailíodh Ranníocaíochtaí Forbartha €1.743m, ar an iomlán, in 2015, i gcomparáid le €1.58m in 2014.



Seirbhísí Leabharlainne

- 12,000 comhalta
- Bearta atá éifeachtúil i dtaobh fuinnimh de a sholáthar i bhFoirgnimh Leabharlainne
- Cuireadh 27,600 seisiún poiblí idirlín ar bun agus tugadh 1,900 cuairt ar an láithreán gréasáin
- Taispeántais ar líne - Manaigh Ghráig na Manach agus Príosún Thobar Bhríde i mBaile Mhic Andáin
- Bhí clár nuálach agus cuimsitheach imeachtaí i ngach brainse i gcaitheamh na bliana



Oidhreacht

- Comharthaíocht Léirmhínteach curtha in airde ag Caisleán na Greanaí, ag Túr an Talbhóidigh i gCathair Chill Chainnigh agus ag Reilig Naomh Lachtain leis an ngrúpa pobail áitiúil
- Rinneadh iniúchadh ar os cionn 300 plaic, cuimhneachán agus comhartha i measc 61 baile agus sráidbhaile
- Cuireadh os cionn 1,000 ainm páirce i dtaifead in 25 baile fearainn i dTionscadal Ainmneacha Páirce Chill Chainnigh
- Seoladh an láithreán gréasáin atá tiomnaithe d'oidhreacht Chill Chainnigh, www.kilkennyheritage.ie



Na hEalaíona

- Forbraíodh Beartas Ealaíne Poiblí
- Clár nuálaithe agus cuimsitheach d'imeachtaí ealaíonta
- D'fhreastail 13,300 duine ar imeachtaí a d'eagraigh Oifig Ealaíon na Comhairle



Tithíocht

- Ghlac an Chomhairle le Straitéis Tithíochta 2015-2017
- Méadaíodh an líon maoin ar cuireadh an Scéim um Chóiríocht ar Cíos dóibh aníos go dtí 532 maoin
- Rinneadh cigireacht ar 379 maoin phríobháideach ar cíos
- Déileáladh le 92% de na hiarrataí ar dheisiúchán a rinneadh in 2015 sa bhliain 2015
- Rinneadh 259 Teach Údaráis Áitiúil a aisfheistiú agus rinneadh 32 a oiriúnú chun freastal ar riachtanais tionóntaí faoi mhíchumas
- Íocadh 209 Deontas maidir le tithíocht phríobháideach a oiriúnú do dhaoine scothaosta agus faoi mhíchumas
- Bhain 24 áitreabh a bhí folamh le fada an lá áitíocht iomlán amach athuair
- Cuimsíodh 11 Ghrúpa Dheonacha Tithíochta i Straitéis Tithíochta 2015-2017 a sholáthróidh 78 aonad cóiríochta



Seirbhísí Uisce

- Soláthraíodh 25 milliún lítear ciúbach d'uisce gach lá do 65,000 custaiméir faoi chomhaontú seirbhíse le hUisce Éireann
- Uasghrádaíodh Ionad Cóireála Uisce Chluain Easa agus críochnaíodh uasghrádú Ionad Cóireála Fuíolluisce Achadh Úr
- Íocadh €876,000 i nDeontais agus i bhFóirdheontais leis an earnáil Ghrúpscéime



An Comhshaol

- Bronnadh bonn óir ar Chathair Chill Chainnigh i gcomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara, bronnadh bonn airgid ar Inis Tíog agus choimeád Tulchacht a bonn cré-umha
- Glacadh le Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Deiscirt agus le Plean Bainistíochta Bruscair Chomhairle Contae Chill Chainnigh
- Bailíodh 1,100 tonna d'ábhar athchúrsála ag láithreán Conláiste Cathartha an Dúin Mhóir agus bailíodh 1,450 tonna de ghloine/channaí ag 42 banc buidéal
- Bhí baint ag 120 grúpa Pobail i nGlantachán Náisiúnta an Earraigh
- Imscrúdaíodh 950 gearán comhshaoil agus tugadh faoi nach mór 1,500 gnáthchigireacht chomhshaoil
- Bronnadh bratach ghlas ar 28 scoil, agus is ionann anois líon iomlán na scoileanna brataí glaise agus 69
- Ceapadh Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Thiobraid Árann mar chomh-Phríomh-Údaráis chun na Pleananna Bainistíochta Abhantraí 2017 go dtí 2021 a ullmhú agus a chur i bhfeidhm agus le dul i mbun comhairliúcháin ina dtaobh. Bunaíodh Creat-Treoir Náisiúnta Uisce nua go hOifigiúil
- Tugadh faoi 170 Cigireacht Feirme Céaduaire faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint), 2014
- Bunaíodh Coiste Comhairliúcháin maidir le hÚinéirí Nua a fháil do Mhadraí agus le Leas Madraí in 2015 atá ildisciplíneach i dtaobh comhdhéanaimh de, ina measc ionadaithe tofa, oifigigh na Comhairle ó Cheatharlach agus ó Chill Chainnigh, an tOifigeach Tréidliachta Contae, ionadaithe ó eagraíochtaí Leasa Ainmhithe agus ó Fheirmeoirí Aontaithe Éireann (an IFA)
- Eisíodh 6,200 ceadúnas madra
- Soláthraíodh seirbhís gharda tarrthála go leanúnach a rinne maoirseacht ar 3,000 snámhaí i limistéir snámha phoiblí sa Chontae.

Clár Ábhair

1. Comhairle Contae Chill Chainnigh

1.1	Struchtúr Chomhairle Contae Chill Chainnigh	10
1.2	Comhaltaí na gCeantar Bardasach agus na gCoistí	11
1.3	Cruinnithe Chomhairle Contae Chill Chainnigh	12
1.4	Cruinnithe Ceantar Bardasach, Coistí agus Imeachtaí Cathartha	14

2. Seirbhísí Chomhairle Contae Chill Chainnigh

2.1	Tacaíochtaí do Chomhaltaí Tofa, Seirbhísí Corparáideacha, Bóithre agus Iompar, Páirceanna agus Caitheamh Aimsire, Dóiteán agus Tarrtháil, Pleanáil Éigeandála, Cosaint Shíbhialta, Acmhainní Daonna, Iniúchóireacht Inmheánach agus Bainistíocht Riosca	24
2.2	An Pobal, Cultúr, Pleanáil, Aoisbhá, an Óige, Leabharlanna, Oidhreacht, Na hEalaíona, Tithíocht agus Cóiríocht	38
2.3	Airgeadas, Forbairt Gheilleagrach, an Oifig Fiontair Áitiúil agus Turasóireacht	56
2.4	Seirbhísí Uisce, Fuíolluisce, Uisce Tuaithe, Seirbhísí Comhshaoil agus Bainistíochta Dramhaíola, Cáilíocht an Uisce agus Rialú Truailithe, Seirbhís Tréidliachta agus Reiligí	65

Aguisín 1

3.1	Comhdhálacha agus Imeachtaí Oiliúna	73
-----	-------------------------------------	----

Aguisín 2

3.2	Tuarascálacha Airgeadais	76
-----	--------------------------	----

1.

Comhairle Contae Chill Chainnigh

Comhaltaí Tofa agus Struchtúr Chomhairle Contae Chill Chainnigh

Tá ceithre chomhalta is fiche ar Chomhairle Contae Chill Chainnigh, a thoghtar ar feadh téarma cúig bliana. Toghadh an Chomhairle reatha i mBealtaine 2014 agus mar seo a leanas a bhí an bhallraíocht amhail an 31 Nollaig 2015:

Ceantar Bardasach Chaisleán an Chomair Castlecomer

Mary Hilda Cavanagh (FG)	Baile an Fhaoitigh, Crois Phádraigh, Trí Dhurlas, Co. CC.
Patrick Millea (FF)	Gallastún, Tulach Ruáin, Co. CC.
Maurice Shortall (LAB)	42 Maryville, Caisleán an Chomair, Co. CC.
John Brennan (FG)	An Chruit, an Chloch, Caisleán an Chomair, Co. CC.
Michael McCarthy (FF)	Sráid Buncrusha, Achadh Úr, Co. CC.
Pat Fitzpatrick (FF)	Clochán Phúcaigh, Baile an Phoill, Co. CC.

Ceantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh Thoir

Andrew McGuinness (FF)	Oifig an Dáilcheantair, Bóthar Uí Lachnáin, Co. CC.
Peter Cleere (FF)	Achadh Choillteáin, Sceach an Mhaistín, Co. CC.
Michael Doyle (FG)	Ballinbarna, an Robhar, Co. CC.
Patrick O' Neill (FG)	Baile Thréidín, Droichead Binéid, Co. CC.
Breda Gardner (Non Party)	Cloch an Bhródaigh, Baile Mhic Andáin, Co. CC.
David Kennedy (SF)	Baile an Bhúlaigh, Inis Tíog, Co. CC.

Ceantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh

Matt Doran (FF)	Sruth an Mhaide, Cill Mogeanna, Co. CC.
Joe Malone (FF)	11 Cnoc Mhairidin, Bóthar Cheannanais, Co. CC.
Malcolm Noonan (Green Party)	35 Cearnóg an Athar Uí Mhurchú, Co. CC.
Patrick McKee (Renua)	48 Plás Naomh Fiachra, Co. CC.
David Fitzgerald (FG)	24 Sráid Phádraigh, Co. CC.
Kathleen Funchion (SF)	Cúl Raithní, Inis Tíog, Co. CC.


Ceantar Bardasach Bhaile an Phoill

Melissa O'Neill (SF)	40 Abbeylands, Port an Chalaigh, Co. CC.
Pat Dunphy (FG)	Baile Uí Ghuara, Móin Choinn, Co. CC.
Fidelis Doherty (FG)	Ballyfacey, an Gleann Mór, Co. CC.
Eamon Aylward (FF)	Ballynooney, Muileann an Bhata, Co. CC.
Tomás Breathnach, (LAB)	Forge Road, Narabane, Cill Mhic Bhúith, Co. CC.
Ger Frisby (FF)	Trián an Fhraoigh, Sliabh Rua, Co. CC.

Struchtúr Bainistíochta

Thug an Chomhairle faoi deara gur tháinig athruithe suntasacha ar a Struchtúr Bainistíochta in 2015. D'fhág a Príomhfheidhmeannach Gníomhach, an tUasal John Mulholland i ngeall ar ardú céime chun glacadh le post mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Laoise, chuaigh an tUasal Philip O'Neill agus an tUasal John McCormack, a d'fhóin le fada mar Stiúrthóirí Seirbhísí, ar scor i ndiaidh don bheirt acu 65 bliain de sheirbhís pobail a sholáthar eatarthu.

Chuir an Chomhairle fáilte roimh Phríomhfheidhmeannach nua, an tUasal Colette Byrne, a bhí ina Príomhfheidhmeannach le Comhairle Contae Uíbh Fhailí, anuas ar bheirt Stiúrthóirí Seirbhísí nua, an tUasal Maria Melia agus an tUasal Mary J Mulholland.



1.3

Comhaltaí na gCoistí agus na bhFochuideachtaí

Tá dualgas dlíthiúil ar Údarás Áitiúla chun roinnt Coistí a bhunú, ar nós Coistí Beartais Straitéisigh. Tá údarás lánroghnach ag Údarás Áitiúla chun Coistí eile a bhunú d'fhonn cabhrú leo tabhairt faoina ról mar chomhaltaí tofa.

Coistí Beartais Straitéisigh

D'fhorbair Comhairle Contae Chill Chainnigh Scéim Coiste Beartais Straitéisigh a bhí i bhfeidhm i gcomhthráth le saolré na Comhairle nuathofa, ó 2014 go 2019. Is é ról na gCoistí Beartais Straitéisigh (na CBSanna) chun cabhrú leis an gComhairle chun beartas a fhoirmlíú, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Léiríonn comhdhéanamh na gCoistí príomhfheidhmeanna na Comhairle laistigh den chomhthéacs níos fairsinge, tá siad saincheaptha do mhéid, ballraíocht agus acmhainní riaracháin na Comhairle agus tá an tríd cuid dá mballraíocht glactha ó earnálacha a bhaineann le hobair na gcoistí. Tugann na CBSanna le chéile comhaltaí tofa, agus daoine atá ag oibriú araon go gníomhach le comhlachtaí sóisialta, geilleagracha, cultúrtha agus comhshaoil chun beartais a fhorbairt agus a athbhreithniú a bhaineann le seirbhísí comhairle. Soláthraíonn na CBSanna tuairimí seachtracha do chomhaltaí tofa fad a thugann siad faoina ról straitéiseach i bhforbairt an údarás áitiúil, a ról forbartha beartais agus mhaoirseachta ina measc laistigh den údarás áitiúil.

Is mar seo a leanas atá leagan amach foriomlán Chóras Beartais Straitéisigh Chill Chainnigh:-

CBS 1:	7 gComhalta Thofa	6 Chomhalta ó Earnálacha Seachtracha
Forbairt Gheilleagrach, Tacaíocht Fiontraíochta agus Turasóireacht	Pat Millea Pat Fitzpatrick Peter Cleere Patrick McKee Patrick O' Neill Michael Doyle Tomas Breathnach	Talmhaíocht/Feirmeoireacht - John Bambrick (an IFA) Forbairt/Tógáil - Mark Kennedy (Cumann Tráchtála na hÉireann) Comhshaoil/Caomhnú - Charles Wani (Feachtas Rothaíochta agus Siúil Chill Chainnigh) Ceardchumann - Phil Funchion (ICTU) Cuimsiú Sóisialta - Teresa Delahunty (Seirbhísí Inimirceach)

CBS 2:	7 gComhalta Thofa	6 Chomhalta ó Earnálacha Seachtracha
Beartas Bonneagair, Iompair, Seirbhísí Dóiteáin Éigeandála	Matt Doran Eamon Aylward Michael McCarthy Fidelis Doherty Michael Doyle Kathleen Funchion Tomas Breathnach	Talmhaíocht/Feirmeoireacht - Michael Rice (an IFA) Gnó/Tráchtáil - Gary Graham (Cumann Tráchtála na hÉireann) Forbairt/Tógáil - Barry Lynch (Cumann Tráchtála na hÉireann) Pobal agus Deonach - Billy Walsh (Grúpaí Cónaitheoirí Forbartha Pobail Phort an Chalaidh) Cuimsiú Sóisialta - Mairéad Phelan (Fóram Seanóirí) Ceardchumann - Patrick Kavanagh (ICTU)

CBS 3:	7 gComhalta Thofa	6 Chomhalta ó Earnálacha Seachtracha
Beartas Pleanála agus Forbartha, Oidhreacht, Pobail, Ealaíon agus Cultúir	Patrick McKee Pat Fitzpatrick Pat Dunphy David Kennedy Malcolm Noonan John Brennan Andrew McGuinness	Forbairt/Tógáil - Dennis Carroll (Cumann Tráchtála na hÉireann) Cultúr/Feirmeoireacht - Paul O' Brien (an IFA) Comhshaol/Caomhnú - Mary Brennan (An Taisce) Pobal/Deonach- LRP Gnó/Tráchtáil- John Hurley (Cumann Tráchtála na hÉireann) Cuimsiú Sóisialta - Pamela Mansell (SOS Kilkenny)

CBS 4:	6 Chomhalta Thofa	5 Chomhalta ó Earnálacha Seachtracha
Tithíocht	Andrew McGuinness Joe Malone Michael McCarthy Melissa O' Neill Fidelis Doherty Patrick O' Neill	Comhshaol/Caomhnú - Declan Murphy (an Taisce) Forbairt/Tógáil - Brian Dunlop (Cumann Tráchtála na hÉireann) Ceardchumann - Yvonne Moriarty (ICTU) Pobal agus Deonach - LRP Cuimsiú Sóisialta - Margaret Leahy (Fóram Seanóiri)

CBS 5:	6 Chomhalta Thofa	5 Chomhalta ó Earnálacha Seachtracha
Cosaint an Chomhshaoil, Seirbhísí Uisce agus Fuinneamh	Ger Frisby Joe Malone Pat Dunphy John Brennan Breda Gardner Maurice Shortall	Talmhaíocht/Feirmeoireacht - James Murphy (an IFA) Gnó/Tráchtáil - Owen Sweeney (Cumann Tráchtála na hÉireann) Comhshaol/Caomhnú - Sadhbh O' Neill (Líonra Comhshaoil Áitiúil Chill Chainnigh) Pobal agus Deonach - (LRP) Forbairt/Tógáil - Clare Murray (Cumann Tráchtála na hÉireann)

Cruinnithe na Comhairle

Cuireann an Chomhairle Gnáthchruinnithe ar bun ar bhonn míosúil. Chomh maith leis sin, cuireann sí cruinnithe speisialta ar bun agus glacann sí lena buiséad bliantúil. Féadfaidh an Chomhairle a mhéid cruinnithe agus is féidir a chur ar bun a mheasann sí is gá chun tabhairt faoina feidhmeanna.

Líon na gCruinnithe Tionscnaimh a bhí ar siúl: 15

Príomh-shaincheistanna a pléadh/a cinneadh

- Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a thogadh
- Coistí agus Fochoistí a Thoghadh
- Glacadh le Buiséad
- Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2014
- Cairt Iniúcháireachta, Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúcháireachta
- Tuarascáil an Iniúcháora Rialtais Áitiúil 2014
- Tuarascáil Bhliantúil 2014
- Pleananna Soláthair Seirbhíse
- Scéim Dreasachta Maoine Foilmhe
- Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chill Chainnigh a Cheapadh
- Tuarascáil Mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh
- Nuashonrú ar Choiste Teorann Phort Láirge
- Glacadh leis an bPlean Áitiúil agus Eacnamaíochta Pobail
- Plean Straitéiseach Tithíochta 2015-2017
- An Scéim Nua Cheannaigh ag Tionóntaí
- Diúscairt Tithíochta agus Eile
- Leithdháilte Deontas Bóthair agus Clár Oibreacha Bóthair
- Athbhreithniú ar an Luasteorainn
- Tionscadal Ceamaraí Sábháilteachta an Gharda Síochána
- Tionscadal Píolótach Freagartha Tuile Pobail
- Plean Cothabhála Geimhridh 2015/2016
- Nuashonrú Scéim Lár-Rochtana Chill Chainnigh
- Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Chill Chainnigh 2015-2020
- Leithdháileadh Cistithe do
- Luasteorainneacha 30 CSU in Eastáit Tithíochta
- Tuarascálacha Chuid 8 do thionscadail éagsúla
- Comhaontuithe Alt 85 le hÚdarás Áitiúla
- Oifig na Creat-Treorach Náisiúnta Údarás Áitiúil - Príomh-Údarás - Comhairlí Contae Chill Chainnigh/Thiobraid Árann
- Dréacht-Scéim Ranníocaíochta Forbartha
- Eastáit Tithíochta a Thógáil i gCúram
- Tionscnamh na gCathracha Beo
- Comóradh 2016
- Ceathrú na Mainistreach/an Pháirc Líneach
- An Glasbhealach idir Port Láirge agus Ros Mhic Thriúin
- Leithdháileadh do na hEalaíona agus Deontais Féilte, Deontais Chonláiste, agus Deontais Tacaíochta Cultúrtha
- Dréacht-Bheartas Ealaíon Poiblí
- Dréacht-Bheartas Cuimhneacháin
- Scéim Deontais Chaipitil Saoráidí Pobail agus Cultúrtha 2015-2017
- Plean Oibríochtaí Dóiteáin agus Éigeandála 2015-2020
- Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Deiscirt
- Glacadh le Plean Bainistíochta Bruscair 2015-2017
- An Chairt um Leas Ainmhithe agus na Fodhlíthe um Rialú Capall

Rinne na grúpaí a leanas cur i láthair ag na Cruinnithe i rith na bliana:

- Uiscebhealaí Éireann
- Lifeline - Féinmharú a Chosc Chill Chainnigh
- Turasóireacht Chill Chainnigh
- Dánlann de Buitléir
- Gormbhealach na Bearú
- An ÚFT
- Príomhchathair Chultúir an Triúir Dheirfiúracha san Eoraip
- Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge
- Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach
- Spórt Mionlaigh
- Comhdháil na gCeardchumann
- Clubanna Canú agus Spórt Uisce

1.5

Cruinnithe Coistí, Fochoistí agus Struchtúir Coistí Beartais Straitéisigh

CBS1 - Forbairt Gheilleagrach, Tacaíocht Fiontraíochta agus Turasóireacht

Líon na gCruinnithe a bhí ar siúl in 2015: 5

(Anuas ar chomhchruinniú speisialta/ceardlann leis an CFPÁ chun plé a dhéanamh ar an PÁEP)

Na Príomh-Shaincheisteanna Beartais a breithníodh:

- Gnéithe geilleagracha an PÁEP a ullmhú agus a ghlacadh (i gcomhréir le hAlt 44 den Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil, 2014)
- Glacadh agus Monatóireacht sholáthar Phlean um Fhorbairt Fiontraíochta Áitiúla an OFÁ don bhliain 2015, thar ceann na Comhairle (de réir an CLS le Fiontraíocht Éireann)
- Máistirphlean do láithreán na grúdlainne agus Athrú ar an bPlean Forbartha Cathrach
- Beartas Náisiúnta Turasóireachta Fháilte Éireann – Daoine, Áit agus Beartas: Turasóireacht a Fhás go dtí 2025
- Scéim Dreasachta Ráta Gnólachtaí Beaga
- Scéim Dreasachta Áitreabh Folamh
- Prionsabal na Fostaíochta Córa
- Tionscnamh píolótach forbartha tuaithe REDZ
- Coiste Beartais Leathanbhanda Náisiúnta

CBS 2 - Beartais Bonneagair, Iompair, Seirbhísí Dóiteáin Éigeandála

Líon na gCruinnithe a bhí ar siúl: 4

Na Príomh-Shaincheisteanna Beartais a breithníodh:

- Treoirlínte maidir le Luasteorainn;
- Moilliú Tráchta d'Eastáit Chónaithe;
- Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chill Chainnigh 2015-2020;
- Athbhreithniú ar na Fodhlíthe Tráchta do Bhailte Sceidealaithe;
- An Glasbhealach idir Port Láirge agus Ros Mhic Thriúin;
- Pleananna feabhsúcháin le haghaidh Stáisiún Dóiteáin Ghráig na Manach;
- Bealaí Bus/Iompar Tuaithe;
- Soilsiú Poiblí; Leathanbhanda Tuaithe;
- Plean Alt 26 - Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála;

CBS 3 - Pleanáil agus Forbairt, Oidhreacht, Pobal, na hEalaíona agus Cultúr

Is ionann a leanas tuarascáil an Choiste BS don bhliain 2015:

Líon na gCruinnithe a bhí ar siúl: 5

Na Príomh-Shaincheisteanna Beartais a breithníodh:

- Máistirphlean Cheathrú na Mainistreach
- Scéim Ranníocaíochta Forbartha 2015-2017
- Tógáil i gCúram agus Forbairtí Neamhchríochnaithe/Réiteach Láithreáin
- Pleananna Ceantair Áitiúil
- Tionscadal Athchóirithe Eaglais Naomh Muire
- Reachtaíocht Nua Pleanála agus Forbartha
- Straitéis Bainistíochta Eastáit 2015-2020
- Straitéis do Leabharlanna Poiblí 2013-2017
- Beartas Beartaithe ar Chuimhneacháin Chathartha
- Forbairt Beartas Ealaíne Poiblí
- Scéim Infheistíochta Oidhreachta tógtha 2016

CBS 4 - Tithíocht

Is ionann a leanas tuarascáil an Choiste BS don bhliain 2015:

Líon na gCruinnithe a bhí ar siúl: 5

Na Príomh-Shaincheisteanna Beartais a breithníodh:

- Straitéis Tithíochta Sóisialta 2015-2020
- Tuarascáil Tithíochta 2014
- Plean Straitéiseach Bainistíochta Eastáit 2015-2020
- An Straitéis Náisiúnta Míchumais 2011-2016
- An tAcht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht, 2015
- Easpa Dídine
- Tuarascáil an Choiste Chomhairligh um Chóiríocht don Lucht Siúil (LTACC)
- Plean Soláthair Seirbhíse Tithíochta 2015
- Beartas Deontas Príobháideach
- Clár Aisfheistithe
- An Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus Nuashonrú ar an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)

CBS 5 - Cosaint an Chomhshaoil, Seirbhísí Uisce agus Fuinneamh

Líon na gCruinnithe: 5

Na Príomh-Shaincheistanna Beartais a breithníodh:

- Nósanna Imeachta Forfheidhmithe Bruscair i gContae Chill Chainnigh
- Léargas Ginearálta ar Thionscnaimh Ghlantachán Náisiúnta an Earraigh 2015
- Nuashonrú ar Chlár na Siúlóirí Glasa Madraí agus beartas amach anseo a bhaineann le tionscnaimh frithshalaithe ag madraí
- Léargas Ginearálta ar an Dréacht-Phlean Bainistíochta Bruscair 2015-2017
- Plean Náisiúnta Cigireachta le haghaidh Córais Chóireála Fuíolluisce Tí;
- Nuashonrú maidir le Contae Chill Chainnigh
- Pleanáil Bainistíochta Abhantraí: Cur Chuige Nua
- Nuashonrú ar Thionscadail Chaipitil Seirbhísí Uisce
- “Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce: Plean do thodhchaí Seirbhísí Uisce”
- (Tugadh cuireadh do gach comhalta tofa chun freastal ar an gcuid seo de chruinniú an CBS)
- Nuashonrú ar an gCoiste Comhairleach um Leas Madraí agus Úinéirí Nua a Fháil do Mhadraí
- Próiseas an Phlean Gníomhaíochta Bainistíochta Fuinnimh (PGB) le haghaidh Chomhairle Contae Chill Chainnigh
- Straitéis Infheistíochta a bhfuil laghdú 33% le baint amach aici ar fud na Comhairle Contae faoi 2020
- Pobail Fuinnimh Níos Fearr
- Cúnant na Méaraí a ghlac an Chomhairle ag cruinniú na Comhairle in Aibreán
- Cur i láthair Data4Action ag Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach-Chill Chainnigh
- Oifig Náisiúnta Creat-Treoir Uisce an Údaráis Áitiúil - Príomh-Údaráis - Cill Chainnigh/Tiobraid Árann
- Comhairliúchán poiblí Saincheistanna Suntasacha Bainistíochta Uisce (SWMI)
- Bearta um Cosc ar Dhramhaíl
- Nuashonrú um Sheirbhísí Uisce
- Nuashonrú maidir leis an gCloch-an Móinín Rua - Seirbhísí Uisce
- Nuashonrú maidir le Tearmann Madraí Cheatharlach/Chill Chainnigh
- Cur i láthair achomair ar an gCuairt a tugadh ar an tSaoráid Díleáiteora Anaeróbaigh
- Reiligí; Beartas ar Chothabháil agus Feabhsúcháin
- Straitéis d’Fheabhsúcháin Bhoscaí Bruscair - Plé

Ceantar Bardasach Chaisleán an Chomair

Líon na gcruinnithe a bhí ar siúl in 2015: 12

An líon toscaireachtaí a fuarthas in 2015: 2

Príomh-shaincheisteanna a pléadh/a cinneadh

- Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a thoghadh do Cheantar Bardasach Chaisleán an Chomair
- An Leithdháileadh Ginearálta Bardasach agus an Leithdháileadh Ilbhliantúil
- Glacadh leis an Léithdháileadh Ginearálta Bardasach
- Glacadh leis an Dréacht-Sceideal Oibreacha Bardasacha, Dréacht-Scéim Oibreacha Bóthair ina measc
- Buiséad 2016
- Nuashonrú tugtha ar stádas um thógáil i gcúram forbairtí tithíochta
- Tionscadail Caipitil Seirbhísí Uisce
- Dréacht-Phlean Bainistíochta Bruscair agus Tionscnaimh Reatha Frithbhruscair
- Straitéis Tithíochta Sóisialta 2015-2017 Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020 – Tacaíocht, Soláthar agus Athchóiriú
- Tionscadail Forbartha Pobail lena dtacaíonn Comhairle Contae Chill Chainnigh
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail – Dréacht-Ráitis Shóisialta agus Gheilleagracha, dréachtspríocanna agus an chéad chéim de chomhairliúchán ina measc
- Dámhachtainí agus éachtaí na mBailte Slachtmhara
- An Dara Plean Bainistíochta Abhantraí
- Ceisteanna comhshaoil, ina measc
- Cáilíocht an Uisce
- Na Rialacháin um Dramhbhia Tí
- Forfheidhmiú Dramhaíola
- Plean Bainistíochta Dramhaíola an Deiscirt 2015-2021
- Ionad Athchúrsála an Dúin Mhóir
- Fóram Bailte Slachtmhara Chill Chainnigh
- Scoileanna Glasa
- Bailiúcháin WEEE Ireland
- Mianach Ghabhalmhaí/Lundin – Dúnadh an mhianaigh agus aistriú na Scéim Soláthair Uisce Tuaithe chuig Uisce Éireann
- Freastal ionadaithe ó EIR ar iarraidh comhaltaí chun breithniú ar thograí infheistíochta na cuideachta agus ar thograí chun feabhas a chur ar luas snáithíní anuas ar shonraí faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda, impleachtaí a bhaineann le neamhfháil a bheith ar an gclár agus ar athsholáthar tástáil chórasach poil leathanbhanda agus an gá atá le línte cabhrach teagmhála
- Tuarascáil ar dhul chun cinn oibreacha bóthair arna soláthar faoi dhó sa mhí
- Soilsíú Poiblí
- An Clár Cothabhála Geimhridh
- Scéim Tairsí
- Tuile
- Rannpháirtíocht an Phobail sa Scéim Oibreacha Bóthair
- Bearradh Fáil
- Saincheisteanna éagsúla a bhaineann le láithreán bóithre

Ceantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh

Líon na gcruinnithe a bhí ar siúl in 2015: 15

An líon toscaireachtaí a fuarthas in 2015: 7

Príomh-shaincheisteanna a pléadh/a cinneadh

- Glacadh le Sceideal na nOibreacha Bardasacha
- Dul chun Cinn ar an Séadchomhartha Iománaíochta
- Scéim Maolaithe Tuilte Challainn
- Scéimeanna Athnuachana Uirbí agus Bhaile Mhic Andáin agus Ghráig na Manach
- Scéimeanna Péinteála Sráid-Dreacha/Éadan Siopaí le haghaidh Challainn agus Ghráig na Manach
- Socruithe Chomóradh 2016
- Glacadh le Straitéis Páirceála do Bhaile Mhic Andáin
- Glacadh le Scéim Bainistíochta Tráchta ar Thimpeallán Bhóthar an Tondais
- Talamh a Leasú ag Faiche an Aonaigh, Callainn le Cumann Peile Challainn Aontaithe
- Glacadh le Plean Bainistíochta Tráchta le haghaidh Lána an Chlochair, Gráig na Manach
- Tuarascáil aighneachtaí a bhreithniú agus a ghlacadh i ndiaidh chéim chomhairliúcháin phoiblí ullmhú phróiseas an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail
- Forbairt Gheilleagrach Tuaithe inar labhair an Teachta Dála Ann Phelan, an tAire Stáit
- Struchtúir Thurasóireachta i gCill Chainnigh
- Plean Bainistíochta Feithiclí Earraí Troma
- Tograí um Úsáid Talún le haghaidh Fhaiche an Aonaigh, Callainn.
- Gairdíní Chluain Dúin
- Socruithe Nasctha Bailte
- Imeachtaí Cathartha Méaraí faoi mar a dtugtar cuntas orthu thíos

Imeachtaí Cathartha an Mhéara

Déanann Comhaltaí Cheantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh, ina bhfuil na 6 chomhalta ó Thoghcheantar Chathair Chill Chainnigh Thoir agus na 6 chomhalta ó Thoghcheantir Chathair Chill Chainnigh Thiar a Méara a thoghadh gach bliain. Bhí an post ag an gComh. A. McGuinness ó Iúil 2014 go dtí Meitheamh 2015 agus tháinig an Comh. Joe Malone ina ionad, a shealbhóidh an post go dtí Iúil 2016. I rith bhliain féilire 2015, cuireadh roinnt Imeachtaí suntasacha Cathartha Méara ar bun:

An 17 Márta, 2015 Fáiltiú le haghaidh an Uasail Kevin Taaffe, Méara Chill Chainnigh Minnesota, SAM, agus comhchathair le Cathair Chill Chainnigh, a d'óstáil Méara Cheantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh, an Comh. Andrew McGuinness.



An 17 Márta 2015

An 30 Márta, 2015 Seoladh an dara heagrán den Leabhar “Treasures of Kilkenny”, leis an údar John Bradley ag an Méara agus ag Comhaltaí Tofa Cheantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh.

An 10 Aibreán, 2015 Bronnadh Saoirse na Cathrach ar an Uasal Kieran Crotty. Bhronn an Méara agus Comhaltaí Tofa Cheantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh Saoirse Chathair Chill Chainnigh ar an Uasal Kieran Crotty ag searmanas a bhí ar siúl sa Picture Gallery, Caiselán Chill Chainnigh.



An 30 Márta 2015

An 13 Bealtaine, 2015 Chuir Méara agus Comhaltaí Tofa Cheantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh fáiltiú sibhialta ar bun chun rannchuidiú Chomhaltaí na bhFórsaí Cosanta a thabhairt chun suntais, a bhí bunaithe i mBeairic James Stephens, Cill Chainnigh, a rinne ionadaíocht d'Éirinn ar Mhisin faoi shainordú na Náisiún Aontaithe ar mhaithe le síocháin dhomhanda.



An 13 Bealtaine 2015

An 27 Bealtaine, 2015 Thug Ambasadóir na hOstaire le hÉirinn, an Dr Thomas NADER agus Coimisinéir Trádála na hOstaire le hÉirinn, an tUasal Wilhelm NEST cuairt ar Halla na Cathrach agus chas siad leis an Méara, na Comhaltaí Tofa agus an Fheidhmeannacht.

An 17 Meitheamh, 2015 Thug Ambasadóir na Polainne, an tUasal Ryszard Sarkowicz cuairt ar Halla na Cathrach agus chas sé leis an gComh. Andrew McGuinness.



An 10 Aibreán 2015

An 4 Iúil, 2015 Chuir an Méara cruinniú ar bun i Seomra na Comhairle, Halla na Cathrach, le Comhairleoirí ó go leor údarais áitiúla eile a thug cuairt ar Chill Chainnigh le haghaidh Chomhdháil LAMA.

Meán Fómhair, 2015 Thug an Méara agus Comhaltaí Fheidhmeannacht Chomhairle Contae Chill Chainnigh cuairt ar Kilkenny, Minnesota, S.A.M.

An 7 Nollaig, 2015 Chuir Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus Méara Cheantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh fáiltiú cathartha ar bun chun Aitheantas Cathartha a bhronnadh ar an Maorghinearál Kieran Brennan, an Briogáidire-Ghinearál Philip Brennan agus an Briogáidire-Ghinearál Joe Mulligan, chun onóir a léiriú dá sár-chaighdeán cheannaireachta, a n-acmhainneacht agus don dúthracht a léirigh siad dá ndualgas, ónar eascair a n-arduithe céime le déanaí aníos go dtí céim an Ghinearálóifigigh laistigh de Óglaigh na hÉireann, agus lena dtiomantas a aithint do Chill Chainnigh agus dá saoránaigh i rith a dtéarmaí mar Oifigigh i gCeannas ar an zú Cathlán Coisithe ag Beairic James Stephens, Cill Chainnigh.



An 7 Nollaig 2015

Ceantar Bardasach Bhaile an Phoill

Líon na gcruinnithe a bhí ar siúl: 21

Lena n-áirítear 5 Chomhchruinniú, ina measc:
Ceantar Bardasach Ros Mhic Thriúin 1
chruinniú le Ceantar Chathair Phort Láirge: 3
chruinniú le Ceantar Bardasach Charraig na Siúire: 1

Príomh-shaincheisteanna a pléadh/a cinneadh

- Saincheisteanna an Chláir Oibreacha Bóthair, Cothabháil an Gheimhridh agus Bóithre
- Tuile i gCill Chainnigh Theas
- Forbairtí Tithíochta / Eastáit Neamhchríochnaithe / Tógáil i gCúram
- Láithreán Stad
- Athbhreithniú ar Theorainn Phort Láirge
- Ionad Siopadóireachta Phort an Chalaídh
- Sceideal agus Glacadh le hOibreacha an Cheantair Bhardasaigh
- Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin
- Sábháilteacht ag Timpealláin agus ag Acomhail
- Áiseanna do Choisithe ag Timpeallán Shliabh Rua
- Comharthaíocht Luais agus Iniúchadh ar Chomharthaíocht
- Soilsiú Poiblí a Sholáthar
- Soláthar Foirne
- Cumarsáid le Bonneagar Iompair Éireann (an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta roimhe seo) agus le Celtic Roads Group
- Fuinneamh In-Athnuaite
- Píolóin agus Eirgrid
- Easa Pholl an Easa
- An Glasbhealach idir Port Láirge agus Ros Mhic Thriúin
- Saincheisteanna Póilíneachta (d'fhreastail Gardaí)
- Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2020
- Cosáin a Sholáthar
- Oibreacha Feabhsúcháin agus Mhoillithe Tráchta Mhóin Choinn
- Glantachán Sráide
- Cosán a Sholáthar ar an Nascbhóthar – an M9 chuig Muileann an Bhata
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail
- Plean Straitéiseach Forbartha Pobail Phort an Chalaídh
- Plean Bainistíochta Bruscair agus Tionscnaimh Bhruscair
- Áiseanna Athchúrsála
- Faichí Súgartha
- Crainn Bhaolacha, Berradh Fáil agus Berradh Féir
- Rannpháirtíocht an Phobail i Scéimeanna Oibreacha Bóthair agus Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúil
- Bearnú na Siúire
- Iar-Oifigí na Comhairle ag an Ráth Nua
- Bainistíocht Tráchta
- Limistéir Picnice an N25
- Stad Bus an Ghleanna Mhóir
- Páirceáil ar an tSráid i Muileann an Bhata
- Tearmann Madraí

An Coiste Iniúchóireachta

Fochoiste reachtúil den Chomhairle is ea an Coiste Iniúchóireachta. Cuireann an Coiste tuarascáil bhliantúil i dtoll a chéile don Chomhairle maidir lena hobair agus le rialuithe bainistíochta na Comhairle. Casann an coiste leis an bPríomhfheidhmeannach agus leis an gCeann Airgeadais ar a laghad uair sa bhliain agus casann sé leis an Iniúchóir Rialtais Áitiúil gach bliain. Déanann sé breithniú ar thuarascálacha airgeadais ag gach cruinniú.

Tá dualgas ar an gCoiste Iniúchóireachta athbhreithniú a dhéanamh, i dteannta an lucht bainistíochta agus an iniúcháir inmheánaigh ar an gcairt, gníomhaíochtaí, soláthar foirne agus struchtúr eagraíochta na feidhme iniúchóireachta inmheánaí, ar chomhlíonadh an Choiste leis an gcaighdeán ábhartha gairmiúil agus aon mholtaí a thabhairt ar aird an Phríomhfheidhmeannaigh. Caithfidh an Coiste Iniúchóireachta an plan iniúchóireachta a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm, athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha iniúchóireachta, torthaí agus moltaí agus freagairtí bainistíochta. Bronnann an mhaoirseacht seo a dhéanann an Coiste Iniúchóireachta breis tábhachta ar fheidhm Rialachais Chorporáidigh Iniúchóireacht Inmheánach.

Líon na gCruinnithe: 4

Na príomh-shaincheisteanna a breithníodh

- Riosca
- Soláthar
- Buiséad Bliantúil agus Ráiteas Airgeadais Bliantúil
- An córas 'Ceannaigh chun Íoc'
- Dúshláin sa Tithíocht
- Tuarascálacha Airgeadais
- Ról an Choimisiúin Náisiúnta Mhaoirseachta agus Iniúchóireachta (an NOAC)

Comhchoistí Póilíneachta

Líon na gCruinnithe a bhí ar siúl: 3

Na príomh-shaincheisteanna a breithníodh

- Sulcáithe
- Pobal ar Aire
- Athbhreithniú ar an gComharthaíocht Faisnéise do Thurasóirí
- Cosc ar Fhéinmharú agus Foréigean Baile
- Cur i láthair na nGardaí ar an Straitéis nua Póilíneachta Pobail do Chathair Chill Chainnigh
- Cur i láthair/Nuashonrú Scéimeanna Foláirimh Théacs an Gharda Síochána
- Saincheisteanna Iompair Frithshóisialta
- Cur i láthair ar thionscnamh 'Kilkenny Cares'

2.

Seirbhísí

2.1

Bóithre, Iompar, Páirceanna, Pleanáil Dóiteáin agus Éigeandála agus Seirbhísí Corparáideacha

Seirbhísí a sholáthraítear faoin Stiúrtóireacht seo

Seirbhísí Corparáideacha, freagairt Choimisiún na Teorann, tacaíocht do Chomhaltaí Tofa, agus tacaíocht riaracháin do Chruinnithe na Comhairle agus dá Coistí ina measc

- Bóithre agus Iompar
- Sábháilteacht ar Bhóithre
- Páirceanna agus Conláistí
- Seirbhísí Dóiteáin
- Bainistíocht Éigeandála
- Cosaint Shibhialta
- Acmhainní Daonna
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Iniúcháireacht Inmheánach
- Teicneolaíocht Faisnéise

Seirbhísí Corparáideacha

Tá an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha freagrach as soláthar agus bainistíocht réimse an-fhairsing seirbhísí, lena n-áirítear tacaíocht agus riarachán Comhaltaí Tofa, cruinnithe na Comhairle Contae, Bainistíocht Foirgneamh agus Áiseanna, Clár na dTogthóirí agus an Árachais. Áirítear leis an teideal seo achoimre ar fhreagairt na Comhairle ar Choiste Teorann Phort Láirge.

Coiste Teorann Phort Láirge

I Meitheamh 2015, bhunaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Coiste Teorann Phort Láirge chun tabhairt faoi athbhreithniú ar an teorainn idir Cathair agus Contae Phort Láirge agus Contae Chill Chainnigh, na moltaí siúd a dhéanamh maidir leis an teorainn sin, agus aon mholtaí iarmhartacha maidir le limistéar Cheantar Chathair Phort Láirge, a dhéanamh a mheasann siad a theastaíonn ar mhaithe le rialtas éifeachtach agus áisiúil áitiúil agus tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, i scríbhinn a bhaineann leis an athbhreithniú sin agus moltaí an athbhreithnithe sin.

Comhaontaíodh ag cruinniú tionscnaimh Chomhairle Contae Chill Chainnigh chun grúpa stiúrtha a bhunú chun oibriú leis an aighneachtaí a chuirfidís faoi bhráid Choiste Athbhreithnithe Teorann Phort Láirge. Bhí Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, an Comh. Hilda Cavanagh ina cathaoirleach ar an nGrúpa Stiúrtha agus bhí comhaltaí den fheidhmeannacht sa ghrúpa, anuas ar gach comhalta de Cheantar Bardasach Bhaile an Phoill, ina measc Pat Dunphy, Fidelis Doherty, Ger Frisby, Éamon Aylward, Melissa O'Neill agus Tomás Breathnach, i dteannta Mhéara Cheantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh, an Comh. Joe Malone agus an Comh. Michael Doyle.

D'fhoilsigh Coiste Teorann Phort Láirge fógra poiblí an 17 Samhain 2015 a thug cuireadh d'aighneachtaí ón bpobal agus forbraíodh láithreán gréasáin tiomnaithe, waterfordboundaryreview.ie, ar a bhféadfadh an pobal aighneachtaí a dhéanamh. Tugadh cuireadh, ina theannta sin, tríd an bpost, d'aighneachtaí a sheoladh chuig Coiste Teorann Phort Láirge ag oifigí Chomhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge agus ag oifigí Chomhairle Contae Chill Chainnigh i Halla an Chontae, Cill Chainnigh. Bhunaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh Rúnaíocht tiomnaithe chun bainistiú a dhéanamh ar an líon mór aighneachtaí a fuarthas. Deimhníodh gurbh é Dé hAoine, an 15 Eanáir 2016 an spriocdháta chun aighneachtaí a fháil ó mhuintir an phobail, agus tugadh seachtain bhreise do Chomhairle Contae Chill Chainnigh chun a haighneacht féin a sheoladh ar aghaidh.

Cuireadh roinnt seisiúin faisnéise ar bun leis an nGrúpa Stiúrtha go luath i Samhain 2015. Déardaoin an 19 Samhain, chas Coiste Teorann Phort Láirge le Comhaltaí Tofa an Ghrúpa Stiúrtha in Oifig Cheantair Phort an Chalaigh, áit ar thug na Comhaltaí Tofa cur i láthair mionsonraithe ar chur i gcoinne aon athrú a dhéanamh ar an teorainn. Ag an gcruinniú sin, thug Coiste na Teorann cuntas ar shonraí an phróisis a raibh baint acu ann agus chuir siad in iúl go gcaisfadh Coiste na Teorann leo arís eile a luaite a fuarthas na haighneachtaí poiblí uile. I ndiaidh iarrataí ó mhuintir an phobail, d'eagraigh Comhairle Contae Chill Chainnigh tráthnóna faisnéise poiblí in Óstán agus Club Tuaithe Rhu Glen an 30 Samhain 2015.

D'fhreastail thart ar 300 duine ar an gcruinniú agus chuir an tromlach mór in aghaidh aon athrú a dhéanamh ar an teorainn. Ag an gcruinniú sin, cuireadh an pobal ar an eolas nár thacaigh na TDanna agus na Comhaltaí Tofa uile le haghaidh Chontae Chill Chainnigh le haon togra chun Teorainn an Chontae a mhionathrú idir Cill Chainnigh agus Port Láirge.

D'athshann Chomhairle Contae Chill Chainnigh a Pleanálaí Sinsearach chun oibriú ar bhonn lánaimseartha ar a haighneacht a ullmhú. Rinne an Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí, Comhaltaí Tofa agus an fhoireann tacaíochta méid suntasach oibre i gcaitheamh mhíonna deireanacha 2015 chun aighneacht chuimsitheach ó Chomhairle Contae Chill Chainnigh a ullmhú a soláthraíodh do Choiste Teorann Phort Láirge in Eanáir 2016. De bhreis air sin, lorg an Coiste breise faisnéise, cuireadh cruinnithe ar bun go luath in 2016 leis an gCoiste agus ag an tráth na tuarascála seo, tá an Coiste ar feitheamh bhreithniúcháin agus mholtaí an Choiste.

Clár na dToghthóirí

Foilsítear an Clár Bliantúil an 1 Feabhra gach bliain agus is éard atá i gceist leis ná liosta de gach duine 18 mbliana d'aois nó níos sine, a chónaíonn sa Stát, atá i dteideal vóta a chaitheamh i dToghcháin na Dála, Thionól na hEorpa, an Uachtaráin, Toghcháin Áitiúla agus i Reifrinn.

I ndiaidh gur ghlac an tAire le moltaí Choimisiún Teorann an Údaráis Áitiúil, cuireadh deireadh le Comhairle Buirge Chill Chainnigh agus laghdaíodh ballraíocht na Comhairle Contae anuas ó 26 go dtí 24 comhalta, agus rinneadh na Toghcheantair a laghdú anuas ó 5 cinn go dtí 4 cinn, ina bhfuil na 6 chomhalta a leanas: Caisleán an Chomair, Cathair Chill Chainnigh Thoir, Cathair Chill Chainnigh Thiar, agus Baile an Phoill.

Bhí Clár na dToghthóirí a ullmhaíodh in 2015 bunaithe ar na Toghcheantair leasaithe, mar seo a leanas:

Toghcheantar Áitiúil	Líon na dToghthóirí
Caisleán an Chomair	17,970
Cathair Chill Chainnigh Thiar	17,253
Cathair Chill Chainnigh Thoir	17,950
Baile an Phoill	17,920
Iomlán	71,093

Anuas air sin, rinneadh Dáilcheantair na hEorpa a leasú agus tá Cill Chainnigh sa Dáilcheantar Theas (Éire).

Tá fáil ar an gClár in Oifigí Poist, Leabharlanna agus i Stáisiúin Ghardaí a chuireann an deis ar fáil do dhaoine lena sheiceáil cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad san áireamh ar an gclár.

Tá láithreán gréasáin ar fáil don chuspóir seo, chomh maith, www.checktheregister.ie.

Féadfaidh duine nach bhfuil san áireamh ar an gclár foilsithe, pé is cúis leis, nó duine a bhog ó sheoladh amháin go seoladh eile, iarratas a dhéanamh go gcuirfear san áireamh iad ar fhorlónadh leis an gclár.

Reifrinn agus Corrthoghchán

Cuireadh na Reifrinn ar Chomhionannas Pósta agus ar Aois na hIncháilitheachta um Thoghadh le hOifig an Uachtaráin ar siúl Dé hAoine, an 22 Bealtaine 2015. Anuas ar na reifrinn, cuireadh corrthoghchán ar bun i ndáilcheantar Cheatharlach-Chill Chainnigh chun an folúntas a líonadh a chruthaigh Phil Hogan. Mar thoradh ar an gcorrthoghchán, toghadh Bobby Aylward leis an Dáil.

Cumarsáid agus na Meáin Shóisialta

Cuireann an Chomhairle a teachtaireacht in iúl trí roinnt asraonta, ina measc nuachtáin, an raidió agus na meáin shóisialta. Baineann tábhacht mhéadaitheach leis na Meáin Shóisialta i gcumarsáid na Comhairle.

Léargas Ginearálta ar Láithreáin Ghréasáin

I rith 2015, b'ionann an líon carnach amharc leathanaigh i dtaobh láithreáin ghréasáin na Comhairle agus 2,276,986. Bainistíonn an Chomhairle 15 láithreán gréasáin go díreach, anuas ar mhaoirseacht a dhéanamh ar roinnt láithreán agus seirbhísí a sholáthraítear go seachtrach, mar seo a leanas:

Tábla 1: Trácht ar an Láithreán Gréasáin in 2015

Na 10 Láithreán Gréasáin is Mó Éileamh	Amhairc Leathanaigh Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollag 2015
Kilkennycoco.ie	1,028,303
visitkilkenny.ie	896,315
Kilkenny.ie	128,650
kilkennylibrary.ie	128,224
kilkennycity.ie	52,577
ourplan.kilkenny.ie	15,312
kilkennyheritage.ie	10,166
invest.kilkenny.ie	8,356
rhymerag.net	4,105
kmhp.ie	3,388

Léargas Ginearálta ar na Meáin Shóisialta

- Is ionann lucht leanúna iomlán Facebook i measc gach cinn de chuntas Facebook na Comhairle agus 18,017 duine.
- Is ionann lucht leanúna iomlán Twitter i measc gach cinn de chuntas Twitter na Comhairle agus 17,230 duine.
- I rith 2015, d'oirbh an Chomhairle 8 leathanach Facebook agus 6 Chuntas Twitter.
- Thit an ghníomhaíocht mheán sóisialta ab airde amach i rith na freagartha éigeandála ar thuilte idir an 30 Nollaig 2015 agus an 4 Eanáir 2016:

Staitisticí Twitter – Freagairt ar Thuile

Bhí 275.7K imprisean le sonrú i gcaitheamh na tréimhse 6 lá, mar seo a leanas:

- An 30 Nollaig, 50 tvuí, a chonacthas 53,414 uair
- An 31 Nollaig, 19 dtvúit, a chonacthas 15,410 uair
- An 1 Eanáir, 41 tvuí, a chonacthas 56,132 uair
- An 2 Eanáir, 79 tvuí, a chonacthas 78,993 uair
- An 3 Eanáir, 48 tvuí, a chonacthas 33,823 uair
- An 4 Eanáir, 39 tvuí, a chonacthas 37,947 uair
- Staitisticí Facebook – Freagairt ar Thuile
- Aimsiú (líon iomlán na n-uaireanta a léadh gach postáil a bhain le tuile): 34,001
- Líon na ndaoine a d'idirghníomhaigh le postáil (a rinne trácht ar phostáil/a dúirt gur mhaith leo postáil leo/a roinn postáil/a chliceáil ar nasc): 3,941. Tháinig méadú 403 ar líon na ndaoine a dúirt gur mhaith leo an leathanach i gcaitheamh na tréimhse seo.
- Léadh an phostáil ba mhó 7,700 uair, d'idirghníomhaigh 708 duine leis agus rinne 122 duine trácht air nó í a roinnt.

Staitisticí Facebook – Freagairt ar Thuile

- Aimsiú (líon iomlán na n-uaireanta a léadh gach postáil a bhain le tuile): 34,001
- Líon na ndaoine a d'idirghníomhaigh le postáil (a rinne trácht ar phostáil/a dúirt gur mhaith leo postáil leo/a roinn postáil/a chliceáil ar nasc): 3,941. Tháinig méadú 403 ar líon na ndaoine a dúirt gur mhaith leo an leathanach i gcaitheamh na tréimhse seo.
- Léadh an phostáil ba mhó 7,700 uair, d'idirghníomhaigh 708 duine leis agus rinne 122 duine trácht air nó í a roinnt.

Bóithre agus Iompar

Athchóiriú Bóithre Neamhnáisiúnta Clár Cothabhála Athchóirithe agus Feabhsúcháin 2015

Faoin gclár seo, rinneadh 44 ciliméadar den ghréasán bóithre neamhnáisiúnta a atógáil ar fud an chontae, lenar áiríodh 8 gciliméadar de Bhóithre Áitiúla den Dara Grád a atógadh faoin Scéim Páirtíochta Pobail.

Ar an gcuma chéanna, faoin gClár Cothabhála Bóithre Neamhnáisiúnta, rinneadh cóiriú dromchla ar thart ar 49 ciliméadar den ghréasán bóithre neamhnáisiúnta i rith 2015.

Baineann ríthábhacht leis an obair chun an infheistíocht shubstainteach a chosaint a rinneadh sa ghréasán bóithre neamhnáisiúnta i gcaitheamh na mblianta de bhreis ar a fhriotaíocht in aghaidh sciortha a chinntiú.

In 2015, tugadh faoi oibreacha feabhsúcháin ar thart ar 7.5 ciliméadar den ghréasán Bóithre Náisiúnta trí athailíniú, athchóiriú agus tionscadail atógála bóithre. I measc na bpríomhthionscadal a áiríodh faoin teideal seo, bhí an N24 ag Sráidbhaile Mhóin Choinn, an N77 ag Béal Átha Ragad agus Baile na Slí, an N78 ag an gCúl Bán agus ag Baile Fhrainc agus ag an N29 (Bóthar an Phoirt). Ina theannta sin, tugadh roinnt tionscadail éagsúla eile draenála, mharcála bóthair agus línithe comharthaíochta chun críche ar fud an Ghréasáin Náisiúnta.

Baineann páirt lárnach le córas éifeachtach bainistíochta agus taifeadta sócmhainní maidir le Comhairle Contae Chill Chainnigh chun tabhairt faoina cuid gníomhaíochtaí cothabhála bóithre ar bhealach éifeachtúil. Gné de chuid chlár na mbóithre a tugadh isteach le déanaí is ea an riachtanas chun suirbhé agus taifeadadh a dhéanamh ar gach coinníoll pábhála bóithre ar bhunachar sonraí lárnach atá bunaithe ar bhunachar sonraí córas faisnéise geografai (GIS). Chuige sin agus d'fhoill luach ar airgead a bhaint amach in oibreacha bóithre, leanfaidh an Chomhairle lena gcórais bhainistíochta pábhála agus droichid a fhorbairt bunaithe ar shraitheanna bogearraí Map Road agus GIS. Chun cloí leis an gcóras nua taifeadta sonraí seo, tá orainn cistí a tharraingt anuas ó Bhonneagar Iompair Éireann agus ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Nuair a ghlac na Comhaltaí Tofa le Scéim Oibreacha Bóthair 2015 do Chontae Chill Chainnigh i Márta 2015, b'ionann luach iomlán na Scéimeanna Cothabhála agus Feabhsúcháin agus €19.853 milliún. Fuair Comhairle Contae Chill Chainnigh €2.7 milliún sa bhreis chun tabhairt faoi oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin ar an nGréasán Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta, de bhreis ar agus os cionn na suimeanna a faomhadh i Scéim Oibreacha Bóthair 2015, agus b'ionann an caiteachas iomlán, dá bharr, agus €22.553 milliún in 2015.

Tionscadail Chaipitil agus Feabhsúcháin Bhóithre

Rinneadh infheistíocht de bhreis ar €1 billiún i mbóithre agus i scéimeanna mótarbhealaigh i gContae Chill Chainnigh le deich mbliana anuas.

Meastar gurb ionann Scéim Seachbhóthair Ros Mhic Thriúin an N25 agus lárphiosa bonneagair le haghaidh Chill Chainnigh agus go háirithe i ndeisceart an Chontae. Fuarthas an talamh a bhí de dhíth ón scéim in 2015 agus tá coinne leis go gcuirfeadh tús leis na hoibreacha in Earrach 2016.

Faoi Chlár Mionoibreacha agus Feabhsúcháin Pábhála Bhonneagar Iompair Éireann, Chlár LEADER agus scéimeanna a mhaoinítear go díreach, chuir Comhairle Contae Chill Chainnigh na cúig thionscadal a leanas chun cinn:-

N77 Baile na Slí; 2km

Sa tionscadal seo, rinneadh atógáil agus athailíniú ar 2 chiliméadar de bhóthar Náisiúnta den Dara Grád i dtuaisceart an Chontae. Críochnaíodh an tionscadal i dtráth agus níor sáraíodh an buiséad agus d'oscail an tUasal Paschal Donohoe, T.D., an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an bóthar nua go hoifigiúil i láthair an Chathaoirligh, Mary Hilda Cavanagh an 22 Deireadh Fómhair 2015.



N77 Baile na Slí roimh na hOibreacha



N77 Baile na Slí i ndiaidh na nOibreacha

N76 Bóthar Challainn (Tigh na Páirce); 3.5km.

Síneann Scéim Athailínithe Bhóthar Challainn an N76 ó Thimpeallán Chuarbhóthar Bhóthar Challainn an N76 go dtí Acomhal Bhaile na mBrúnach. Déanann an Scéim soláthar do chosáin ar an líne/raonta rothar agus soilsiú poiblí a thabhairt isteach ón gCuarbhóthar go dtí Crosaire Thigh na Páirce agus athailíniú bóthair ar leataobh ón trácht idir Crosaire Thigh na Páirce agus Baile na mBrúnach. In 2014, d'fhaomh an Bord Pleanála Ordú Ceannaigh Éigeantaigh don Scéim agus, i ndiaidh gur foilsíodh an OCÉ, seirbheáladh Fógraí Gnóthaíochta i Ráithe 1 2015. Cuireadh tús leis an idirbheartaíocht leis na húinéirí talún a ndearnadh difear dóibh le linn shamhradh 2015 agus meastar go mbeidh éadail na talún críochnaithe faoi Ráithe 3 2016. Bhí oibreacha imscrúdaithe láithreáin agus suirbhéanna seandálaíochta tugtha chun críche den chuid ba mhó faoi dheireadh 2015 agus meastar, faoi réir cistiú a fháil ó Bhoneagar Iompair Éireann, go ndéanfar tairiscint na bpríomhoibreacha a fhógairt i Ráithe 2 in 2016.

Forleagan Pábhála N77 Béal Átha Ragad 1.2km.

The Ballyragget Village Renewal Scheme was Fógraíodh Scéim Athnuachana Shráidbhaile Bhéal Átha Ragad faoi agus faoi réir phróiseas Pleanála Chuid 8 agus ghlac an Chomhairle léi go foirmiúil i Meán Fómhair 2013. Shín an Scéim seo ar feadh 1.2km trí Shráidbhaile Bhéal Átha Ragad feadh Shráid an Chaisleáin go dtí pointe 200m lastuaidh de Dhroichead na Feoire. Cistíodh agus tógadh an tionscadal seo trí dhá shreabhadh cistithe ar leith. Rinneadh Céim a hAon de thaobh tuaisceartach na Cearnóige a chomhchistiú idir Chomhairle Contae Chill Chainnigh, Comhpháirtíocht LEADER Chill Chainnigh agus Coiste Forbartha Bhéal Átha Ragad agus tugadh oibreacha ar an gcéim thosaigh seo chun críche in 2014. Chistigh Bhoneagar Iompair Éireann Céim 2 faoi Chlár Feabhsúchán Pábhála agus Mionoibreacha HD28.



An Chearnóg, Béal Átha Ragad – i ndiaidh na nOibreacha

Rinne na hoibreacha, i dteannta a chéile, soláthar d'uasghrádú timpeallachta an tsráid-dreaca reatha trí ábhair phábhála agus troscán sráide ardchaighdeáin a úsáid, atógáil bóthar Náisiúnta den Dara Grád an N77, cáblaí reatha seirbhíse lasnairde

a chur faoin talamh, soilsiú maisiúil sráide a shuiteáil, agus bearta bainistíochta tráchta agus oibreacha feabhsúcháin tírdhreacha a dhéanamh i limistéar glas na Cearnóige. D'oscail Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, ag an tráth sin, an Comh. Pat Millea, an scéim seo go hoifigiúil an 28 Bealtaine.

Scéim Bainistíochta Tráchta agus Athshlánaithe Cosáin N24 Móin Choinn: 2km.

I ndiaidh dul i gcomhairle le Bhoneagar Iompair Éireann, rinneadh tionscadal athshlánaithe cosáin ar an N24 trí shráidbhaile Mhóin Choinn a uasghrádú agus rinneadh Tionscadal Mionoibreacha de a chumasaigh athstruchtúrú bóthair, atógáil cosáin, bainistíocht bharrfheabhsaithe tráchta, soláthairtí páirceála agus ríochta poiblí ar luach €2.5 milliún. Bronnadh an conradh oibreacha don tionscadal seo an 23 Márta 2015 agus críochnaíodh é go déanach i nDeireadh Fómhair 2015. Ba dhealraitheach go raibh gné mhoillithe tráchta na scéime seo an-éifeachtach agus tá timpeallacht níos sábháilte cruthaithe aici, go háirithe ag na scoileanna.



D'oscail Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, an tUasal Mary Hilda Cavanagh, an Scéim go hoifigiúil an 16 Feabhra 2016.

Kilkenny Central Access Scheme

Rinne tógáil Dhroichead an CAS, faoi Chéim a hAon den Tionscadal seo, dul chun cinn suntasach i gcaitheamh shamhradh 2015. Tugadh na hoibreacha san abhainn, ina measc na cófradhambaí a bhaint ar an dá thaobh den abhainn, chun críche i lár mhí Mheán Fómhair 2015. Suiteáladh an bíoma trasna cúig réise an droichid i nDeireadh Fómhair agus cruthaíonn críochnú na gné seo de na hoibreacha léiriú amhairc ar an struchtúr críochnaithe den chéad uair. Is é críochnú an chlár don droichead Meitheamh 2016.

Déanann Céim a Dó den scéim soláthar don Scéim Lár-Rochtana a thógáil ón taobh thiar den Droichead go dtí Plás Naomh Cainneach agus ón taobh thoir den Droichead go dtí Bóthar Chaisleán an Chomair, leathnú Bhóthar Chaisleán an Chomhair agus athchumrú Thimpeallán an Bhóthair Nua ina measc. Fógraíodh an Tairiscint don chéim seo den tionscadal an 28 Deireadh Fómhair 2015 agus meastar go gcuirfear tús le hoibreacha go luath in 2016 agus go gcuirfear i gcrích iad go déanach in 2016.

Síneadh Chuarbhóthar Thuaidh Chill Chainnigh: 1.5Km.

Eisíodh an Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh don scéim seo don Bhord Pleanála an 13 Nollaig 2013. D'fhaomh an Bord Pleanála an RTT agus an OCÉ sa dara ráithe in 2014. Lorg úinéirí talún Athbhreithniú Breithiúnach ar an gcinneadh sin agus tá Comhairle Contae Chill Chainnigh ar feitheamh thoradh an phróisis sin.

Scéimeanna Athnuachana Uirbí agus Sráidbhaile

Faoi Ais 3 agus 4 den Chlár Forbartha Tuaithe 2007-2012, chuir Comhairle Contae Chill Chainnigh, i gcomhpháirtíocht le Comhpháirtíocht LEADER Chill Chainnigh agus na nGrúpaí Pobail Áitiúil faoi seach, ceithre Scéim Athnuachana Uirbí agus Sráidbhaile chun cinn, ina measc Callainn, Gráig na Manach, Béal Átha Ragad agus Baile Mhic Andáin. Miondealaíodh an struchtúr cistithe laistigh den chomhpháirtíocht seo mar seo a leanas: Comhpháirtíocht LEADER Chill Chainnigh (75%), Comhairle Contae Chill Chainnigh (20%) agus an Grúpa Pobail Áitiúil faoi seach (5%). Críochnaíodh scéimeanna Challainn agus Ghráig na Manach in 2014 agus osclaíodh scéim Bhéal Átha Ragad go hoifigiúil i mBealtaine 2015. Críochnaíodh scéim athnuachana Bhaile Mhic Andáin, inar cuireadh feabhas ar Shráid an Mhargaidh agus Sráid an Phóipa, den chuid ba mhó i Ráithe 2 2015. Rinne an tionscadal soláthar d'uasghrádú timpeallachta a dhéanamh ar an sráid-dreach reatha agus ábhair phábhála agus troscán sráide ardchaighdeán á n-úsáid, anuas ar cháblaí reatha seirbhíse lasnaide a chur faoin talamh.



Sráid an Mhargaidh, Baile Mhic Andáin – Roimh na hOibreacha



Sráid an Mhargaidh, Baile Mhic Andáin – I ndiaidh na nOibreacha



Sráid an Mhargaidh – I ndiaidh na nOibreacha



Sráid an Phóipa – I ndiaidh na nOibreacha

Clár Sábháilteachta Ísealchostais Neamhnáisiúnta

Tá an Clár Sábháilteachta Ísealchostais Neamhnáisiúnta dírithe ar láithreacha feadh an ghréasáin bhóithre neamhnáisiúnta a sainathníodh mar chriosanna atá tugtha do thimpistí. In 2015, rinneadh cóireáil ar dheich láithreán agus i measc na n-oibreacha faoinar tugadh, bhí líniú feabhsaithe acomhail agus spré léargais, miontimpeallán, moilliú trácha, líniú feabhsaithe ar thaobh an bhóthair agus saoráidí trasnaithe do choisithe a shuiteáil laistigh de limistéir uirbeacha.

Soilsiú Poiblí

Tá thart ar 10,000 solas poiblí á gcoimeád ag Comhairle Contae Chill Chainnigh. Chuir na Comhairlí tús le conradh cothabhála a soláthraíodh go réigiúnach i réigiún an Oirdheiscirt in 2012 mar iarracht chun luach níos fearr ar airgead a sholáthar. Bronnadh an conradh ar Airtricity agus chuir siad tús le cothabháil ar an stoc soilsithe i gCill Chainnigh in Aibreán 2012. Bhí an conradh ar feadh tréimhse tosaigh 3 bliana i dtosach báire agus bhí rogha ann chun 2 bhliain eile a chur leis an gconradh. Rinneadh rogha um shíneadh an chonartha a fheidhmiú; ar an ábhar sin, éagfaidh an conradh reatha i Márta 2017.

Soláthraíonn Energia an soláthar fuinnimh do shoilsiú poiblí agus déanann an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair maoirseacht ar an gconradh seirbhíse seo.

Is ionann ollchostas soláthar an tsoilsithe poiblí agus €1,168,725 milliún sa bhliain, arb ionann an chothabháil agus 29% agus arb ionann fuinneamh agus 71%. B'ionann an t-ioncam ó Bhonneagar Iompair Éireann le haghaidh soilsíú poiblí in 2015 agus €183,232 agus is ó acmhainní na Comhairle go díreach a thagann fuilleach na gcistí a theastaíonn.

Ar an meán, is ionann an costas a bhaineann le solas poiblí a chothabháil agus a oibriú go leanúnach agus €110 an solas in aghaidh na bliana. Meastar go bhfuil 1,110 solas breise ar fud Chontae Chill Chainnigh laistigh d'eastáit tithíochta a thabharfaidh Comhairle Contae Chill Chainnigh i gcúram, in am agus i dtráth. Cruthóidh seo, ar a uain sin, éilimh bhreise ar riachtanais chistithe don Chomhairle.

Go straitéiseach, beidh ar Chomhairle Contae Chill Chainnigh, agus a spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh á mbaint amach aici a fhad le 2020, tabhairt faoi chlár suntasach aifheistithe ar an ngréasán soilsithe phoiblí d'fhonn aistriú go dtí córais soilsithe phoiblí nach n-úsáideann an oiread céanna fuinnimh. Príomhbhreithniúchán i mbuiséid ó 2017 ar aghaidh a bheidh i gcistiú an chlár infheistíochta seo.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Feidhm fhíor-thábhachtach den Chomhairle is ea Sábháilteacht ar Bhóithre. Chuige sin, príomhbhreithniúchán don Chomhairle go fóill is ea an soláthar leanúnach buiséada i dtreo feasachta ar shábháilteacht ar bhóithre, an córas maor scoile agus tacaíocht feachtais um shábháilteacht ar bhóithre atá dírithe ar an bpobal.

I ndiaidh gur dhaingnigh an Coiste Beartais Straitéisigh um Beartas Bonneagair, Iompar, Dóiteán agus Seirbhísí Éigeandála, Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chill Chainnigh ó 2015 go 2020, rinne na Comhaltaí Tofa an plean a chur i láthair agus glacadh leis in Iúil 2015.

Leagtar amach i bPlean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chill Chainnigh treoirphlean le haghaidh dul chun cinn i limistéar na sábháilteachta ar bhóithre a fhad le deireadh 2020. Buntacaíonn sraith tionscadail agus gníomhartha shainithe leis an bplean seo i measc na gcoáilimistéar idirghabhála, ina measc Innealtóireacht, Oideachas, Forfheidhmiú agus Rannpháirtíocht. Ar an iomlán, leagtar amach sa phlean 39 Tionscadal aonair ina bhfuil 50 Gníomh/Sprioc a bheidh ar siúl a fhad le 2020.

Leanfaidh Comhairle Contae Chill Chainnigh agus an Garda Síochána le comhoibriú le feabhsúcháin a chinntiú ar shábháilteacht ar bhóithre sa chontae.

Ag leanúint ar aghaidh ó Chiorclán mhí Dheireadh Fómhair na Roinne Iompair a bhaineann le Luasteorainn Speisialta 30 CSU do gach Eastát Tithíochta, leithdháileadh €220,350 do Chill Chainnigh in 2015 a rinne soláthar do dhul chun cinn Céim a hAon den tionscnamh seo. Rinne an chéim thosaigh seo soláthar do chomh-chomharthaíocht na Luasteorann agus an Chreasa Mhall 30 CSU a shuiteáil i líon limistéir chónaithe ar fud na Cathrach agus an Chontae. Críochnaíodh Céim a hAon de na hoibreacha seo i Samhain 2015.

Éifeachtúlacht Fuinnimh, Caomhnú Fuinnimh agus Athrú Aeráide

Ar aon dul leis an tiomantas chun úsáid fuinnimh a laghdú agus, i gcomhréir lenár gComhpháirtithe Réigiúnacha, tá Conarthaí Feidhmíochta Fuinnimh (CFF) á bhfiosrú ag Comhairle Contae Chill Chainnigh don stoc soilsithe phoiblí d'fhonn éifeachtúlachtaí a sholáthar maidir leis na héilimh ar fhuinneamh agus na costais a bhaineann leis an tseirbhís phoiblí seo. Chun faisnéis a sholáthar don phróiseas seo, tá páirt á glacadh ag Comhairle Contae Chill Chainnigh i dtionscadal Eorpach "CFF Soilse Sráide" d'fhonn an bunachar eolais a chur chun cinn maidir leis na sagsanna seo de chonarthaí seirbhíse poiblí.

Bhunaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh Oifig Fuinnimh agus i gcomhairliúchán le Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach-Chill Chainnigh agus le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Cuireadh cistiú ar leataobh chun conarthaí éagsúla a bhaineann le fuinneamh a chur chun cinn, ar cuireadh tús le cuid díobh in 2014 agus ar cuireadh cuid eile díobh chun cinn ní ba mhó in 2015. Áirítear leo seo uasghráduithe inslithe agus creatlach thógála a dhéanamh ar oifigí, leabharlanna agus stáisiúin dóiteáin, uasghráduithe soilsithe leabharlainne a n-eascraíonn a mhéid le 60% de choigilteas fuinnimh astu agus a bhfuil tréimhse aisiocaíochta idir 8 agus 10 mbliana acu. Anuas air sin, d'éascaigh an Oifig Fuinnimh eagraíochtaí éagsúla pobail chun rochtain a fháil ar dheontais chaomhnaithe fuinnimh do thionscadail éagsúla i gCill Chainnigh. Anuas air sin, tugtar tús áite do dheardh agus soláthar glas i gComhairle Contae Chill Chainnigh.

An Míle Meánaoiseach

I rith 2015, críochnaíodh breis oibreacha ar an Míle Meánaoiseach. Corpraíodh anseo an stráice den chosán ón trasrian do Choisithe ag siopa Lifestyle Sports go dtí Lána Evans agus an tairseach ardaithe ar an mbóthar ag Acomhal an Bhaile Ghaelaigh. Áiríodh leis na hoibreacha athphábháil cosán, troscán nua sráide a shuiteáil, Bánna Lódála a bhaint agus a athlonnú agus athdhromchlú an bhóthair.



Acomhal an Bhaile Ghaelaigh roimh na hOibreacha



Acomhal an Bhaile Ghaelaigh i ndiaidh na hOibreacha

Oibreacha Bóthair Bhóthar an Tondais

Críochnaíodh Oibreacha Bóthair Bhóthar an Tondais i rith shamhradh 2015 inar dúnadh an bealach isteach reatha chuig Ionad Siopadóireachta an Locha Bhuí agus soláthraíodh rochtain nua trí thimpeallán a thógáil, faoi mar a dtugtar cuntas air i dtograí Chuid 8.

Anuas air sin, soláthraíodh rochtain ar leithligh chuig Eaglais Naomh Fiachra. Áiríodh leis na hoibreacha athailíniú na gcosán agus raonta rothair a sholáthar ar an dá thaobh den bhóthar, seirbhísí faoin talamh a chur ar mhálairt slí agus an Soilsíú Poiblí a uasghrádú go dtí soilsíú LED. Tugadh faoi ard-tírdhreachú sa cheantar.



Oibreacha críochnaithe ag Bóthar Bhóthar an Tondais

Páirceanna agus Caitheamh Aimsire

Bunaíodh an Rannóg Páirceanna in 2004 chun maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chothabháil fóntais chaitheamh aimsire i gCathair agus i gContae Chill Chainnigh. Ó bunaíodh an Rannóg, sholáthair an Rannóg Páirceanna réimse d'fhóntais ardchaighdeán chaitheamh aimsire, lena n-áirítear faichí súgartha, páirceanna agus faichí spóirt atá ar fáil do dhaoine den uile aois lena n-úsáid. Tá an Rannóg Páirceanna freagrach, chomh maith leis sin, as forbairtí, bainistíocht cuairteoirí agus cothabháil leanúnacha Ghairdíní agus Chrannlann Chluain Dúin in Inis Tíog, a bhfuil mórdhíol spéise do thurasóirí déanta de san Oirdheisceart.

Is iad seo a leanas na croísheirbhísí a bhfuil an Rannóg Páirceanna freagrach astu:-

Forbairt agus cothabháil faichí súgartha.

Tá 23 faiche súgartha ann faoi láthair timpeall an chontae agus tá dhá cheann eile tar éis ardchéim phleanála a bhaint amach a chuirfear i gcrích in 2016. Forbraíodh na háiseanna súgartha seo i gcomhar le pobail áitiúla agus déantar go leor díobh a chothabháil le cúnamh ó phobail áitiúla agus ó scéimeanna fostaíochta pobail áitiúla. Osclaíodh trí fhaiche súgartha in 2015 i mBearna na Gaoithe, Áth Stúin, agus i mBaile Phóil. D'fhorbair grúpaí pobail iad seo le deontas agus le cúnamh teicniúil ón gComhairle Contae agus ó Chuideachta Chompháirtíochta LEADER Chill Chainnigh. Déanann ár gcigire féin inti faiche súgartha gach faiche súgartha a scrúdú gach seachtain chun aon saincheisteanna féideartha sábháilteachta a shainiú, agus déantar iad a ghlanadh chomh maith gach seachtain nó níos minice ná sin, nuair is gá, lena chinntiú go leanann siad bheith sábháilte agus glan lena n-úsáid i measc leanaí.



Maidin Gheimhridh i bhFaiche Súgartha Bhaile Mhic Andáin

Forbairt agus cothabháil páirceanna.

Is iad Páirc Líneach Abhainn na Feoire, anuas ar Riasc na Páirce Nua agus Páirc Chomharsanacht Gharraí an Chrainn sa mhullach ar Dhiméin an Easpaig a forbraíodh le déanaí, na príomhpháirceanna cathrach. Soláthraíonn na páirceanna réimse fónais, idir fhóntais éighníomhacha agus ghníomhacha, d'fhonn go mbainfidh daoine taitneamh astu. Déanann criúnna piochta bruscair na páirceanna seo a chothabháil agus a ghlanadh gach seachtain agus baintear an féar go rialta sa séasúr fáis. Déantar saoráidí leis na páirceanna, ar nós faichí súgartha agus trealamh aclaíochta a chothabháil agus cuirtear leis go rialta.



An radharc ó Dhroichead Osraí amach ar Clárchosán na Leacan

Forbairt agus cothabháil páirceanna imeartha.

Oibríonn an Chomhairle saoráid léasaithe páirceanna imeartha ar roinnt páirceanna imeartha sa chathair agus i bpurláin na cathrach a dhéantar a léasú le cumainn ar mhaithe le traenáil agus le cluichí.

Tá roinnt páirceanna beaga imeartha uile-aimsire ann a bhfuil an-tóir orthu ar féidir leas saor in aisce a bhaint astu ag tráth ar bith ag an bPáirc Nua, Garraí an Chrainn agus Diméin an Easpaig. Rinneadh feabhsú cuimsitheach ar an bpáirc imeartha ag Garraí an Chrainn trí ghaineamh a scaipeadh agus trí shíolta a chur athuair. Cuirtear féar i mbéil bháirí chun bail mhaith a choimeád ar limistéir ina mbíonn ardchaitheamh is cuimilt agus déantar cigireacht sheachtainiúil ar chuailí.

Tionscadal Ghairdíní Chluain Dúin.

Ó rinneadh na gairdíní stairiúla Victoiriacha ag Cluain Dúin a athchóiriú le roinnt blianta anuas, rinneadh mórcheann scríbe do thurasóirí astu san oirdheisceart agus meallann siad anois thart ar 35,000 cuairteoir sa bhliain. Leanann an Chomhairle le himeachtaí a eagrú, cuairteoirí a chothú agus a bhainistiú a thagann a fhad leis na gairdíní, anuas ar thabhairt faoi chothabháil ardchaitheamh. D'óstáil foireann an ghairdín Scoil Foraoise sna gairdíní ar a raibh an rath geal in 2015, anuas ar roinnt imeachtaí, ar nós treordóireachta, siúlóidí sealgaireachta, Siúlóidí de chuid Operation Transformation agus imeachtaí teaghlach eile le haghaidh Sheachtain na hOidhreachta. Tá an-tóir ag teacht ar Chluain Dúin le haghaidh searmanais shibhialta agus in 2015, bhí Cluain Dúin ina n-óstach ar líon póstaí le haghaidh lánúineacha dá lá mór.



Teach Gloine Turner i gCluain Dúin ina bhfuil an seomra tae suite

Deontais Chonláiste a Riar

Tá fáil ar an scéim deontais chonláiste ag eagraíochtaí deonacha pobail chun feabhas a chur ar chonláistí áitiúla nó chun iad a chothabháil. Fuair breis agus aon chéad grúpa cúnaimh deontais in 2015.

Rialú speiceas ionrach

Tugann an Rannóg Páirceanna faoi leathadh speiceas ionrach a chosc ar thailte poiblí ar fud an chontae. Tá clár díothaithe Feabhrán Capaill ar bun go fóill i gCill Mhíic Bhúith agus i gCill Chainnigh, tá iarrachtaí á ndéanamh go fóill chun speicis ionracha a dhíothú feadh na Feoire, go háirithe feadh Shiúlán na Leacan agus Shiúlán na Canála i gcomhar le 'Coimeád Cill Chainnigh Álainn' ('Keep Kilkenny Beautiful').



Ag Tabhairt faoi Fheabhrán Capaill

Tionscadail Chaipitil Spóirt

D'éirigh le hiarratas na Comhairle ar thrí dheontas chun trealamh d'ionad aclaíochta taobh amuigh a sholáthar ag láithreacha ar fud na cathrach. Tá an chuma air go bhfuil an-tóir ar an trealamh aclaíochta seo, go háirithe nuair a bhíonn siad suite in aice saoráidí reatha. I ndiaidh comhairliúchán poiblí a dhéanamh, tabharfar na hionaid aclaíochta taobh amuigh isteach in 2016.



Trealamh aclaíochta taobh amuigh ag Páirc Líneach na Feoire

Cur inbhuanaithe

Tá díriú na Comhairle ag druidim i dtreo cur inbhuanaithe chun feabhas a chur ar bhithéagsúlacht i limistéir uirbeacha a mhéid agus is féidir. Ar cheann de na tionscadail siúd faoinar tugadh ba ea plandaí ilbhliantúla bláthaithe a chur ar scála mór chun feithidí a mhealladh ar an timpeallán a fhreastalaíonn ar nascbhóthar an mhótarbhealaigh. Sholáthair an scéim cur plandaí radharc dathannach ar an mbealach isteach go Cathair Chill Chainnigh i rith shamhradh 2015 agus leanfaidh sé i mbun bláthú gach bliain. Dhírigh téama an chuir ar scéim datha dun agus ómra i dtreo dheireadh Lúnasa, d'fhonn go mbeadh bláthanna ar nós Rudbeckia faoi bhláth faoin tráth a mbeadh muintir Chill Chainnigh ag filleadh ar an gcontae.

Tionscadal an Phailneora ag Baois Uí Nuanáin

Is é an téama lárnach i gCur Ghairdín na Síochána faoinar tugadh san fhómhar tacú le Feithidí Pailnithe. Dearadh an cur ag an láthair seo go soláthróidh sé pailin agus neachtar ó thráth luath san earrach ar aghaidh agus go mbeidh roinnt bleibeanna i mbun bláthú ó Fheabhra go Meitheamh, agus uaidh sin ar aghaidh, beidh na plandaí luibheacha ilbhliantúla faoi bhláth agus soláthróidh siad acmhainn an-dlúth d'fheithidí.



Na plandaí á leagan amach do thionscadal an phailneora

Crainn Saor in Aisce á dTabhairt

I gcomhthráth le Seachtain Náisiúnta na gCrann, socraíodh Lá Crann Saor in Aisce, a sholáthair crainn ardchaighdeán leathaibí do ghrúpaí pobail, scoileanna agus do ghrúpaí Bailte Slachtmhara ar fud an chontae. Leithdháileadh de bhreis ar luach €15,000 de chrainn lena gcur agus le feabhas a chur ar bhailte agus sráidbhailte an chontae.

Seirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála

Is iad príomhfheidhmeanna Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh idirchaidreamh a dhéanamh leis an bpobal chun iad a chur ar an eolas agus chun oideachas a chur ar shaoránaigh ar conas an riosca i leith dóiteáin agus éigeandálaí eile a laghdú, tionchar a imirt ar an timpeallacht thógtha agus í a rialú chun daoine óga, maoin agus an timpeallacht a chosaint, agus pleanáil agus ullmhú a dhéanamh le haghaidh éigeandálaí a d'fhéadfadh tarlú, agus freagairt ardchaighdeán, éifeachtach agus athléimneach a sholáthar dóibh.

Freagairt Teagmhais

Achoimre atá sa tábla a leanas ar ghníomhaíochtaí in 2015:

Teagmhas	Iomlán
Líon na ndóiteáin ar ar freastalaíodh	219
Timpistí Tráchta ar Bhóithre	90
Tuile	38
Daoine a tharrtháil/a bhaint ó uisce	8
Tarrtháil eile neamhdhóiteáin	2
Substaintí Guaiseacha á n-iompar	1
Ilghnéitheach	191
Rabhaidh bhréige, mailíseacha	17
Rabhaidh bhréige, dea-chuspóir	101
Iomlán	667

Méadú beag seo ar líon na dteagmhas in 2014 (627).

- Fuarthas 65 iarratas ar dheimhnithe um shábháilteacht dóiteáin in 2015. Dhéileáil an fhoireann um chosc dóiteáin leis na hiarratais seo ar bhonn intí. Is ionann seo agus laghdú ó 2014, nuair a fuarthas 93 iarratas. Bhí Deimhnithe Rialtaithe um Shábháilteacht Dóiteáin i gceist le go leor de na hiarratais seo, áfach, a dteastaíonn níos mó ama uathu le measúnú a dhéanamh orthu.
- Thug an fhoireann um Chosc Dóiteáin líon suntasach cuairteanna ar áitribh ar mhaithe le comhairle a sholáthar agus le reachtaíocht a fhorfheidhmiú.
- Seirbheáladh 3 Fhógra um Shábháilteacht Dóiteáin faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin in 2015
- Seirbheáladh 2 Fhógra Dúnta faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin in 2015
- Leanadh leis an gclár chun díriú ar shábháilteacht dóiteáin in áitribh mhóra mhiondíola, agus tugadh cuairt ar líon áitreabh.
- Cuireadh tús go luath in 2015 leis an gclár chun díriú ar shábháilteacht dóiteáin i Naíolanna agus in áitribh chomhchosúla sheirbhísí réamhscoile.

Tionscadail Chaipitiúla

- Faomhadh cistiú do stáisiún nua dóiteáin le haghaidh Ghráig na Manach.
- Soláthraíodh 2 chulaith thirime do Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh.
- Ceannaíodh 2 inneall dóiteáin aicme B athlámhe agus feithicil faoi thiomáint ceithre roth

Sábháilteacht Dóiteáin Phobail

- Sholáthair pearsanra na Seirbhísí Dóiteáin Clár na mBunscoileanna 2015. Is é cuspóir an chláir chun feacht a mhúscailt ar shábháilteacht ó dhóiteáin i measc leanaí bunscoile agus a dteaghlach. Déantar an clár seo a sheachadadh do leanaí sa tríú rang i ngach bunscoil i gContae Chill Chainnigh.
- Lean Stáisiún Dóiteáin Chill Chainnigh agus stáisiúin eile dóiteáin na cuairteanna ar scoileanna a éascú.
- Thug Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh faoi go leor Cainteanna faoi Shábháilteacht Dóiteáin agus oiliúna d'eagraíochtaí éagsúla.

Oiliúint

Soláthraíodh clár cuimsitheach oiliúna do Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh in 2015 agus áiríodh leis Láimhsíú, Oiliúint Tacadóirí Piaráí (CISM), Cúrsa Oibreoir Caidéil, Sábh Slabhrach (oibríochtaí oibreacha crainn éigeandála), Cúrsa Teagascóir Seirbhís Dóiteáin, Déileáil le foréigean agus le hionsaí, dearadh Soilsíú Éigeandála, Oiliúint Athnuachana Gaireas Análaithe, Cúrsa Fo-Oifigigh, Oiliúint Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE) a sheiceáil, Rothaí scrábach, Cúrsa Imbhualte um Thrácht ar Bhóithre, Aerú Beartach, cúrsa Cúr Aeir, Ceardlann Chaighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála (ESDS), an Cúrsa Bainistíocht Shábháilte a dhéanamh, cúrsa Earcaithe, cúrsa Ceadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí (ECDL), cúrsa Ábhar Guaiseach, cúrsa caiteoirí Gaireas Análaithe, Cúrsa Chéad Fhreagróirí Éigeandála, cúrsa Oifigeach Stáisiúin, Cúrsa maidir le hOibriú ar airde, Cúrsa teagascóra maidir le hoibriú ar airde.

Tiomsú Airgid Deonach

Ghlac fir mhúchta dóiteáin agus pearsanra otharchair páirt i mBailiú Carthanachta na Nollag atá anois ina imeacht bliantúil, agus tugadh na cistí a tiomsaíodh do charthanais áitiúla. Ina theannta sin, thiomsaigh na fir mhúchta dóiteáin cistí i gcaitheamh dheireadh seachtaine Saoire Bainc na Bealtaine le Dreapadh Dhréimire Shliabh Everest. Chuir an tSeirbhís Dóiteáin, anuas ar an nGarda Síochána agus an tSeirbhís Otharchair a “Bál Solais Ghoirm” Bliantúil agus thiomsaigh sé cistí do charthanais áitiúla.

Bainistíocht Móréigeandála

- Gníomhachtaíodh Plean Freagartha Éigeandála Tuile na Comhairle Contae le haghaidh Stoirm Phrionsias.
- Tástáladh an Plean Éigeandála Seachtraí le haghaidh Nitrofert faoi Rialacháin Seveso. Soláthraíodh an cleachtas seo i gcomhoibriú le FSS agus an Garda Síochána.
- Tugadh faoi chruinniú faisnéise ar phlean Fíor-Dhrochaimsire do na Príomhghníomhaireachtaí éagsúla Freagartha.
- Cuireadh oiliúint ar fhoireann Chomhairle Contae Chill Chainnigh, Fheidmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus ar bhaill an Gharda Síochána maidir le Bainistíocht Móréigeandála.



Oiliúint Sábháilteachta Dóiteáin le haghaidh Dhaltaí na hÍdirbhliana



Oiliúint ar Shábháilteacht ó Dhóiteáin do Mhúinteoirí Mheánscoil Chailíní na Toirbhirte a sholáthair Teagascóirí Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh



Caint ar Shábháilteacht Dóiteáin sa Bhaile le Pobal Dhroichead Binéid

Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh

Eagraíocht bunaithe ar oibrithe deonacha é Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh a thacaíonn leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (Comhairlí Contae, na Gardaí agus FSS). Anuas air sin, cabhraíonn sé lenár bpobail áitiúla. Tá oibrithe deonacha ann ar ar cuireadh oiliúint i dTimpistí agus Éigeandáil, Cuardaigh agus Tarrtháil, Seirbhís Choimhdeach Dóiteáin, agus Leas agus Cumarsáid.

Tacaíonn sé leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha chun déileáil le fíor-dhrochaimsir, tuile, mórtheagmhais agus cuardach a dhéanamh ar dhaoine atá ar iarraidh. Tacaíonn Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh le go leor imeachtaí pobail i gcaitheamh na bliana. Áirítear leo seo imeachtaí móra ar nós ócáidí teacht abhaile, ceolchoirmeacha agus féilte. Anuas air sin, tacaímid le himeachtaí áitiúla níos lú, ar nós mórshíúla agus imeachtaí spóirt. Ba bhliain an-ghnóthach 2015 inar chuir muintir an phobail líon mór glaonna orainn a bhí ag lorg cúnamh le himeachtaí pobail.

I Nollaig, rinne dóiteán díobháil mhór do shaoráid stórála Chosaint Shibhialta Chill Chainnigh agus milleadh na feithiclí agus an trealamh go léir ach a bhuíochas le hAonaid Chosaint Shibhialta máguaird inár Réigiún agus le tacaíocht Chomhairle Contae Chill Chainnigh leis an Roinn Cosanta, bhí Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh in ann a bheith ar fáil i gcónaí chun cúnamh a sholáthar nuair a theastaíonn sé. I dtráth déanach i Nollaig, 3 seachtaine i ndiaidh an dóiteáin, ghníomhachtaigh Foireann Bainistíochta Géarchéime Chomhairle Contae Chill Chainnigh Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh chun freagairt ar an imeacht mór tuile. Chabhraigh oibrithe deonacha Chosaint Shibhialta Chill Chainnigh le málaí gainimh a líonadh agus a dháileadh ar fud Chill Chainnigh, agus d'éirigh leo abhainn a chuaigh thar na bearta in Achadh Úr a chur ar malairt slí trí eastát tithíochta, a rinne tithe iomadúla a chosaint dá bharr, agus rinne na criúnna báid 15 dhuine a tharrtháil óna dtithe a bhí faoi uisce i ngeall ar leibhéil ardaitheacha na Feoire in Inis Tíog.

Oibríochtaí Cuardaigh

I rith 2015, iarradh ar Chosaint Shibhialta Chill Chainnigh chun cabhrú le cuardaigh le haghaidh daoine a bhí ar iarraidh 15 huair ar leith. Rinneadh na hiarrataí gach uair trí Ghardaí Chill Chainnigh agus b'éard a bhain leo ná cuardach fairsinge a dhéanamh, anuas ar limistéir abhann Chill Chainnigh.

Imeachtaí Pobail

Le linn 2015, sholáthair Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh cúnamh do 21 imeacht pobail idir cumhdach Otharchair le haghaidh Giomcánaí agus Craobhechomórtais Chontae agus cumhdach Bád Sábháilteachta le haghaidh imeachtaí carthanúla a bhain leis an Abhainn.

Feithiclí agus Trealamh

In 2015, fuair Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh cistiú chun dhá Bhád Dhochta Inséidte 5 mhéadar a cheannach ó Bhrainse Cosanta Sibhialta na Roinne Cosanta. Bhí ar na báid seo cabhrú lena chur ar chumas Chosaint Shibhialta Chill Chainnigh freagairt ar ghlaonna cúnamh éigeandála ó na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha agus na báid a cailleadh sa dóiteán inár saoráid stórála in Inse an Phuirséalaigh a ionadú. Fuair Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh mionbhus nua, chomh maith, chun an mionbhus a cailleadh sa dóiteán a ionadú. Anuas air sin, fuair Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh cistiú chun otharcharr atá comhlíontach CEN a cheannach chun cabhrú leis na himeachtaí pobail i gCill Chainnigh.

Oiliúint

Oibríonn Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh oiliúint ilscileanna ina dhá ionad ionad oiliúna atá lonnaithe laistigh de Chathair Chill Chainnigh. Tá na limistéir oiliúna roinnte i measc an mhéid a leanas:

- Timpistí agus Éigeandáil/Seirbhís Gharchabhrach
- Tarrtháil – Cuardach Fairsinge agus Cuardach agus Aisghabháil Abhainnbhunaithe
- Seirbhís Chúnata Dóiteáin agus Tuile
- Seirbhís Leasa
- Cumarsáid um Chosaint Shibhialta

In 2015, bronnadh teastais ar 25 oibrí deonach mar gheall ar chúrsaí a críochnaíodh sna hábhair a leanas:

- Oibreoirí Raidió
- Oibreoirí Mótarbháid ar Leibhéil 1, 2 agus 3
- Chéad Fhreagróirí Cairdiacha agus Chéad fhreagróirí Éigeandála
- Modhanna Teagaisc
- Mear-chéadfhreagróir Uisce/Uisce Tuile agus Feasacht ar Uisce
- Bainistíocht Cuardaigh



Muintir an phobail á tarrtháil ag Comhaltaí Chosaint Shibhialta Chill Chainnigh óna dtithe tuile in Inis Tíog

Acmhainní Daonna

Déileálann an Rannóg Acmhainní Daonna leis na limistéir a leanas:

- An Straitéis Acmhainní Daonna
- Pleanáil an Lucht Saothair
- Earcaíocht agus Roghnú
- Párolla agus Aoisliúntas
- Oiliúint agus Forbairt Fostaithe
- Bainistíocht Feidhmíochta
- Forbairt Ceannaireachta
- Comhionannas
- Bainistíocht Éagsúlachta
- Cothromaíocht Oibre is Saoil
- Caidreamh Tionsclaíoch
- Sláinte, Sábháilteacht agus Leas Fostaithe

Leibhéil Soláthair Foirne

B'ionann an líon foirne a bhí fostaithe an 31/12/2015 agus 602 (Comhaireamh Daoine) nó 508 (Coibhéis Lánaimseartha).

Seirbhís Chomhroinnte Párolla

Chuir Comhairle Contae Chill Chainnigh seirbhís chomhroinnte párolla i bhfeidhm i Márta 2015. Tá an tseirbhís á soláthar ag My Pay, an Soláthraí Seirbhísí Comhroinnte Rialtais Áitiúil, óna oifigí i bPort Laoise, Contae Laoise.

Tionscadal Aoisliúntais

Ag leanúint ó chur i bhfeidhm Seirbhísí Comhroinnte Párolla, chuir Comhairle Contae Chill Chainnigh tús le tionscadal Aoisliúntais agus aistrefar go dtí Seirbhís Chomhroinnte in 2017.

Bainistíocht Feidhmíochta

Athbhreithníodh an tAthbhreithniú a rinne an Chomhairle ar Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta le haghaidh Gráid Istigh foirne in 2013. I measc na bpríomh-athbhreithnithe, tá measúnú agus rátálacha feidhmíochta agus an ceangal atá idir feidhmíocht agus pá. Soláthraíodh clár cuimsitheach oiliúna don Fhoireann Taobh Amuigh in 2014 ar na socruithe athbhreithnithe agus cuirfear an córas i bhfeidhm go hiomlán le haghaidh Gráid Amuigh foirne in 2016.

Oiliúint agus Forbairt

Tá Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh tiomanta d'fhorbairt ghairmiúil agus phearsanta na foirne uile laistigh d'Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh a chinntiú. Díritear oiliúint, foghlaim agus forbairt ar chabhrú le fostaithe chun bheith níos éifeachtaí ina bpoist agus a gcumas a fhorbairt. Soláthraíodh clár cuimsitheach oiliúna in 2015.

Bainistíocht Freastail

Athbhreithníodh Beartas Bainistíochta Freastail na nEarnálacha Rialtais Áitiúil in 2013 agus tugadh scéimeanna athbhreithnithe pá breoiteachta don Earnáil. Tá leibhéil asláithreachta ísteal go fóil (4.34%), agus déantar comparáid fhabhrach idir seo agus an meánleibhéal don Earnáil (4.65%).

Scéim Tairsí

Bhí an Earnáil Rialtais Áitiúil tiomanta do 3,000 áit a sholáthar ar a Scéim Fostaíochta Sóisialta, dar teideal 'Tairseach' ('Gateway'). Ag deireadh 2015, bhí 55 duine á bhfostú ag Comhairle Contae Chill Chainnigh ar an Scéim i limistéir ar nós Cothabháil Coillearnaí, Tírdhreachú, Cothabháil Reilige, Athchúrsála agus Bruscar a Phiocadh Suas, Cur chun Cinn na Margaíochta agus na Turasóireachta, dualgais ghinearálta Oifige agus Leabharlainne agus Teicneolaíocht Faisnéise. Fostaítear rannpháirtithe faoi chonarthaí 22 mí ar an Scéim a sholáthraíonn an deis dóibh chun taithí oibre a fháil nó a nuashonrú, scileanna nua a fhoghlaim agus filleadh ar ghnáthamh na hoibre.

Iniúchóireacht Inmheánach

Feidhm neamhspleách bhreithmheasa atá in Iniúchóireacht Inmheánach a bhunaigh an Príomhfheidhmeannach ar mhaithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar chórais rialaithe inmheánaigh mar sheirbhís don Chomhairle. Tá Iniúchóireacht Inmheánach freagrach as dearbhú a sholáthar don Phríomhfheidhmeannach maidir le láithreach, leordhóthanacht agus éifeachtach chórais rialaithe agus bhainistíochta riosca inmheánacha na Comhairle agus is gné rithábhachtach í de rialachas corparáideach agus de bhainistíocht riosca.

- Cuireann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí tuarascálacha agus nuashonruithe ar fáil don Phríomhfheidhmeannach maidir le hoibriú na rialuithe sa Chomhairle.
- Cuirtear tuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánaí faoi bhráid Choiste Iniúchóireachta na Comhairle.
- In 2015, cuireadh tuarascálacha i láthair ar Iasachtaí Tithíochta, Bainistíocht Flít, Réiteach Bainc. Tugadh faoi Chleachtas Dearbhaithe Cáilíochta ar shampla de thionscadail mar chuid den Chód Caiteachais Phoiblí a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Náisiúnta Mhairseachta agus Iniúchóireachta.

An Pobal, Cultúr, Tithíocht agus Pleanáil

Is iad na Seirbhísí a sholáthraítear faoin Stiúirthóireacht seo:

- Pleanáil chun Cinn agus Rialú Pleanála
- Caomhnú
- Láithreáin Thréigthe
- Forbairt Pobail agus Bainistíocht Eastáit
- Na hEalaíona
- Oidhreacht
- Seirbhísí Leabharlainne
- Cóiríocht agus Tacaíochtaí Tithíochta

Pleanáil agus Forbairt

Is é ról agus feidhm Rannóg Pleanála Chomhairle Contae Chill Chainnigh beartas pleanála fisiciúla an Chontae a dheimhniú, chun forbairt agus tógáil nua a rialú agus chun forbairt thionsclaíoch, tráchtála agus inmharthana chúil eile a chur chun cinn.

Pleanáil Chun Cinn

- Cuireadh tús le hobair ar fhís Mháistirphlean Cheathrú na Mainistreach a athfhíorú in Eanáir 2015. Tugadh faoi chleachtadh fairsing comhairliúcháin phoiblí i gcaitheamh Eanáir agus Feabhra.
- An Plean Forbartha a ghlac an Chomhairle agus Máistirphlean Cheathrú na Mainistreach a d'fhaomh an Chomhairle an 31 Iúil 2015 a athrú.
- Cuireadh tús le hobair ar shíneadh ar mháistirphlean Cheathrú na Mainistreach a ullmhú chun Sráid an Bhiocáire agus an Bóthar Nua a chorprú.
- Cuireadh tús le hobair ar athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Ceantair Áitiúil Phort an Chalaigh/Belview. Cuireadh Comhairliúchán Poiblí i gcrích i gcomhar le rannóg pobail Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Tá obair ar ullmhú an dréachtphlean ar bun agus foilseofar é i Ráithe 1 2016.
- Foilsíodh leasú Phlean Ceantair Áitiúil Challainn. Cuirfear an Plean i gcrích i Ráithe 2016.

Caomhnú

- Leanann Comhairle Contae Chill Chainnigh le córas comhairliúchán pleanála/comhairleach a sholáthar maidir le hoibreacha a dhéantar ar fhoirgnimh lena mbaineann tábhacht ailtireachta agus struchtúir chosanta laistigh de Chontae Chill Chainnigh.
- Tugadh faoi oibreacha éigeandála ar an Teach Tae ag Cé Bateman le cúnamh ó dheontas €15,000 ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Pobail.

Rialú Forbartha

- Fuarthas 833 iarratas pleanála in 2015, ar méadú é seo aníos ó 639 iarratas in 2014.
- Fuarthas € 288,303 i dtáillí iarratais pleanála.
- Fuarthas 218 Fógra Tosach Feidhme faoi na Rialacháin Foirgníochta.
- Rinneadh cigireacht ar 23 forbairt faoi na Rialacháin Rialaithe Tógála.
- Leanann córas an Chlinic Pleanála le hoibriú go rathúil i ngach ceann de na hOifigí Ceantair.

Ranníocaíochtaí Forbartha

- Bailíodh €1.743m, ar an iomlán, in 2015, i gcomparáid le €1.58m in 2014.

Forfheidhmiú

- Fuarthas 101 gearán nua ar an iomlán in 2015.
- D'eisigh an Chomhairle 89 litir rabhaidh agus sheirbheáil sí 23 Fógra Forfheidhmithe i rith 2015.

Forbairtí Tithíochta

- Tógadh 10 nEastát Tithíochta i gcúram ina raibh 205 teach.
- Rinneadh an Banna a ghairm ar 6 fhorbairt cónaithe agus chuir Comhairle Contae Chill Chainnigh tús le hoibreacha réitigh go mbainfeadh na forbairtí an caighdeán amach chun cúram a thógáil.
- Rinneadh monatóireacht ar gach láithreán neamhchríochnaithe tithíochta i leith oibreacha sábháilteachta agus rinneadh forbróirí a chonrú sa chás gur theastaigh oibreacha sábháilteachta.
- Thug Comhairle Contae Chill Chainnigh faoi oibreacha réitigh láithreáin ar fhorbairt tithíochta neamhchríochnaithe amháin le cúnamh ó dheontas ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.
- Is ionann líon na bhforbairtí neamhchríochnaithe i gCill Chainnigh ar an Suirbhé Náisiúnta agus 29 suirbhé, ar laghdú é seo anuas ó 34 in 2014.

Tailte/Tailte Tréigthe Neamhúsáidte

- Cuireadh tús le suirbhé ar athbhreithniú ar gach láithreán/foirgneamh a raibh gannúsáid á baint astu in 2015.
- Rinneadh athbhreithniú ar láithreáin thréigthe i gceantair uirbeacha mar chuid den suirbhé.

An Pobal agus Cultúr

Seoladh an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (an PÁEP) do Chontae Chill Chainnigh, 2016-2021 i Nollaig 2015. Is ionann an PÁEP agus toradh oibre a rinneadh i gcaitheamh tréimhse de bhreis ar naoi mí ina raibh taighde, comhairliúchán poiblí, anailís, ceardlanna agus cruinnithe fairsinge. Is é cuspóir uileghabhálach ghné phobail an Phlean chun forbairt áitiúil agus pobail a chur chun cinn laistigh den chontae agus le comhordú gníomhartha ábhartha forbartha áitiúla agus pobail atá cistithe go poiblí a chinntiú ar bhealach a laghdaíonn dubailt, a dhíríonn ar na hacmhainní atá ar fáil nuair is mó a mbítear ina ngátar agus a uasmhéadaíonn na tairbhí do phobail. Déanann Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Chill Chainnigh maoirseacht ar an bplean.

Tá gnéithe pobail an PÁEP dírithe ar riachtanais shainaitheanta ar féidir dul i ngleic leo ar leibhéal pobail. Is éard a bhaineann leo ná idirchaidreamh agus rannpháirtíocht an phobail nuair a théann na cláir chuí agus/nó soláthar acmhainní i ngleic leo.

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Chill Chainnigh (CFPÁ)

I gcaitheamh 2015, thacaigh agus d'eagraigh ár Rannóg Pobail agus Cultúir 6 chruinniú den choiste, agus d'éascaigh sí ceardlann i gcinnteoireacht áitiúil. Thacaigh an rannóg seo le comhaltaí trí fhaisnéis, cur i láthair agus plé a sholáthar lena chur ar chumas an choiste chun cur chuige comhtháite trasearnála a chur i bhfeidhm i leith cláreagrú forbartha áitiúla agus pobail, agus a bheith freagrach go príomha as cistiú forbartha áitiúla agus pobail a chomhordú, a phleanáil agus a mhaoirsiú. In 2015, ba iad príomhéachtaí an CFPÁ:

- Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt ghné phobail an PÁEP
- Foghrúpa Monatóireachta um Chuimsiú Sóisialta an Chláir Ghníomhachtaithe Pobail a bhunú agus tabhairt faoi phróiseas athbhreithnithe agus pleanála don chlár i gcaitheamh 2015 agus 2016
- Glacadh leis na buanorduithe don choiste
- An pobal áitiúil a mhaoirsiú agus a ghníomhú i Straitéis Forbartha Áitiúla do Chill Chainnigh a fhorbairt
- An cathaoirleach don Líonra Rannpháirtíochta Poiblí – an Colún Cuimsithe Shóisialta a thoghadh

Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chill Chainnigh – ba bhliain tháirgiúil 2015 don LRP i gCill Chainnigh, mar chuid den chur chuige ceithre chéim i leith bhunú an LRP i gCill Chainnigh. Tacaíodh leis an LRP in 2015 go ndéanfaí líonra oibríochtúil de.

I ndiaidh sraith cruinnithe ar leibhéal cruinnithe Colúin agus Ceantair Bhardsaigh, bunaíodh rúnaíocht ina raibh naonúr daoine. Thug an rúnaíocht go mear faoi phróiseas a fhorbairt le haghaidh toghchán daonlathach inar toghadh ionadaithe den LRP ar chomhlachtaí déanta cinntí agus ar phobail laistigh de Chomhairle Contae Chill Chainnigh – CBSanna agus CFPÁ, an Tascfhórsa Áitiúil agus Réigiúnach um Dhruaí agus an Comhchoiste Póilíneachta.

Toghadh seisear comhaltaí leis an CFPÁ, agus toghadh deichniúr comhaltaí ar na CBSanna éagsúla.

Anuas air sin, d'eagraigh rúnaíocht an LRP 2 chruinniú de chuid an LRP i gcaitheamh 2015 ina ndearnadh cinntí a dhaingniú agus tugadh aiseolas ar an mballraíocht faoi obair na CBSanna agus an CFPÁ. D'óstáil Cruinniú Tionscnaimh dheireadh na bliana i Samhain beirt phríomhchainteoirí – POF Chomhairle Contae Chill Chainnigh – Colette Byrne agus Príomhfheidhmeannach an Gharda Síochána – Dominic Hayes.

Rinne Comhairle Contae Chill Chainnigh infheistíocht shuntasach sa LRP mar struchtúr ionadaíoch le haghaidh ionadaíocht pobail. In 2015, sainaitníodh acmhainní le haghaidh oifig neamhspleách a bhí lonnaithe go lárnach agus le haghaidh Oifigeach Forbartha LRP; bhí an oifig agus an t-oifigeach araon le tosú go luath in 2016.

Clár Forbartha Tuaithe 2014-2020

- LEADER:

Tá gné shuntasach de Bheartas Talmhaíochta an AE (an Comhbheartas Talmhaíochta) de Bheartas Forbartha Tuaithe agus tacaíonn cistiú leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (an CETFT), a sholáthraítear, ar a uain sin, trí Chláir náisiúnta chomh-mhaoinithe Forbartha Tuaithe (CFTanna). Príomhcholún cistithe atá in LEADER laistigh de na Cláir Forbartha Tuaithe (CFTanna), a thacaíonn le gníomhartha forbartha áitiúla a sholáthar i bpobail tuaithe agus chruthaigh sé cuid de thacaíochtaí cistithe forbartha tuaithe an AE ó seoladh é i 1991.

I ngeall go ndearnadh clár LEADER 2007-2013 a thabhairt chun críche, tugadh isteach i mbliana an chéad chlár LEADER eile mar chuid de chlár Chlár Forbartha Tuaithe na hÉireann 2014-2020. Tá Contae Chill Chainnigh ar cheann de na 28 limistéar ainmnithe de chuid LEADER ar fud na tíre agus leithdháileadh buiséad €7,791,572.91 don chlár nua, a ghabhfaidh a fhad le 2020. Tá an ciste seo le riar go háitiúil trí Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta (GÁG) agus treoraíonn Straitéis Forbartha Áitiúla (SFÁ) é.

In Éirinn, tugadh próiseas roghnaithe SFÁ dhá chéim isteach chun SFÁ ardchaighdeáin a lorg agus tacú le cur chuige níos comhtháite agus níos éifeachtaí um chur i bhfeidhm a fhorbairt le haghaidh forbairt áitiúil agus tuaithe. B'éard a bhí i gceist le Céim 1 ná Céim um Léiriú Spéise agus lean na grúpaí siúd ar éirigh leo sa chéim seo ar aghaidh go dtí Céim 2, ina raibh forbairt na Straitéise Forbartha Áitiúla i gceist léi. Lorg an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an RCPRÁ), agus meas iomlán á léiriú ar riachtanais an phróisis roghnaithe SFÁ, chun rogha cur chuige na CFPÁanna mar SFÁanna (i dteannta phríomh-chomhpháirtithe um chur i bhfeidhm na CFPÁanna) ag gach céim den phróiseas roghnaithe.

D'éirigh le CFPÁ Chill Chainnigh lena Léiriú Spéise a seoladh ar aghaidh i mBealtaine. I Meán Fómhair, cuireadh tús le Céim 2, ullmhú an SFÁ. Úsáideann modheolaíocht LEADER cur chuige forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail a leagann pobail tuaithe sa chroílár. Bhí CFPÁ Chill Chainnigh, agus an SFÁ á ullmhú, tiomanta do phróisis rannpháirteacha phleanála agus leag sé cur chuige síos a chinntigh go raibh an SFÁ curtha ar an eolas ag na hearnálacha den tsochaí a ndearna an plean difear dóibh.

Chuige sin, tugadh faoi phróiseas leathan agus dian comhairliúcháin ilearnála chun an straitéis seo a ullmhú a chuir san áireamh líon fairsing grúpaí, daoine agus eagraíochtaí ó áiteanna ar fud an chontae.

Ó Mheán Fómhair go Samhain, tugadh faoi phróiseas mionsonraithe comhairliúcháin ina raibh an méid a leanas i gceist:

Trí chruinniú comhairliúcháin phoiblí (ceann amháin i ngach ceantar bardasach)

- 17 gceardlann théamacha grúpa fócais.
- Eagraíodh na ceardlanna seo timpeall ar fhothéamaí an SFÁ agus bhain rannpháirtíocht eagraíochtaí, leasanna earnála agus na daoine lárnacha siúd a raibh saineolas acu a bhain go díreach leis na téamaí.
- Cúig cheardlann le Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chill Chainnigh ar fud na dtrí cholún agus na cheantar bardasach.
- Dhá ghairm chomhairliúcháin phoiblí, comhairliúcháin phoiblí ina measc tríd an láithreán gréasáin tiomnaithe, www.consult.kilkenny.ie
- Scaipeadh ceistneoir pobail ar 400 grúpa ar fud an chontae (comhaltaí den LRP agus de ghrúpaí nach raibh cláraithe mar chomhaltaí den LRP ina measc)
- Cruinniú leis na hionadaithe tofa i ngach ceann de na trí cheantar bhordasacha i gCill Chainnigh.
- Os cionn 30 cruinniú déthaobhach le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí páirtithe leasmhara.
- Ghlac os cionn 500 duine páirt dhíreach sna ceardlanna comhairliúcháin agus grúpa fócais.
- (Anuas air sin, fuarthas 17 n-aighneacht agus seoladh 48 ceistneoir comhlánaithe pobail ar ais)

I ndiaidh an phróisis chomhairliúcháin seo, cuireadh tús le scríobh na straitéise a bhí curtha ar an eolas ag na torthaí ón gcomhairliúchán. Bhí an obair seo ar bun go leanúnach ag deireadh na bliana agus cuireadh i gcrích í ó shin i leith.

An Scéim Deontais Chaipitil Saoráidí Pobail agus Cultúrtha (an CSPC) 2015-2017

Ghlac Comhairle Contae Chill Chainnigh leis an Scéim Deontais Chaipitil Saoráidí Pobail agus Cultúrtha (an CSPC) 2015-2017 i Márta 2015. Bhí buiséad iomlán €250,000 ar fáil do leithdháiltí deontais in 2015.

Rinneadh na deontais a leanas a leithdháileadh ar fud na tíre in 2015:

Ainm an Iarratasóra	Cur Síos ar an Tionscadal	Méid an Deontais
1. Urlingford on the Move Ltd.	Faiche Súgartha a Fhorbairt	€45,000
2. St. Canice's Community Action Ltd.	Teach a fhorbairt chun neachtlainnín phobail agus seirbhís faisnéise a fhorbairt do dhaoine breacaosta agus do dhaoine dífhostaithe	€45,000
3. Thomastown United A.F.C. Ltd.	Raon siúil a fhorbairt (1 chiliméadar ar fad) timpeall ar imeall thailte Bhaile Mhic Andáin Aontaithe.	€37,200
4. CLG 'Black & Whites'	Raon siúil a fhorbairt timpeall ar imeall na dtailte CLG.	€21,750
5. Ionad Acmhainní Teaghlaigh an Mhuilinn agus CLG Emerald	Uasghrádú na cúirte liathróid láimhe chun ionad aclaíochta agus cluichí liathróide a dhéanamh de.	€45,000
6. Pobal Chonachaidh	Halla an Phobail a Athfhorbairt.	€23,400
7. Coiste um Fhorbairt Páirc Pobail an Droichid NuaLtd.	Faiche súgartha pobail a fhorbairt.	€32,650

Tacaíochtaí don Lucht Siúil:

D'éirigh leis an gComhairle cistiú a tharraingt anuas ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun tacú le hobair Oideachas don Lucht Siúil i gcomhpháirtíocht le Gluaiseacht Phobal Lucht Siúil Chill Chainnigh.

Clár Rannpháirtíochta Pobail Ghluaiseacht Phobal Lucht Siúil Chill Chainnigh a chistiú agus tacú leis trí Chomhaontú Leibhéal na Seirbhíse. Déanann an clár seo comhaltaí den Lucht Siúil ó áiteanna ar fud an chontae a ghníomhú maidir le saincheisteanna tábhachtacha a bhaineann leis an Lucht Siúil.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i dtreo fhorbairt Thionscadal Chapail Lucht Siúil Chill Chainnigh. Comhpháirtíocht atá ann seo idir Comhairle Contae Chill Chainnigh Gluaiseacht Lucht Siúil Chill Chainnigh, an Roinn Talmhaíochta, úinéirí capail den Lucht Siúil agus Cuideachta Chomhpháirtíochta LEADER Chill Chainnigh. Tugadh faoi chur chuige nuálach comhairliúcháin le LiD Architects chun tús a chur le dearadh agus leagan an tionscadail ag Bóthar Hebron.

An Clár Athlonnaithe a Aithint:

Agus aitheantas á thabhairt do ról Chomhairle Contae Chill Chainnigh i gclár Athlonnaithe Shúdánaigh an UNHCR in 2009, tugadh cuireadh don Rannóg chun casadh le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, Ban Ki-Moon, a thug cuairt ar Éirinn ón 24 go dtí an 26 Bealtaine 2015. Fad a bhí sé in Éirinn, d'iarr an tArd-Rúnaí ar chasadh le pobail athlonnaithe dídeanaithe, comhaltaí Phobal na hÉireann-na Siria, Oifigigh na Roinne Dlí agus Cirt agus le grúpaí áitiúla lánpháirtithe, chun a bhuíochas a chur in iúl do chlár athlonnaithe dídeanaithe Rialtas na hÉireann agus dóibh siúd a chabhraigh le hathlonnú agus le lánpháirtíú Dídeanaí i gcaitheamh na mblianta. Bhí Comhairle Contae Chill Chainnigh ar cheann de na trí Údarás Áitiúil ar tugadh cuireadh dó chun casadh leis an Ard-Rúnaí.



Contae Aoisbhá Chill Chainnigh

Leanann an Chomhairle le bheith tiomanta do Chlár Aoisbhá an Chontae agus tacaíocht á tabhairt aici do Chomhairle na nDaoine Breacaosta. In 2015, sholáthair an Chomhairle Comhordaitheoir Aoisbhá, thug sí faoi líon suntasach feabhsúchán ar an ríocht poiblí le hionchur ó Chomhairle na nDaoine Breacaosta, sholáthair sí cúnaimh deontais don Chomhairle chun tabhairt faoina clár oibre, thacaigh sí heagrú na gcuinnithe Fóraim arb imeachtaí mórsála iad a sholáthraíonn an deis do daoine breacaosta sa chontae chun casadh le, agus a bheith curtha ar an eolas ar éachtaí an Chláir Aoisbhá, anuas ar chasadh le, sóisialú agus líonrú a dhéanamh le grúpaí ar fud an chontae.

An Comhordaitheoir Aoisbhá

- Sholáthair an Chomhairle comhalta foirme chun an clár a chomhordú agus chun pointe teagmhála a sholáthar do gach gníomhaireacht eile.
- Freastalaíonn Comhordaitheoir Aoisbhá ar chruinnithe agus tacaíonn sé/sí leis an bhfóram soláthraithe seirbhíse do dhaoine breacaosta
- Freastalaíonn an Comhordaitheoir aoisbhá ar gach tionscnamh aoisbhá agus ullmhaíonn sé/sí nuashonrú orthu agus roinneann sé/sí faisnéis faoi thionscadail faoina bhfuiltear ag tabhairt laistigh den Chomhairle Contae ar bhonn ráithiúil.
- Freastalaíonn sé/sí ar chruinnithe Réigiúnacha le haghaidh Comhordaitheoirí Aoisbhá agus roinneann sé/sí faisnéis faoi thionscadail agus faoi thionscnaimh nua.
- Rinneadh tacaíochtaí cistithe a leithdháileadh do chruinnithe agus imeachtaí an OPF, soláthraítear guthán póca do chathaoirleach an OPF ar mhaithe le cumarsáid, leithdháileadh foireann chun tacú le cruinnithe an OPF.

Tugadh faoi na feabhsúcháin ríochta poiblí a leanas sa Chathair, agus béim ar riachtanais daoine breacaosta:

- Limistéar suíochán a sholáthar ag acomhal Bhóthar Thobar Eoin/Bhóthar an Abhalloirt Nua
- Limistéar conláiste ina bhfuil suíocháin ag Ráth an Leigéadaigh, Bóthar Bhaile Átha Claith
- Limistéar Conláiste ag Céimeanna Chainnigh
- An cosán a ionadú ag cúl Shráid Mhaidilín agus céimeanna agus ráillí láimhe a sholáthar chun ligean do dhaoine siúl ar barr na geosaintí tuile i Halla na Cathrach.
- Athchumrú an limistéir phábháilte os comhair Theach Rothe, suíocháin a sholáthar ina measc.
- Beartha Moillithe Tráchtá ag Cé Bateman
- Feabhsúcháin chosáin agus guaiseacha tuislithe a bhaint ag Clós an Athar Bhreathnaigh agus ag Cúirt an Deagánaigh.

- Leathnú an chosáin agus bearta chun cosc a chur ar pháirceáil gan aird ar Shráid na Mainistreach.
- Feabhsúcháin chosáin ag Clós an Mhargaidh in aice an bhealaigh isteach chúil chuig an Teach Cúirte
- Cuailí adhmaid a bhaint, dromchlú an chosáin a chríochnú agus soilsíú nua a sholáthar ar Bhóthar Cheanannais.

Seo a leanas na feabhsúcháin faoinar tugadh sa Chontae:

- Críochnaíodh Stad Bus an Ghleanna Mhóir
- Leanadh leis na hOibreacha Feabhsúcháin ar Limistéar Conláiste na Greaná
- Soláthraíodh cosán nua i gCill Mhic Bhúith ón tSráid Uachtarach go dtí an Daingean
- Soláthraíodh cosán inlíonta ag barr Bhóthar Scair na Carraige
- Soilsíú poiblí nua a sholáthar/a chríochnú ag;
- Carrchlós Eaglais Thulachair, Bóthar an Mhuilinn, Muileann an Bhata, Baile an Phoill, ón Scoil go dtí Cill an Daltúnaigh, Cill Mhic Bhúith trasna ón gCoimpléasc Spóirt Soilsíú inlíonta Chuaille an Mhíle
- Críochnaíodh an scéim athnuachana uirbí i mBaile Mhic Andáin

Áiríodh le feabhsú na ríochta uirbí ar Shráid an Mhargaidh agus Sráid an Phíopa, Baile Mhic Andáin, Suíochán nua Aoisbhá atá lonnaithe in aice an Stad Bus mar chuid den chomhairliúchán le Fóram na Seanóirí le haghaidh Scéim Athnuachana Uirbí Bhaile Mhic Andáin.

Cuimsiú Sóisialta

Reáchtáil Seirbhísí Leabharlainne na Comhairle na cúrsaí seo a leanas in 2015 le haghaidh Daoine Breacaosta:

- Reáchtáil Leabharlann Chaisleán an Chomair cúrsa 8 seachtaine ar ar tugadh “Taking Stock” atá dírithe ar dhaoine os cionn 55 bliain d’aois lena dtacaíonn Aostacht agus Deiseanna.
- Chomh maith leis sin, casann an Grúpa Cainteach Cniotála (“The Nattering Knitters”) i Leabharlann Chaisleán an Chomhair agus tá formhór na gcomhaltaí ar scor.
- Tacaíonn Leabharlann Chaisleán an Chomair le Seid na bhFear Chaisleán an Chomair atá nuachruthaithe a sholáthraíonn spás taispeána (a dhéanann sárthaispeántas de tháirgí ar féidir leis an bpobal féachaint orthu) agus tugann an leabharlann leabhair ábhartha dóibh, e.g. leabhair shiúinéireachta etc. póstaer dhearaidh etc.
- Tacaíonn Leabharlann Phort an Chalaigh le roinnt imeachtaí Aoisbhá, ina measc Cuilteáil Obair Phaistí, Scríbhneoireacht Chruthaitheach, Ranganna Ealaíon agus Grúpaí Cniotála, a chasann ar a chéile gach seachtain.

Scáthlám Bhus

Ag eascairt ón gComhairliúchán le Fóram na Seanóirí, tugadh faoi athbhreithniú ar na Scáthlám Bhus reatha. Measadh nach raibh Dearadh na Scáthlám Bus reatha atá lonnaithe sa Chathair Aoisbháúil (bhí siad oscailte ar thaobh amháin agus bhí suíochán claonta iontu a bhí deacair le suí air). Tionóladh cruinniú leis an Stiúrthóir Seirbhísí (Bóithre) agus le Comhaltaí Fhóram na Seanóirí. Rinneadh gealltanais a chinntiú go ndearfar gach Scáthlám Bus nua lena chinntiú go bhfuil siad Aoisbháúil amach anseo. Rinneadh ceann de na Scáthlám Bhus reatha ar Bhóthar Urumhan a aisfheistiú leis an tréimhse agus suiteáladh suíochán aoisbháúil ann.

Bealaí Bus/Iompar Tuaithe

Tugadh faoi iniúchadh ar na seirbhísí reatha bus agus ar mhínicíocht na seirbhísí sa chathair agus sa chontae, ina measc Nascseirbhísí bus Fháinne A agus taispeánadh na torthaí ar léarscáil agus ullmhaíodh sceideal. Cuireadh an fhaisnéis seo i láthair an chomhaontais Aoisbhá agus tugadh cóip d'Fhóram na Seanóirí.

Trasrianta Coisithe

Rinneadh scrúdú ar uainiú trasrianta coisithe ag rinnt soilse tráchtála laistigh den Chathair ag na láithreacha a leanas:

- An Pharáid,
- Clós an Mhargaidh/Sráid na Parlaiminte,
- An Baile Gaelach, agus
- Acomhal Mhic Dhonncha

Cuireadh na hamanna i gcomparáid le Cód Trasrianta Ómra TILDA 2015. Deimhníodh sna torthaí tosaigh (Staidéar Fadaimseartha na hÉireann um Aosú) go bhfreastalóidh an tréimhse a bhíonn an solas ómra ar lasadh ar luas siúil níos moille.

Seirbhísí Dóiteáin

Thug an Príomhoifigeach Gníomhach Dóiteáin caint faoi shábháilteacht dóiteáin d'Fhóram na Seanóirí in Óstán Ormonde i Samhain agus beartaítear chun breis cainteanna a eagrú in 2016.



Comhairle na nÓg Chill Chainnigh:

Ba iad príomhghníomhaíochtaí na Comhairle in 2015:

- Rinneadh an Lá 'Rachaimid as ár Meabhair' ('Let's Go Mental') a reáchtáil Dé Sathairn, an 27 Meitheamh 2015, ag Cearnóg na Paráide, Cill Chainnigh. Bhí seo ar cheann de shraith 31 imeacht réigiúnach le haghaidh déagóirí chun meabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn tríd an gceol, an spórt, na healaíona agus trí ghníomhaíochtaí spráilúla eile. Bhí an t-ollrath air agus bhí freastal maith air i measc daoine óga ó áiteanna ar fud an chontae. Rinne Comhairle na nÓg idirchaidreamh le Rannóg Pleanála Chill Chainnigh a d'óstáil seisiún speisialta comhairliúcháin óige ar 'Fhís Láithreán na Grúdlainne' i bhFeabhra. Ba dhealraitheach go raibh an rath geal air seo agus bhí ionchur dearfach ag gach duine óga ann a d'fhreastail air. Ghlac líon de na daoine óga páirt i gcomhairliúchán breise ar Láithreán na Grúdlainne i mBealtaine.
- I gcaitheamh na tréimhse a fhad le Cruinniú Ginearálta Bliantúil na Comhairle i nDeireadh Fómhair, cuireadh ceithre cheardlann comhairliúcháin toghcheantair ar bun do dhaoine óga d'fhonn idirchaidreamh a dhéanamh le grúpa níos fairsinge de dhaoine óga ó áiteanna ar fud an chontae. Dhírigh ceardlanna an chomhairliúcháin ar shraith téamaí a bhí curtha ar an eolas ag spriocanna ardleibhéil an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail.
- Úsáideadh na torthaí ó na ceardlanna chun faisnéis a sholáthar don Phlean Áitiúil agus Eacnamaíochta Pobail agus do Straitéis Forbartha Áitiúla Chill Chainnigh arna hullmhú ag Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Chill Chainnigh. Leag na torthaí an bonn, chomh maith leis sin, faoin bplé ag CGB Chomhairle na nÓg, áit a ndearna daoine óga comhaontú ar na tosaíochtaí dá bPlean Gníomhaíochta 2016.



Forbairt Pobail Phort an Chalaidh

In Aibreán 2015, sheol Coiste Stiúrtha Phort an Chalaídh Chill Chainnigh Plean Straitéiseach Forbartha Pobail Phort an Chalaídh 2015-2020. Cuireadh an plean seo i dtoll a chéile i ndiaidh comhairliúchán fairsing, athbhreithniú a chríochnú ar an iar-straitéis agus próifíl dhéimeagrafach agus anailís riachtanas mhórchéantar Phort an Chalaídh a nuashonrú. Tá na gníomhartha tosaíochta sa straitéis bunaithe ar riachtanais áitiúla arna sainathint ag lucht cónaithe Phort an Chalaídh agus ar na soláthraithe seirbhíse agus na grúpaí pobail atá ag oibriú sa cheantar. Chomhchistigh Comhairle Contae Chill Chainnigh, ag oibriú i gcomhpháirt le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge forbairt an phlean seo. Tá an Coiste Stiúrtha ag oibriú anois ar chur i bhfeidhm na straitéise seo.

Tacaíochtaí Cuimsithe Shóisialta:

Bhí ar chumas na rannóige, i mbliana, chun tacaíochtaí a sholáthar trí thacaíochtaí císithe €6,300 a leithdháileadh ar chlár shonracha a sainathnóidh sa phlean soláthair seirbhíse; cistiú beag é seo a dhéanann difear mór do ghrúpaí agus do phobail.


Tionscadal	Cistiú
Féile agus Clár Oideachais Mhórtais na nDaoine Aeracha Chill Chainnigh	€1,100
Cumann Thionscnamh Cumasaithe Chill Chainnigh do Mhná Afracacha (KEIFAW) - clár ceardaíochta traidisiúnta	€1,000
Léiriú Sheirbhís um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar Bheatha Chill Chainnigh agus ar Leanaí Chill Chainnigh 2015	€2,000
Ionad Pobail Bhaile an Phoill	€500
Comhchoiste Ealaíon na mBan Ciorcail Oscailte - freastal ar imeacht Chomhairle Náisiúnta na mBan le haghaidh rannpháirtithe tionscadail	€200
Lá Idirnáisiúnta na mBan Clár agus costais chló an Choiste	€500
Nuálaithe Óga Sóisialta	€1,000

Seirbhísí Leabharlainne

Tá de chuspóir Sheirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh seirbhís ardchaighdeán inrochtana a sholáthar a chuireann feabhas ar bheatha phobail Chontae Chill Chainnigh. Déanann sí soláthar do riachtanais faisnéise, chultúrtha, oideachais, chaitheamh aimsire agus foghlama daoine ar fud an ghréasáin bhrainsí leabharlainne i gCallainn, Caisleán an Chomair, Áth na nUrlainn, Cathair Chill Chainnigh, Gráig na Manach, an Loch Buí, Port an Chalaídh

agus Baile Mhic Andáin. Tacaíonn feidhmeanna riaracháin cheanncheathrú na leabharlainne leis seo, agus soláthraítear sa cheanncheathrú Staidéar Áitiúil, seirbhís leabharlainne scoile agus seirbhís leabharlainne taistil.

Úsáideann breis agus 12,000 comhalta an tseirbhís:



Leabharlann Carnegie

Bonneagar

Áiteanna rannpháirtíochta sibhialta iad ár leabharlanna poiblí agus chuige sin, táimid meáite i gcónaí chun ár spásanna a athdhearadh chun freastal ar riachtanais an phobail. Tugadh réimse córas atá éifeachtúil i dtaobh fuinnimh isteach ar fud an ghréasáin agus áirítear leis sin córais soilsithe ag Áth na nUrlainn agus an Loch Buí agus oibreacha suiteála ag leabharlann Áth na nUrlainn. Tugadh faoi na feabhsúcháin seo mar chuid den Scéim Deontais Pobail Fuinnimh Níos Fearr. Forbraíodh réimse beart dearfach ar fud ghréasán na mbrainsí le comhlíonadh an Achta um Míchumas, 2005 a chinntiú.

Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide: de réir mar a dhéantar an teicneolaíocht a chomhtháthú níos mó isteach sa saol laethúil, téann an méid a mbíonn custaiméirí ag súil lena fháil óna leabharlann poiblí i méid, chomh maith. Cuid lárnach iad an teicneolaíocht agus an fhorbairt de sheirbhísí leabharlainne. Cuireadh 27,628 seisiún poiblí idirlín ar bun in 2015.

Caitheann Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh le www.kilkennylibrary.ie mar phointe seirbhíse eile a sholáthraíonn rochtain ar iliomad seirbhísí agus faisnéise, 24 uair an chloig sa lá, 7 lá sa tseachtain.

An líon Cuiarteanna ar an Láithreán Gréasáin - 1,900 sa mhí. Tír bhunaidh - Éire, an Ríocht Aontaithe, SAM, an Astráil. Próifíl aoise na bpríomhúsáideoirí - idir 25 agus 34 bliain d'aois. Úsáid Ríomhsheirbhísí - Britannica - 426 seisiún; Naxos Music - 209 seisiún; Foghlaim Teanga - 398 seisiún; Ríomhírísí - 1,228 íoslódáil; closábhar - 1,375 íoslódáil. Tá rochtain anois againn ar WIFI i gceithre cinn dár bpointí seirbhíse agus tugann an úsáid le fios cheana féin (2,726 seisiún in 2015) gur seirbhís í seo a bhfuil an-tóir uirthi agus atá á lorg ag go leor daoine.

Chomh maith leis sin, chomhlíon na Meáin Shóisialta ról dearfach i gcur chun seirbhísí agus imeachtaí leabharlainne agus i rochtain a fháil orthu i gcaitheamh na bliana, anuas ar ardán a sholáthar d'idirghníomhú ar an toirt agus reatha leis an bpobal sa bhaile agus thar lear araon.



Imeachtaí agus Cláir 2015

I gcaitheamh na bliana, lean an leabharlann le réimse leathan de chláir nuálacha agus éagsúla a chur ar fáil. Ina measc seo, bhí an méid a leanas:-

- Oíche Chultúir
- Seachtain Náisiúnta na hEolaíochta
- Ranganna Ríomhaire
- Grúpaí Léitheoireachta
- Grúpaí Scríbhneoireachta
- An tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta
- An Fhéile Náisiúnta Leabhar do Leanaí
- Clinicí Comhairleacha Gnó OFÁ
- Imeachtaí na Nollag
- Ciorcail Foghlama Fraincise agus Gaeilge
- Taispeántais agus Cuiarteanna ag Údair
- An Príomhimeacht agus an tImeacht Tánaisteach 'Savour Kilkenny'
- Cumainn Staire Áitiúla, ceardlanna Scríbhneoireachta Cruthaithí agus Drámaíochta

Soláthraíonn Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh nach mór rochtain gan teorainn ar rogha fhairsing ábhar i roinnt seánraí agus formáidí ar leith. Faoi

láthair, cuimsítear sa bhailiúchán 240,728 earra agus b'ionann méid na n-earraí a eisíodh in 2015 agus 303,440 earra. Compháirtíochtaí agus Comhoibriú: D'oibrigh Seirbhís Leabharlainne Chontae Chill Chainnigh go comhoibritheach le réimse eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta a ligeann don leabharlann í féin a chur chun cinn mar spás luachmhar pobail a dhéanann idirchaidreamh gníomhach leis an bpobal. Leanfaimid leis an gcur chuige comhoibritheach seo i leith soláthar seirbhíse lena chinntiú go gcaitear leis an leabharlann mar spás sóisialta agus ilúsáideach do gach duine.

Na Daoine a nOibrímid leo



Staidéar Áitiúil agus Cartlanna

Is é ról na Rannóige Staidéir Áitiúil chun rochtain saor in aisce a thabhairt ar fhoinsí a bhaineann leis an stair, an cultúr agus an ginealas. Chomh maith leis sin, soláthraítear treoir agus comhairle maidir le foinsí agus modheolaíochtaí taighde maidir le ginealas agus baineann 80% de na ceisteanna leis an limistéar seo. Tá 127 comhalta cláraithe ann agus eisíodh 1,631 earra in 2015.

Tá saoráid Chartlann na bPáipéar Nuachtán Éireannach ar fáil anois ar fud an líonra agus cruthaíonn sí foinsé thábhachtach faisnéise do mhic léinn, taighdeoirí agus staraithé áitiúla.

I measc na ngníomhaíochtaí for-rochtana bhí cuiarteanna ó dhaltaí agus ó theagascóirí ón Músaem Míleata i mBeairic James Stephens, agus ó réimse de bhunscoileanna agus meánscoileanna. Anuas air sin, leanamar le cuiarteanna ranga a thabhairt ar Bhunleibhéal agus ar Mheánleibhéal agus béim ar fhoinsí 1916.

Cuireadh 2 thaispeántas ar bun mar chuid den tSeachtain Oidhreachta

- Manaigh Ghráig na Manach - i gcomhoibriú le Leabharlann agus Pobal Áitiúil Ghráig na Manach
- Príosún Bridewell i mBaile Mhic Andáin i gcomhoibriú leis an Rannóg Tithíochta.

Bíonn an Rannóg i mbun comhoibriú leanúnach leis an Rannóg Oidhreachta, agus soláthraíonn sí foinsí agus ionchur stairiúil, chomh maith leis sin, do Choiste Comórtha 1916.

Chomh maith leis sin, tá 20,612 earra i mbailiúchán an stóir ina bhfuil réimse ábhar, ina measc ábhair ar díol spéise Éireannaí iad anuas ar neamhfhicsean agus ficsean, foilseacháin oifigiúla, taifid Bhord na gCaomhnóirí agus Leabhair Thuairiscí an Ard-Ghiúiré.

Is tábhachtach an bhéim a leagan ar thábhacht an bhailiúcháin seo agus ar an tseirbhís mar chuid luachmhar agus rithábhachtach de sheirbhís fhoriomlán na leabharlainne. Taifead fíor-thábhachtach d'oidhrecht agus de chomh-chuimhne an chontae atá ann.



Leanaí, Litearthacht, agus Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh:

Léigh 645 leabhair, ar a laghad, 6,450 leabhar i gcaitheamh Iúil agus Lúnasa ar fud Sheirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh mar chuid de Spraoi Léitheoireachta an tSamhraidh.

Cuireadh tráthnóna ceiliúrtha ar bun ag deireadh an imeachta in Amharclann Gheata an Uisce do na leanaí go léir agus a dtuismitheoirí. Ba bhealach simplí agus costéifeachtúil é chun scileanna léitheoireachta a spreagadh agus scileanna litearthachta a fheabhsú i measc leanaí. I measc go leor leanaí, ba mhínic gurbh é an chéad bhlaiseadh a fuair siad de na hacmhainní saor in aisce is fearr dá bhfuil ar fáil atá suite ar leac a ndoirse – a leabharlann áitiúil.

Cathair Chill Chainnigh

- Grúpa Comhrá Francise
- Comórtas Leabhar Edible do mheánscoileanna mar chuid d'Fhéile Bhia Savour Kilkenny
- Críochnaíodh clár cuairteanna ranga le 200 dalta ó Scoil Shóisearach Naomh Eoin
- Oíche Chultúir – seinneadh ceol Congólach a eagraíodh i gcomhpháirtíocht le Alliance Française
- Sraith Scríbhneoireachta Cruthaithí leis an scríbhneoir Ken Bourke agus le Rang a Ceathair ó Scoil Shinsearach Naomh Eoin mar chuid dá dtionscnamh 'Leabhar Amháin, Pobal Amháin'.

An Loch Buí

- Seoladh an chéad eagrán de “Writing News” le Grúpa Scríbhneoirí Leabharlann an Locha Bhuí.
- Tugadh “leideanna teicneolaíochtaí do dhaoine scothaosta” isteach i gcomhar le Meánscoile na Toirbhirte, an Loch Buí.
- Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh – an bhliain ba rathúla a bhí againn go dtí seo. Léigh 190 1,900 leabhar, ar an iomlán.
- Infheistíodh Cistiú Fhoras na Gaeilge i gclub leabhar agus thug údair a labhair an Ghaeilge cuairt.
- Imeacht Oíche Chultúir ina raibh damhsa, ceol agus amhráin ó chomhaltaí Chomhaltas Ceoltóirí Éireann.

Leabharlann Phort an Chalaigh

- Fáilte Isteach – Ranganna Comhrá Béarla i gcomhpháirtíocht le Comhpháirtíocht LEADER Chill Chainnigh
- Cabhair Obair Bhaile do Thuismitheoirí – faoi stiúir teagascóra, i gcomhpháirtíocht le Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) Chill Chainnigh-Cheatharlach
- Clár na hIdirbhliana le daltaí Choláiste Pobail na Mainistreach, Port an Chalaigh
- Ranganna ríomhaire Aoisghníomhaíochtaí do dhaoine os cionn 55 bliain d'aois
- 246 cuairt ranga, 149 ceardlann agus caint, 47 seisiún rang ríomhaire

Leabharlann Áth na nUrlainn

- Ranganna Ríomhaire
- Gearscannán ‘Cartoon Saloon’ agus ranganna líníochta
- Rang aireachais
- Cuairt ag údar
- Ceardaíocht do Dhaoine Fásta agus do Leanaí d’Oíche Shamhna agus don Nollaig

Leabharlann Challainn

- Caint faoi Aireachas
- Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh do leanaí
- Cuairt ag Iontaobhas Madraí
- Comórtas dathaithe do leanaí agus comórtas maisithe Nollag na leabharlainne.

Gráig na Manach

- Scéalta Traidisiúnta na Nollag le Jim Maher
- Ceardlann Bheochana ‘Cartoon Saloon’
- Clinic Comhairleach Gnó Fiontair Áitiúil
- “From bugle call to tolling bell: Graiguenamanagh’s Great War” leis an gCainteoir, an Captaen Larry Scannal ó Bheairic James Stephens ag Cumann Staire Ghráig na Manach
- Cruinnithe an ghrúpa ‘Crafty Crew’

Leabharlann Chaisleán an Chomair

- An tÍmeacht de chuid Bealtaine: “The life and times of Percy French” le The Castlecomer Minstrels
- Ceardlanna Beochana Shapeshifters le Cartoon Saloon
- Seachtain na hEolaíochta: Ceardlanna Lego Mótair
- Dúshlán na Sé Leabhar – Ionad Deenview (SOS). Ghlac ochtar páirt ann i gcaitheamh roinnt míonna.
- „Taking Stock” de chuid Aoisghníomhaíochta – cúrsa do dhaoine os cionn 55 bliain d’aois.

Leabharlann Bhaile Mhic Andáin

- Ranganna Filíochta le Rita Kelly
- Ceardlann de chuid Cartoon Salon – Ceardlanna dearaidh carachtair Ilchruthaigh
- Caint faoi ‘The Bridewell’ i mBaile Mhic Andáin le linn na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta
- Caint faoi aireachas le Mary Kavanagh
- Draíocht scanrúil le Ann Moylan.

Oidhreacht

Kilkenny County Councils Heritage Office provides a Soláthraíonn Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae Chill Chainnigh seirbhís ghairmiúil oidhreachta ar fud na cathrach agus an chontae. Áirítear leis seo comhairle agus faisnéis a sholáthar ar shaincheisteanna oidhreachta; beartais agus tosaíochtaí le haghaidh sainathint, cosaint, caomhnú agus feabhsú oidhreachta Chill Chainnigh a fhorbairt; sonraí oidhreachta a bhailiú agus a chur i dtoll a chéile agus feachtas agus oideachas oidhreachta a chur chun cinn ar fud an chontae. Príomhchuspóir is ea oibriú le Fóram Oidhreachta Chill Chainnigh maidir le réiteach agus cur i bhfeidhm an Phlean Oidhreachta Contae agus an Phlean Bithéagsúlachta Contae.

Plean Oidhreachta Chontae Chill Chainnigh

Bhronn an Chomhairle Oidhreachta €27,000 ar Oifig Oidhreachta na Comhairle chun tionscadail Phlean Oidhreachta Chill Chainnigh a chur i bhfeidhm, faoi Clár Deontas an Phlean Oidhreachta Contae.

Seoladh láithreán gréasáin nua oidhreachta Chill Chainnigh

Seoladh láithreán gréasáin nua atá tiomnaithe d’oidhreachta Chill Chainnigh, www.kilkennyheritage.ie, ag cruinniú Chomhairle Contae Chill Chainnigh an Aibreán 2015. Déanann an Oifig Oidhreachta cothabháil ar an láithreán agus tá pleananna



ann chun ceangail a thabhairt isteach leis na meáin shóisialta in 2016.

Túr an Talbhóidigh: Gréasán Bailte Múrtha na hÉireann

Rinne an Chomhairle iarratas rathúil ar dheontas le Gréasán Bailte Múrtha na hÉireann agus bronnadh €4,500 uirthi i dtreo comharthaíocht léirmhínteach. B'éard a bhain leis seo ná 7 bpainéal léirmhínteach a thógáil ag Túr an Talbhóidigh, a insíonn an scéal an Túir a tógadh sa 13ú haois agus an gréasán ballaí meánaoiseacha timpeall ar Chathair Chill Chainnigh. Cuirfear na painéil in airde ar an láithreán go luath in 2016.

Clár Deontas na Comhairle Oidhreachta i gCill Chainnigh

Bronnadh €15,500 i ndeontais oidhreachta ar an gComhairle Oidhreachta ar sheacht dtionscnamh oidhreachta i gContae Chill Chainnigh in 2015. Bronnadh cistiú ar Chumann Seandálaíochta Chill Chainnigh, Kilkenny Archives Ltd., Aontas Paróistí Cheanannais, Cumann Staire Ghráig na Manach, Grúpa Seanreilige Achadh úr, Cólín Ó Drisceoil agus Forbairt Pobail Thulchacht Teoranta.

Iniúchadh ar Chuimhneacháin Chathartha, Plaiceanna agus Comharthaí

Choimisiúnaíodh iniúchadh ar phlaiceanna, cuimhneacháin agus comharthaí tábhachtacha i gContae Chill Chainnigh leis an gcuid seo dár n-oidhreachta chultúrtha, ar minic go dtugtar neamhaird air, a shainathint agus a chur i dtaifead. Rinneadh os cionn 300 plaic, cuimhneachán agus comhartha i measc 61 baile agus sráidbhaile a chur i dtaifead agus a léarscáiliú, agus déanfar iad a uaslódáil ar chóras faisnéise geolaí (GIS) na Comhairle Contae. Ba iad na príomhshaghsanna de phlaiceanna agus de chuimhneacháin plaiceanna tiomnaithe; imeachtaí stairiúla, plaiceanna tábhachtacha sráide; cuimhneacháin phearsanta; áiteanna speisialta nó naofa; tagarmharcanna Suirbhéireachta Ordanáis.

Nuair a chuirtear san áireamh an tsuim a léirigh an pobal sa tionscadal, rinneadh an cinneadh, i ndiaidh an suirbhé a dhéanamh, chun 3,000 cóip den fhéilire “Kilkenny Signs and Stories” a chur i dtoll a chéile agus a scaipeadh agus sonraí á n-úsáid a bailíodh san iniúchadh. Chomhchistigh an Chomhairle Oidhreachta an tionscadal faoi Chlár an Phlean Oidhreachta Contae.

Tionscadal Taifeadta Ainmneacha Páirce Chill Chainnigh

Coimisiúnaíodh Alan Counihan chun Tionscadal Ainmneacha Páirce Chill Chainnigh a chomhordú. Bhí an méid a leanas i gceist leis seo: os cionn 1,000 ainm páirce in 25 baile fearainn a chur i dtaifead; a sholáthraíonn oiliúint agus tacaíocht d’oibríthe deonacha i gCaisleán an Chomair, Conachadh,

Achadh Úr, Inis Tíog, Lios Dúnaígh agus sa Droichead NUa; agus do mhúinteoirí dhaltaí idirbhliana Choláiste Mhuire i mBaile Sheáin; taispeántais a eagrú faoin tionscadal don tSeachtain Oidhreachta, i Leabharlann Chaisleán an Chomair; Ionad Dara sa Droichead Nua; Ionad Pobail Abhainn Rí in Inis Tíog; anailís a dhéanamh ar gach ceann de na 6,000 ainm páirce a bailíodh go dtí seo agus aistriúchán a dhéanamh ar ainmneacha páirce Gaeilge.

Chomhchistigh an Chomhairle Oidhreachta an tionscadal faoi Chlár an Phlean Oidhreachta Contae.



Páirc an Chaisleáin, Cúirt an Chantualaigh

Oideachas Oidhreachta

Thug an Oifig Oidhreachta faoi roinnt tionscadail oideachais oidhreachta i gcomhpháirtíocht le hIonad Oideachais Chill Chainnigh agus Coiste Cúram Leanaí Chontae Chill Chainnigh. Ina measc seo, bhí an méid a leanas:

Bithéagsúlacht i gClós do Scoile

Coimisiúnaíodh “An Bhithéagsúlacht i Scoileanna” chun oiliúint bithéagsúlachta agus Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a sholáthar do mhúinteoirí i 7 mbunscoil idir Meán Fómhair agus Nollaig. Ba é cuspóir an tionscadail chun an mhuinín agus na scileanna a thabhairt do mhúinteoirí chun na hacmhainní bithéagsúlachta a úsáid atá ina gclós scoile nó ar thalamh ina aice mar sheomra ranga chun an bhithéagsúlacht agus an oidhreacht nádúrtha a mhúineadh do dhaltaí. I measc na seacht scoil, bhí baint dhíreach ag thart ar 316 dalta, anuas ar na múinteoirí, sna laethanta oiliúna. Ba iad na scoileanna; Scoil Náisiúnta Áth na nUrlainn; Scoil Náisiúnta Lios an Dúnaígh; Scoil Naomh Lachtain, Achadh Úr; Scoil Náisiúnta Naomh Seanán; Cill Mhic Bhúith; Scoil an Spioraid Naofa; Scoil Náisiúnta Naomh Aodán, Cill Mhanach.

Oiliúint do Mhúinteoirí Bithéagsúlachta

I gcomhpháirt le hIonad Oideachais Chill Chainnigh, coimisiúnaíodh “An Bhithéagsúlacht i Scoileanna” chun tabhairt faoi chúrsa oiliúna bithéagsúlachta le grúpa múinteoirí bunscoile, cleachtóirí cúram leanaí agus teagascóirí ón Scéim Oidhreachta i Scoileanna an 28 Aibreán in Ionad Oideachais Chill Chainnigh. Bhí an seisiún mar chuid de chlár ina raibh dhá chuid a bhí in ainm is cabhrú le rannpháirtithe tabhairt faoi ghníomhartha chun an bhithéagsúlacht a mhúineadh ar feadh gach séasúr den bhliain.



Oiliúint Foraoise do Scoileanna

I gcomhpháirt leis an gCoiste Cúram Leanaí Contae, cuireadh Seisiún Píolótach Oiliúna Foraoise do Scoileanna ar bun do Chleachtóirí Luathbhlianta ag Ionad Cúram Leanaí Oasis in Achadh Úr an 9 Bealtaine. Thit an oiliúint amach i gCoill an Bhrúnaigh agus bhí sí ceangailte le Aistear, an creat náisiúnta curaclaim do leanaí réamhscoile.



Dánta “M’Oidhreacht” a cuireadh i dtaifead don raidió

Rinneadh taifeadadh ar 28 leanbh bunscoile agus a ndánta “M’Oidhreacht” á léamh acu, i gcomhpháirt le hIonad Oideachais Chill Chainnigh agus le BEAT FM. Seo an dara céim den tionscadal faoinar tugadh in 2014. Craolfar na dánta ar BEAT FM go luath in 2016.





Eimear Davis ó Scoil Náisiúnta Naomh Lachtain, lena dán “Wonderful Water”

Tacaíocht do Bhailte Slachtmhara

Coimisiúnaíodh triúr éiceolaithe chun oiliúint bithéagsúlachta agus Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a sholáthar do thrí choiste Bailte Slachtmhara (Inis Tíog, Baile Mhic Andáin, Áth Stúin) i gcomhpháirt le hOifigeach Feasachta Comhshaoil. Is é an cuspóir atá leis seo ná tacú le coistí Bailte Slachtmhara chun dul i gcleic le gné “Fiadhúlra, Gnáthóga agus Áise Nádúrtha” chomórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara.



Lá Saor Chill Chainnigh

D’urraigh an Chomhairle lá de théama meánaoiseach, ina ndearnadh aithris mheánaoiseach agus turais threoraithe, ag Teach Rothe, ar mhaithe le Lá Saor Chill Chainnigh, an 10 Deireadh Fómhair. Ar Lá Saor Chill Chainnigh, a bhíonn ar siúl i gcomhthráth le Féile Naomh Cainneach, Éarlamh Chill Chainnigh, déanann foirgnimh agus nithe is díol spéise ar fud na Cathrach agus an Chontae a dturais threoraithe agus a ngníomhaíochtaí a chur ar fáil saor in aisce i gcaitheamh an lae.



Comharthaíocht Léirmhínteach Chaisleán na Greanaí

Cuireadh 3 chomhartha léirmhínteacha oidhreachta i dtoll a chéile le haghaidh limistéar conláiste Chaisleán na Greanaí, a insíonn scéal lonnaíochta an cheantair agus an saol sa chaisleán meánaoiseach ar bhruacha na Siúire. Cuirfear na comharthaí in airde in 2016.



Beartas Oidhreachta

Rinneadh aighneacht a chomhordú, thar ceann na Comhairle, le Cultúr 2025 (plécháipéis a chuireann an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta i dtoll a chéile chun eolas a thabhairt do Straitéis Náisiúnta Chultúrtha nua a bheartaítear).

Ullmhaíodh aighneacht do Chomhairle Contae Chill Chainnigh ar ghnéithe oidhreachta athrú beartaithe theorainn an chontae le Port Láirge - go háirithe an méid a chuireann an oidhrecht le féiniúlacht agus le comhtháthú sóisialta an chontae.



I gcomhpháirt leis an ÚBN, d’eagraigh agus chomhchistigh an Oifig Oidhreachta lá athaithrise Rómhánaí don teaghlach a sholáthair Cumann Míleata Rómhánach na hÉireann ag Óstán Ráth an Lígh. Áiríodh leis seo pearsanra agus éadaí Rómhánacha á gcaitheamh acu agus taispeántais d’uirlisí, airm agus bia Rómhánach. Chuir an Dr Jacqueline Cahill Wilson agus Cóilín Ó Drisceoil cainteanna ar bun ar théama na Rómhánach in Éirinn agus i gCill Chainnigh.



Chistigh an Chomhairle ceardlann seandálaíochta do Leanaí dar teideal “Airm Scriosta Mheánaiseacha”, a bhí á reáchtáil ag ‘Dig it Kids’ ag Teach Rothe. Bhí 4 sheisiún ceardlainne ar bun i rith an lae, a bhí dírithe ar leanaí idir 6 agus 12 bhliain d’aois. Ba é an téama “Stair mheánaiseach Chill Chainnigh a fhiosrú trí armra na linne”.



Chomhchistigh an Chomhairle 2 chomhartha léirmhínteacha ag Grúpa Reilige Naomh Lachtain, a seoladh i rith na Seachtaine Oidhreachta. B'éard a bhí i gceist leis na comharthaí ná painéal léirmhínteach de stíl léachtáin ar a bhfuil léarscáil den reilig agus plaic chomhchruinn d'iarainn teilgte ar an mballa taobh amuigh i Reilig Naomh Lachtain ar a bhfuil ainm na reilige agus an dáta.

Na hEalaíona

Tá traidisiún fairsing, clúiteach agus bríomhar ag Cathair agus Contae Chill Chainnigh laistigh de na healaíona, tá oidhreacht shaibhir agus éagsúil chultúrtha agus cheardaíochta againn, anuas ar iliomad féilte. Agus is cuid lárnach é an traidisiún seo d'fhorbairt chultúrtha, turasóireachta agus gheilleagrach na cathrach agus an chontae.

Léirítear i gclár Oifig Ealaíon na Comhairle é seo sa tacaíocht a thugtar do na healaíona i measc na ndisciplíní go léir agus i measc gach gné den phobal, idir chleachtóirí agus an lucht féachana, agus sna seirbhísí forbartha gairmiúla a sholáthraíonn siad do chleachtóirí.

Léargas Ginearálta ar an Oifig Ealaíon

Oibríonn Oifig Ealaíon na Comhairle chun gníomhaíocht ealaíonta ar fud na cathrach agus an chontae a fhorbairt, a chomhordú, a spreagadh, a mhúscailt agus a threisiú. Cuirimid na healaíona chun cinn mar ghníomhaíocht fhiúntach do chách, agus soláthraímid comhairle agus tacaíocht do ghrúpaí agus do dhaoine aonair.

Oibrímid chun staid Chill Chainnigh a bhreistreisiú mar lárionad sármhaitheasa do na healaíona agus le timpeallacht ealaíon atá rathúil agus faoi bhláth a chinntiú laistigh den réigiún.

An Pobal agus Oideachas

Clár spráitíil is ea Siamsa atá dírithe ar leanaí idir 5 agus 12 bhliain d’aois a thacaíonn le leanaí chun scileanna cruthaitheacha éagsúla a fhorbairt, trí cheardlanna agus ábhair ar nós oragámaí, múnúl cré, agus ealaín Lego á n-úsáid, anuas ar obair theicstílí. In 2015, cuireadh na leanaí in aithne d’údair agus do mhaisitheoirí nua, a rinne plé ar threolaíocht agus ar thaisteal fad a chruthaigh siad scéalta, carachtair agus leabhair nua.



Litríocht

Tá tiomantas tréan ag Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chill Chainnigh i dtaobh forbairtí liteartha a sholáthar.

In 2015, thacaigh an Oifig Ealaíon le forbairt ghairmiúil leanúnach scríbhneoirí i gCill Chainnigh trí cheardlanna ísealchostais nó saor in aisce a sholáthar do dhaoine fásta agus do dhéagóirí, Scéimeanna Sparántachta a bhronnadh agus trí ardán a thabhairt do scríbhneoirí chun a saothar a thaispeáint (Broadsheet 15 & Rhymerag.net). Chomh maith leis sin, sholáthraíomar Scríbhneoirí Cónaithe i scoileanna áitiúla agus san earnáil óige, agus bhain gach ceann díobh torthaí dearfacha agus an-éifeachtacha amach.



Mórbhileog 15

Bhí gliondar croí orainn, arís eile, chun an cúigiú heagrán déag de Mórbhileog Filíochta Chill Chainnigh, ar a bhfuil an-tóir, a chur i dtoll a chéile. Tugtar ardán sa Mórbhileog do scríbhneoirí áitiúla dá saothar. Seoladh seachtó a hocht dán ar aghaidh chugainn agus roghnaigh an tEagarthóir, Tony Curtis, trí dhán déag. Rinne an t-ealaíontóir, Ale Mercado, an Mórbhileog a mhaisiú. Tá fáil ar chóipeanna d'Eagrán 15 de Mórbhileog Filíochta Chill Chainnigh saor in aisce ón Oifig Ealaíon agus ó leabharlanna ar fud an chontae.

Thugamar faoi mheasúnú i mbliana ar an Mórbhileog le pobal scríbhneoireachta Chill Chainnigh agus tá scrúdú á dhéanamh againn ar an aiseolas chun na chéad chéimeanna eile le haghaidh Mórbhileog 16 a phleanáil.

Rhyme Rag

Irisleabhar filíochta ar líne do dhéagóirí atá in Rhyme Rag a d'eascair as tionscadal foilsithe filíochta ar cuireadh tús leis in 2005. Déanann Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chill Chainnigh an tionscadal a chur i dtoll a chéile agus a bhainistiú agus tá sé ag dul ó neart go neart. Tugann eagarthóir gairmiúil aiseolas pearsanta do dhaoine óga a seolann a scríbhneoireacht ar aghaidh, gan aird ar cé acu an bhfoilsítear nó nach bhfoilsítear a ndán.

Roghnaítear dhá dhán gach mí lena bhfoilsíú ar líne agus déanann an t-ealaíontóir áitiúil, Ale Mercado maisiú gairmiúil orthu. Chuireamar fáilte i mbliana roimh ár n-eagarthóir nua, Kathy D'Arcy, bheith inár dteannta.

ÆVERSE

Cuireann ceardlanna agus cónaitheacht filíochta scoile agus leabharlainne a ghabhann faoi theideal ÆVERSE le Ryhme Rag. D'fhorbairt Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chill Chainnigh ÆVERSE chun príomhthionscadal a dhéanamh de chun cur le hathsheoladh Rhyme Rag. Cuireann sé ar chumas na hOifige Ealaíon chun éalú agus tacaíocht láithreach a chur ar fáil do dhaoine óga ar spéis leo filíocht a chumadh. Léiríonn an fhreagairt ó dhaoine óga le deich mbliana anuas go rabhamar ag dul i ngleic le riachtanas soiléir inar féidir leo a saothar a scríobh agus a fhoilsiú.

Comharghrúpa Ealaíona Pobail Ciorcail Oscailte

Tá Comharghrúpa Ealaíona Pobail Ciorcail Oscailte i mbun feidhmiú le trí bliana anuas. Is iad na cuspóirí don Chiorcail Oscailte go fóill: an úsáid a bhaintear as spás pobail an tionscadail a éagsúlú agus a uasmhéadú, chun rannpháirtíocht, neamhspleáchas agus inmharthanacht a mhéadú agus chun grúpaí agus gníomhaíochtaí nua a fhorbairt.

In 2015, d'fhorbair Ciorcail Oscailte comhpháirtíochtaí le stiúideoonna Blackstack Print agus le Dánlann Náisiúnta Cheardaíochta na hÉireann. Chuir cistiú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (an BOO) ar chumas an Chiorcail Oscailte chun cur le hacmhainní tionscadail trí fhorbairt scileanna nua do chomhaltaí a chistiú, a chuir deiseanna ar fáil chun acmhainní gairmiúla ealaíon atá sa phobal cheana féin a rochtain. Thug an Ciorcail Oscailte an Oíche Chultúir chun suntais trí imeacht a chur ar bun inar éascaigh comhaltaí an pobal le ceardlann chlódóireachta 'buail isteach'. D'éirigh linn féin-inmharthanacht a fhiosrú nuair a rinne agus a dhíol comhaltaí, idir sheanchomhaltaí agus nuachomhaltaí, saothair ealaíne agus cheardaíochta i rith Fhéile Ealaíon Chill Chainnigh.

ArtLinks

Seo clár comhpháirtíochta idir Comhairle Contae Chill Chainnigh, Cheatharlach, Loch Garman agus Phort Láirge. Agus arís eile, cuireadh clár ardchaighdeán agus inrochtana Forbartha Gairmiúla Ealaíon ar fáil do chleachtóirí i measc na ndisciplíní go léir. Trí Chlár Meantóireachta Artlinks, fuair seacht nduine aonair de bhunadh Chill Chainnigh deis mheantóireachta le healaíontóir gairmiúil ina limistéir faoi seach. Bronnadh sparántachtaí ar naonúr ealaíontóirí sa bhreis air sin atá bunaithe i gCill Chainnigh chun cabhrú lena gcleachtas ealaíonta i limistéir an cheoil, na n-amharc-ealaíona, na hamharclannaíochta, an damhsa agus na n-ealaíona pobail agus bronnadh sé Dhámhachtain Mheantóireachta sa litríocht, sna hamharc-ealaíona agus san amharclannaíocht.

I mbliana, cuireadh Caifé ArtLinks ar siúl ag VISUAL Cheatharlach i gcomhpháirt le VAI. B'éard a bhí i gceist leis ná sraith cur i láthair gearr ag ochtar ealaíontóirí, a raibh beirt díobh ó gach ceann de na contaetha a leanas: Ceatharlach, Cill Chainnigh, Port Láirge agus Loch Garman. Tugadh cistiú dóibh in 2015 mar chuid de scéim sparántachta ArtLinks le haghaidh tionscadail sonracha.



Ealaín Phoiblí

Glacadh le chéad Bheartas Ealaíne Poiblí Chomhairle Contae Chill Chainnigh in 2015. Tá an beartas ar aon dul leis na Treoirí Náisiúnta maidir le hEalaín Phoiblí agus leagtar amach ann na prionsabail agus na struchtúir faoina gcoimisiúnófar agus faoina mbainisteofar ealaín poiblí. Leagfar amach sa bheartas na próis a mholtar chun tionscadail nua ealaíne poiblí a choimisiúnú, ina measc na prionsabail dea-chleachtais i limistéir choimisiúnaithe pleanála, roghnú tionscadal, conarthaí ealaíontóirí, buiséadú etc.

Deontais, Dámhachtainí agus Sparántachtaí

Bhain roinnt grúpaí agus tionscadal cistiú amach tríd an gComhairle. Ina measc seo, tá Deontais faoin Acht Ealaíon, a bhfuil de chuspóir acu cúnaimh airgeadais a sholáthar do ghrúpaí agus do dhaoine aonair bunaithe i gCill Chainnigh ar mhaithe le spéis poiblí a mhúscailt sna healaíona, eolas, léirtheascint agus cleachtais na n-ealaíon a chur chun cinn nó caighdeán sna healaíona a fheabhsú; sparántacht Tyrone Guthrie, ag a bhfuil de chuspóir idir chúnaimh agus spreagadh a thabhairt do chleachtóirí bunaithe agus iad siúd atá ag teacht chun cinn, chun deis a thabhairt dóibh chun oibriú go dian dícheallach ar 'tionscadal' i measc daoine eile i dtimpeallacht an-uathúil; sparántacht an Tí Scéalaíochta (Story House), a bhfuil de chuspóir aici tacú le forbairt ghairmiúil

scríbhneoirí atá bunaithe i gCill Chainnigh. Thacaigh Oifig na nEalaíon, arís eile, le Compántas Amharclannaíochta Barnstorm, Dánlann de Buitléir, Stiúideo Blackstack, Amharclann Gheata an Uisce agus chistigh an oifig Tionscadal na Grúdlainne agus an taispeántas 'Still We Work'.

Tairiscint “An Triúr Deirfúracha” le haghaidh Phríomhchathair Chultúir na hEorpa

In 2020, beidh Príomhchathair Chultúir na hEorpa (PCCE) á hóstáil ag Éirinn. Tá seo ar cheann de na himeachtaí cultúrtha is tábhachtaí san Eoraip agus cabhraíonn sé le cathracha agus le réigiúin a bheith infheicthe ar léarscáil na hEorpa.

I gcur chuige uathúil réigiúnach, tá Contae Chill Chainnigh, Phort Láirge agus Loch Garman tagtha le chéile mar “an Triúr Deirfúracha” chun cur isteach ar theideal PCCE in 2020. I Samhain 2015, d'éirigh leis an Triúr Deirfúracha Céim 1 den chomórtas seo a chríochnú ag Caisleán Bhaile Átha Cliath. Táimid anois i gCéim 2, ina bhfuil Leabhar Tairisceana le hullmhú, lena n-áirítear Straitéis Chultúrtha Réigiúnach agus Clár Cultúrtha. Is éard a bheidh mar chríoch ar Chéim 2 ná go dtabharfaidh giúiré Eorpach cuairt in Iúil i mbliana. Fógrófar buaiteoir an phróis tairisceana an 15 Iúil 2016.

Marfadh ainmniúchán an PCCE ar feadh bliain amháin, agus eagróidh an réigiún sraith imeachtaí cultúrtha lena linn sin ag a bhfuil toise láidir Eorpach.

Tá foireann an Triúir Dheirfúracha, ina bhfuil na trí údarás áitiúla, ag oibriú le pobail agus grúpaí áitiúla, ealaíontóirí, taibheoirí agus le hionaid a chui Tairiscint bhuaiteach le chéile, a thaispeánann scoth an mhéid a chuireann ár trí chontae ar fáil do chuireoirí agus do dhaoine áitiúla araon. Chruthódh an PCCE a óstáil inár réigiún deis iontach do na daoine a chónaíonn anseo chun an chuid eile den Eoraip a chur ar an eolas faoinár gcultúr agus faoinár stíl mhaireachtála; an ceol, an spórt, na healaíona, an oidhreacht agus na rudaí uile siúd a bhfuilimid bródúil astu ina measc; agus, i gcomhthráth, níos mó a fhoghlaim faoi chultúr na dtíortha máguaird. Is í aidhm an PCCE chun béim a leagan ar shaibhreas agus éagsúlacht anuas ar ghnéith coiteanna cultúrtha san Eoraip d'fhonn rannchuidiú a dhéanamh chun muintir na hEorpa a thabhairt níos dlúithe le chéile agus chun feabhas a chur ar chomhthuisceant. Dá mbuaimis an PCCE, dhéanfaí “an áit is fearr le cuairt a thabhairt air” san Eoraip den réigiún seo. Méadófar go suntasach an líon cuairteoirí, ach níos tábhachtaí ná sin, bheimis in ann todhchaí níos inbhunaithe a chruthú dár n-ealaíontóirí agus do dhaoine cruthaitheacha. Anuas air sin, tiocfaidh feabhsúcháin ar dheiseanna infheistíochta, cruthú fiontraíochta, léirtheascint níos fearr ar an luach is féidir le cruthaitheacht a chruthú agus braistint thréan mhórtais inár réigiún a chothú.

Tithíocht agus Cóiríocht

Corpraíonn Stiúrthóireacht na Tithíochta réimse fairsing seirbhísí d'iaratasóirí agus tionóntaí chun soláthar cóiríocht neamhspleách agus thacaithe a eascú agus chun tacú leis. Baintear seo amach trí réimse tacaíochtaí tithíochta sóisialta a thairiscint ag na hÚdarás Tithíochta, agus ag an earnáil dheonach agus phríobháideach.

Clár Caipiteal Tithíochta 2015-2017

Fuair Chomhairle Contae Chill Chainnigh €39.8 milliún don Chlár Caipiteal Tithíochta 3 bliana 2015-2017. Áirítear leis an leithdháileadh seo aonaid chóiríochta a thógáil agus a fháil a sholáthraíonn an tÚdarás Áitiúil agus Comhlachtaí Deonacha Tithíochta (an Scéim um Chóiríocht ar Cíos) chun 215 aonad a sholáthar i gcaitheamh an chláir. Chomh maith leis sin, áirítear leis úsáid tháirgiúil a bhaint maoin Fholamh arís.

Clár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta [CITS] 2015:

- Faomhadh Straitéis Tithíochta 2015-2017 ag cruinniú na Comhairle i Meitheamh 2015.
- Cheannaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh 24 aonad ar an margadh oscailte in 2015.
- Críochnaíodh dhá (2) theachín tuaithe agus dhá (2) árasán i nGabhrán in 2015.
- Bhí deich (10) n-aonad ar Bhóthar an Phríosúin á dtógáil in 2015 agus críochnófar iad i Ráithe 1 2016.
- Chuir Cluid AHB tús le dhá theach déag (12) ar Shiúlán na Mainistreach, Callainn agus rinne roinnt Comhlachtaí Tithíochta eile deich dteach bhreise a éadáil.
- Cuireadh tús le sé (6) aonad a thógáil ag Cnoc na Rós, Bóthar Cheanannais, go déanach in 2015 agus cuirfear an tógáil sin i gcrích in 2016.
- Fógraíodh tairiscintí le haghaidh foirne dearaidh do thionscádail tógála le haghaidh thart ar 100 aonad ag Bótan, Cill Chainnigh, Sráid an Bhíocáire, Cill Chainnigh agus Dún an Ghaill, Caisleán an Chomair i Ráithe 4 2015 agus ceapfar iad go luath in 2016.
- Críochnaíodh oibreacha ar 24 Áitreabh a bhí Ffolamh go Fadtéarmach agus tá áitíocht iomlán bainte amach arís acu.

An Scéim um Chóiríocht ar Cíos [an SCC], agus Léasú agus an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta [an ÍCT]:

- B'ionann an caiteachas ar an SCC in 2015 agus €4.7 milliún.
- Fuair 75 iaratasóir cóiríocht faoin SCC in 2015
- Cruthaíonn 532 Maoin SCC cuid de na roghanna tithíochta sóisialta anois.
- D'fhág 36 maoin an Scéim SCC in 2015
- Fuarthas 41 aonad, ar an iomlán, faoi Léasú i gCill Chainnigh le linn 2015.
- Tugadh an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta isteach i lár mhí Dheireadh Fómhair, 2014. Tá 498 tionóntacht bheo bunaithe a fhad leis an 31/12/2015.

Atreorú Dídeanaithe chuig Seirbhísí do Dhídeanaithe ÚACC in 2015

Atreoruithe	240
Atreoruithe a d'fhéadfadh bheith do dhídeanaithe	154
Eile	5
Iomlán	399

Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos

Thug an Chomhairle faoi 379 iniúchadh ar chóiríocht phríobháideach ar cíos i rith 2015

An Clár Tithíochta Deonaí:

Cruthaíonn na haonaid seo de chuid na Scéim Cúnaimh Caipitil (an SCC) cuid de Chlár Caipiteal Tithíochta 2015-2017.

Thug an Roinn cuireadh d'arratais faoi 'Gairm Speisialta' i rith 2014 agus 2015 agus faomhadh na hiarratasóirí a leanas agus tá céimeanna éagsúla de chríochnú bainte amach acu:

Líon na nAonad	Comhlacht Faofa Tithíochta agus láthair na n-aonad	Stádas	Buiséad
12	Cluid VHA - Siúlán na Mainistreach, Callainn	Á thóáil in 2015	1,488,011
5	Camphill, Baile Mhic Andáin - Teach Brooke, Baile Mhic Andáin	Curtha ar tairiscint in 2015 - ar an suíomh i bhFeabhra 2016	1,043,805
6	SOS. H.A. Ltd - Mulláin Chaisil, Cill Chainnigh	Ar bun	500,000
4	Ionad an Good Shepherd - Ceannach	2 cheann críochnaithe/ 2 cheann ar bun	440,000
5	Focus Ireland - ceannach	5 cinn curtha i gcrích in 2015	692,792
12	Ionad an Good Shepherd - Lána an Teampaill, Cill Chainnigh.	Céim an dearaidh	1,200,000
16	Camphill, Callainn - an Phróló, an Chúirt Thiar agus Lána an Mhóta	Céim an dearaidh	2,200,000
4	Belmont Park HA Ltd -	Réamhchéim	300,000
6	Ionad an Good Shepherd - tionscadal tógála	Réamhchéim	666,000
4	Cluid HA - Forbairt Lándéanta	Réamhchéim	606,000
4	Camphill, Bealach an Tóibínigh - tógáil	Design stage	514,361
		IOMLÁN	9,650,969

An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil:

- Tá athbhreithniú ar an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 2014-2018 ar bun agus tá sé le tabhairt chun críche in 2016.
- Sáraíodh sprioc bhliantúil 13 aonad cóiríochta de chuid an Chláir Chóiríochta don Lucht Siúil. Sna 20 aonad siúd cóiríochta a cuireadh ar tairiscint do theaghlach an Lucht Siúil in 2015, glacadh le 19 gcinn agus diúltaíodh ceann amháin.
- Is féidir an miondealú a leanas a dhéanamh ar na 19 leithdháileadh: 11 leithdháileadh ar Thithíocht Chaighdeánach; 1 leithdháileadh ar Ghrúpscéim Tithíochta; 1 leithdháileadh ar Bhá Láithreán Stad; 1 leithdháileadh ar Thithíocht Dheonach; 1 leithdháileadh faoin SCC agus 3 Aistriú.
- B'ionann an líon iomlán teaghlach den Lucht Siúil i limistéar an údaráis áitiúil ar dháta an chomhairle náisiúnta agus 157, ar laghdú 13 theaghlach seo ar an mbliain roimhe sin. Básanna tionóntaí agus aistriú amach ón gContae i measc roinnt teaghlach ba chúis leis an laghdú seo.

- Tugadh tógáil 2 ghrúpteach ag Láithreán Stad Naomh Caitríona (Céim 1) chun críche i Ráithe 2015. Tithe atá le leithdháileadh i Ráithe 1 2016.
- Tá oibreacha ullmhúcháin ar Chéim 2 d'athfhorbairt Láithreán Stad Naomh Caitríona ar bun agus cuirfear tús le 4 theach a thógáil i Ráithe 1 2016.

Measúnú ar Riachtanais:

- Tabharfar faoin Measúnú reachtúil 3 bliana ar Riachtanas i mBealtaine 2016.
- Bhí 2,744 iarratasóir ar an liosta feithimh um Thacaíocht Tithíochta Sóisialta amhail an 31 Nollaig 2015.
- Tugadh faoi 572 agallamh um Measúnú Tithíochta Sóisialta i rith 2015.
- Is mian le 62% d'iarratasóirí cónaí i gCathair agus i bPurláin Chill Chainnigh.
- Bhí 572 coinne um Measúnú ar Riachtanais Tithíochta ar bun in 2015.
- Rinneadh 75 ligean nua faoin Scéim SCC, d'fhág 36 aonad an scéim in 2015.
- Rinneadh 122 tairiscint i leith cóiríochta i rith 2015, bhí 85 maoin ann a bhí folamh ó thráth go chéile agus rinneadh 37 ceannach nua.

- Rinneadh 28 tairiscint cóiríochta le hiarratasóirí a bhí gan dídean/a d'fhéadfadh bheith gan dídean
- Rinneadh 29 tairiscint um aistriú cóiríochta i rith 2015.

Stoc Tithíochta a Choimeád:

- Caitheadh an Buiséad Cothabhála €1.6 milliún ina iomláine ar chomhstoc tithíochta 2,157 aonad
- Críochnaíodh 4,233 iarratas le haghaidh deisiúchán in 2015 agus bhí 3,025 (92%) díobh tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana.
- Bhí 92 aonad folamh in 2015 agus réitíodh 80 díobh le haghaidh athlugin.
- Aisfheistíodh 259 aonad in 2015.
- Oiriúnaíodh 32 teach Údarais Áitiúil in 2015 chun freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas.
- Bhí 15 theach folamh ag deireadh na bliana, i.e. níos lú ná 1%.
- In 2015, d'éirigh linn úsáid athuair a bhaint as 17 nÁitreabh a bhí folamh go fadtéarmach agus ta 7 gcinn eile le críochnú go luath in 2016.
- Costas - €607,862.

Iasachtaí Tithíochta:

- Rinneadh 71 iarratas ar iasachtaí in 2015 i gcomparáid le 72 in 2014
- Bhain 65% d'iarratais ar iasachtaí faomhadh amach.
- Faomhadh 38 Iasacht Bhliantúlachta arbh fhiú €4,019,748, ar an iomlán, iad in 2015, i gcomparáid le 41 ceann in 2014.
- Fuarthas 6 Iarratas ar Iasacht Atógála, Faomhadh 5 cinn ar chostas €53,700.
- Níor tugadh aon Iasachtaí faoin Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí in 2015.
- Faomhadh 3 Iasacht Carbháin, arbh fhiú €18,570, ar an iomlán, iad.
- Rinne an Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe agus an fhoireann intí gach iasacht a ghrinnfhiosrú.
- B'ionann an Cháin Mhaoine Áitiúil a bhí le hóc agus a íocadh ar thithe Údarais Áitiúil agus €194,040 don bhliain 2016.

Deontais Phríobháideacha Tithíochta:

- Caitheadh leithdháileadh €1,523,562 in 2015.
- Íocadh 209 iarratas a chumhdaigh na trí scéim amach in 2015.
- Deontas um Oiriúnú Tithíochta - íocadh €826,976 amach le 72 iarratasóir, arbh ionann sin agus €11,485, ar an meán, in aghaidh an iarratasóra.
- An Deontas Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta - íocadh €514,950 amach le

100 iarratasóir, arbh ionann siad agus €5,149 in aghaidh an iarratasóra.

- Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta - íocadh €181,635 le 37 iarratasóir, arbh ionann sin agus €4,909 in aghaidh an iarratasóra.
- B'ionan deontais Tithíochta do Dhaoine Breacaosta agus 34% de na hiarratais a íocadh in 2015.
- Fógraíodh oscailt na n-iarratas ar Thithíocht do Dhaoine Breacaosta i Samhain 2015 agus fuarthas 216 iarratas.
- Bhí 229 iarratas ar láimh an 31/12/2015 agus measadh gurbh fhiú €1,829,112 iad.

Seirbhísí Bainistíochta Pobail agus Eastát:

- Ghlac an Chomhairle leis an bPlean Feabhsúcháin Eastáit 2015-2020.
- Fuarthas tacaíocht €6,000 do Chomórtas Eastát Slachtmhar an Údarais Áitiúil.
- I measc bhuaiteoirí scéim 2014, bhí;

Eastáit Bheaga;

- An 1ú hÁit. Clós Phádraig, Muileann an Bhata
- An 2ra hÁit. Plás an Athar Uí Reachtair, an Móinín Rua
- An 3ú hÁit. Corrán an Bhrandúnaigh, Gráig na Manach

Eastáit Mheánmhéide;

- An 1ú hÁit. Plás na Deastógála, Áth na nUrlainn
- An 2ú hÁit. Cnoc na mBráithe, Gráig na Manach
- An 3ú hÁit. Ascaill Mhuire, Áth na nUrlainn

Eastáit Mhóra

- An 1ú hÁit. Radharc na Coille, Achadh Úr
- An 2ú hÁit. Gort na Fuinseoige agus Gort na Fuinseoige Thoir, Cill Chainnigh
- An 3ú hÁit. Páirc an tSéipéil, Áth na nUrlainn
- Caitheamh iomlán ar Dheontais Bhainistíochta Eastáit - €76,000.
- Tacaíodh le 44 Cumann Áitritheoirí sa Chathair agus sa Chontae in 2015.
- Dhéileáil an tOifigeach Iompair Fhrithshóisialta le breis agus 156 gearán.
- Sainithníodh na cúig thionscadal feabhsúcháin eastáit/pobail a leanas ar scála níos mó le haghaidh forbartha agus tugadh chun críche iad in 2015:
- Tobar Bhríde, Gráig na Manach
- Ascaill an Teampaill, Caisleán an Chomair
- Láithreán Stad, Bóthar Hebron
- Páirc Hebron, Cill Chainnigh
- Garrán Seville, Baile Mháiréide

Airgeadas agus Forbairt Gheilleagrach

Airgeadas

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as rialú agus bainistíocht fhoriomlán airgeadas na Comhairle. Is iad na príomhsheirbhísí a sholáthraítear faoin stiúthóireacht seo Pleanáil agus Rialú Airgeadais, Bailiú Ioncaim, Bainistíocht Cisteáin, Soláthar, Forbairt Gheilleagrach agus Mótarchánachas.

Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Chaiteachais.

Tugtar achoimre sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar an gcaiteachas ar na seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle ar bhonn laethúil agus tugtar ann sonraí faoi conas a chistítear an caiteachas seo. Tugadh easnamh €68,000 anonn ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais go dtí 2015. Laghdaíodh an t-easnamh seo faoi €50,000 i rith 2015 mar gheall gur choimeád an Chomhairle rialuithe diana buiséadta ar bhuiséad iomlán caiteachais €73 milliún.

Socruithe Cistithe Tionscadal Caipitil

Tugtar achoimre sa Chuntas Caipitil ar chaiteachas ag an gComhairle ar thionscadail chaipitil agus conas a chistítear na tionscadail siúd. Teastaíonn foinshe shainaitheanta cistithe ón gComhairle sular féidir léi tús a chur le tionscadail chaipitil. B'ionann caiteachas iomlán ar an gCuntas Caipitil in 2015 agus €38.2 milliún. Cistítear tionscadail trí réimse foinsí agus braitheann cumas na Comhairle chun tionscadail chaipitil a chur chun cinn i measc a limistéar seirbhíse uile go mór ar fháil a bheith ar chistí leordhóthanacha chun tabhairt faoi na tionscadail atá faoi chaibidil. Ullmhófar Buiséad Caipitil nua sa dara ráithe in 2016 don tréimhse ó 2016 go dtí 2018.

An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2015

Bhí clár tréan comhardaithe á choimeád ag an gComhairle ag deireadh 2015. Tá am agus iarrachtaí suntasacha á gcaitheamh ag an gComhairle chun tabhairt faoi bhailiú fiachais, agus tá ag éirí go maith leis an gComhairle sa limistéar seo i gcomparáid le hÚdarás Áitiúla eile. Léirítear seo sna leibhéil fheabhsaithe bhailithe fiachais agus riaráistí laghdaitheacha sna mórshruthanna ioncaim.

B'ionann na hiasachtaí iomlána baine (gan iasachtaí a bhaineann le tithíocht a áireamh) a bhí le híoc go fóill amhail Nollaig 2015 agus €1.2 milliún.

Forbairt Gheilleagrach

Is é ról an Aonaid um Fhorbairt Gheilleagrach Cill Chainnigh a chur chun cinn mar láthair chun infheistiú agus gnó a dhéanamh inti.

Meascán den timpeallacht gnó agus den suíomh sóisialta mar áit le cónaí ann, le hoibriú ann agus le súgradh ann, atá i bhForbairt Gheilleagrach. Seo príomhghné de Ráiteas Físe an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (an PÁEP) 2016-2021 – “Áit iontach í Cill Chainnigh le cónaí ann, le hoibriú ann agus le súgradh ann; a chuireann dínit, slándáil agus an cumas ar fáil dá saoránaigh chun páirt a ghlacadh i leith a lánchumais.”

Is ionann an PÁEP agus an plean straitéiseach chun an ghníomhaíocht forbartha Geilleagraí agus an fhorbairt pobail uile a ailíniú sna chéad chúig bliana amach romhainn. Ghlac an Chomhairle leis an PÁEP i Nollaig 2015.

Tugtar cuntas sa phlean ar 9 sprioc straitéiseacha le haghaidh Forbairt Gheilleagrach idir 2016 agus 2021:

- **Sprioc 1:** Tacú leis an nGeilleagar Fiontraíochta – an bonn áitiúil fiontraíochta a threisiú, agus cruthú poist a agus cumas ilearnála fostaíochta a spreagadh, trí sin a dhéanamh.
- **Sprioc 2:** Nuálaíocht agus Fiontraíocht a Éascú - struchtúr comhtháite tacaíochta a sholáthar do leibhéil fheabhsaithe de thionscnamh agus de bhorradh fiontraíochta.
- **Sprioc 3:** Feabhas a chur ar Éispéiris an Chuariteora – eispéireas an chuariteora a thacú, a chomhordú agus a bharrfheabhsú ar fud an chontae.
- **Sprioc 4:** Soláthar a dhéanamh do leibhéil fheabhsaithe de Ghnóthachtáil Oideachasúil agus d'Fhorbairt Scileanna – uasoiliúint, soghluaisteacht poist agus cruthú fiontraíochta a spreagadh agus tacú léi sna príomhearnálacha borrrtha gheilleagraigh.
- **Sprioc 5:** An Geilleagar Tuaithe a Fhorbairt – na leibhéil de ghníomhaíocht gheilleagrach tuaithe a mhéadú agus le hinbhuanaitheacht a chruthú isteach sa gheilleagar tuaithe.
- **Sprioc 6:** Feabhas a chur ar Bhonneagair Rochtana agus Chumarsáide - córais chomhtháite iompair a spreagadh trí nuálaíocht nua agus reatha bhonneagair a úsáid, agus an úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí cumarsáide a mhéadú trí bhonneagair barrfheabhsaithe agus pobail oilte.

- **Sprioc 7:** Ceannaireacht a Chothú agus Acmhainní Áitiúla a Mhéadú – acmhainní ceannaireachta a fhorbairt i gcur chun cinn forbartha geilleagraí agus comhtháite.
- **Sprioc 8:** An Timpeallacht Nádúrtha, Chultúrtha agus Thógtha a Chosaint agus a Úsáid – agus tacú le bithéagsúlacht agus le cosaint agus le barrfheabhsú na hoidhreacht agus an chultúir áitiúil, tacú le héifeachtúlacht fuinnimh agus cumas an gheilleagair chiorclaigh.
- **Sprioc 9:** Cur le Borradh Réigiúnach agus le Cumas Idirnáisiúnta – cur le fás an réigiúin agus aimsiú idirnáisiúnta an gheilleagair áitiúil a fhairsingiú.

Cill Chainnigh a chur chun cinn

- Lean an tAonad um Fhorbairt Gheilleagrach le Cill Chainnigh a chur chun cinn in 2015, ar líne agus as líne araon:
- Na meáin chl-óite – Ailt fógraíochta agus ailt i bhfoilseacháin trádála agus tionscail. Póstaer Bhosca Solais in Aerfoirt Réigiúnach Phort Láirge.
- Allamuigh agus an Raidió – Comhfheachtas meán sa Ríocht Aontaithe le Comhairlí Loch Garman agus Phort Láirge, Aerfort Réigiúnach Phort Láirge agus Aerlínte VLM.
- Ar líne – déantar nuashonrú agus cothabháil ar an láithreán gréasáin www.InvestKilkenny.ie le linn na bliana, a chuireann Cill Chainnigh chun cinn ar bhonn leanúnach le scéalta nuachta agus imeachtaí.
- Cainéil mheán sóisialta Invest Kilkenny – Cill Chainnigh a chur chun cinn ar bhonn laethúil, gníomhú an lucht féachana agus lucht leanúna a mhéadú.

Oibríonn an tAonad um Fhorbairt Gheilleagrach go dlúth leis an ÚFT, agus réiteach oiriúnach maoinne á chur chun cinn laistigh den chontae do chliant fhéideartha de chuid an ÚFT. Dlíthghné den ualach oibre don aonad is ea seo agus baineann ríthábhacht leis chun fiontair nua a mhealladh isteach sa Chontae. Is iad Cathair Chill Chainnigh agus limistéar Chalafort Belview na láithreáin tosaíochta lena dtacaíonn an ÚFT laistigh den Chontae.

Gnó Áitiúil

Oibríonn aonad geilleagrach na Comhairle go dlúth le gnólachtaí áitiúla chun cabhrú le líonrú a dhéanamh, teagmhálaithe agus cur in aithne a dhéanamh, faisnéis a roinnt agus tacú le rochtain ar thacaíochtaí stáit agus soláthar poiblí. Lean an ghníomhaíocht seo ar bun i gcaitheamh 2015.

Anuas air sin, díriodh ar ghnólachtaí áitiúla chun “an Scéim Dreasachta Gnó” a glacadh le déanaí a fhorbairt. Déanann an scéim, ar glacadh léi i Nollaig 2015, soláthar do dheontas a bhronnadh ar ghnólachtaí nua agus gnólachtaí atá i mbun fairsingithe i gcaitheamh a gcéad trí bliana d’oibriú i láthair nua a bhí folamh ar feadh breis agus 6 mhí.

Taighde

Thug an tAonad um Fhorbairt Gheilleagrach faoi thaighde fairsing agus gnéithe geilleagracha an PÁEP á n-ullmhú. Cuirfear an taighde luachmhar seo ar fáil i gcaitheamh 2016 do ghnólachtaí chun cabhrú le deiseanna a shainaithint le haghaidh borrrha agus cruthú poist.

Chomh maith leis sin, príomhthoisic atá sa taighde chun gnólachtaí nua a mhealladh go Cill Chainnigh.

An Plean Gnímh maidir le Poist don Oirdheisceart

Tá sraith gníomhartha sa Phlean Gnímh maidir le Poist don Oirdheisceart, agus tá Comhairle Contae Chill Chainnigh cláraithe leis an bPlean. Thug an tAonad faoi na gníomhartha seo in 2015 agus oibreoidh sé go dlúth leis an gcoiste um chur i bhfeidhm in 2016.

Ceathrú Chruthaitheach na Mainistreach

Beidh iar-láithreán na grúdlainne ar an tsócmhainn tráchtála is mó a mbeidh Comhairle Contae Chill Chainnigh in ann leas a bhaint as chun tacú le forbairt an gheilleagair go háitiúil. Bhí an tAonad ag oibriú go gníomhach in 2015 chun forbairt an láithreáin a chur chun cinn d’infheisteoirí agus do thionóntaí féideartha.

An Oifig Fiontair Áitiúil

Bunaíodh an Oifig Fiontair Áitiúil (an OFÁ) laistigh de Chomhairle Contae Chill Chainnigh in 2015, agus cuirtear an Oifig in ionad an iar-Bhoird Fiontar Contae (an BFC). Tá fáil ar gach ceann de na seirbhísí tacaíochta a sholáthraíonn an BFC anois ón OFÁ. Ní bhíodh sa Chomhairle roimhe seo ach an áit ar ghabh daoine gnó chun comhairle a lorg ar rátaí, ceadanna pleanála, bóithre, ceadanna dramhaíola agus mar sin de. Tríd an OFÁ, áfach, glacann an Chomhairle Contae ról i bhfad níos réamhghníomhaí chun cabhrú le gnólachtaí beaga chun tosú, chun forbairt agus chun fás. Soláthraíonn an OFÁ seirbhís tacaíochta gnó ‘ionad ilfhreastail’ do dhuine ar bith atá ag tabhairt faoi ghnó nó ag machnamh ar ghnólacht a chur ar bun.



Cathairleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, an Comh. Mary Hilda Cavanagh; Príomhfheidhmeánach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, Colette Byrne; Ceann an Airgeadais, Martin Prendiville; agus Ceann na Fiontraíochta, Seán McKeown i dteannta na bhfiontraithe buaiteacha a ghlac páirt i nDámhachtainí an IBYE in 2015. Oibrítear an OFÁ faoi théarmaí chomhaontú leibhéal na seirbhíse idir an Chomhairle agus Fiontraíocht Éireann. Tá ar an OFÁ plean bliantúil gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhsheirbhísí, príomhghníomhartha, príomhthionscadail, príomhchláir agus na príomhspricanna a bheartaíonn sí a sholáthar gach bliain.

Cuirtear an plean gníomhaíochta bliantúil faoi bhráid an Choiste Beartais Straitéisigh (an CBS) um Fhorbairt Gheilleagrach, Tacaíochta Fiontraíochta agus Turasóireacht, agus soláthraíonn an CBS maoriseacht ar chur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta thar ceann Chomhairle Contae Chill Chainnigh, agus soláthraíonn foireann an OFÁ tuairiscí ar dhul chun cinn ar chur i bhfeidhm an Phlean Forbartha don CBS ag a gcruinnithe ráithiúla. Chomh maith leis sin, seolann an OFÁ tuairisceán bliantúil méadrachta chuig Fiontraíocht Éireann (FÉ). Cuirtear seirbhísí Coiste speisialaithe Faofa agus Measúnaithe ar fáil don OFÁ chun measúnú a dhéanamh ar iarratais ar thacaíocht airgeadais.

Soláthraíonn an OFÁ réimse leathan tacaíochtaí agus seirbhísí d’úinéirí gnólachtaí bunaithe agus nuathionscanta, agus chothaíonn sí timpeallacht thacúil a fhorbairt le haghaidh na fiontraíochta sa Chontae i gcomhthráth. Roinntear na tacaíochtaí a sholáthraíonn an OFÁ in 2 phríomh-Bheart, is iad siúd, Beart 1 (tacaíochtaí airgeadais) agus Beart 2 (bogthacaíochtaí). Seo a leanas athbhreithniú ar ghníomhaíocht agus aschuir sa dá Bheart in 2015.

Athbhreithniú ar Ghníomhaíocht in 2015

Beart 1

Fuair an OFÁ 25 iarratas ar thionscadal, ar an iomlán, le haghaidh chúnamh airgeadais Bheart 1 in 2015. Faomhadh iomlán carnach nach mór €430,000 (féach Tábla 1) do 23 (nó 92%) de na hiarratais seo. Tá de chumas na 23 tionscadal lenar tacaíodh 43 post nua lánaimseartha a chruthú nuair a bheidh siad curtha i bhfeidhm go hiomlán. Is ionann seo agus costas beagán faoi bhun €10,000 in aghaidh an jab.

Tábla 2: Achoimre ar Ghníomhaíocht Bheart 1 in 2015

Cúnamh Airgeadais Bheart 1	Aschur 2015
Líon na nIarratas ar Dheontas a fuarthas	25
Líon na nIarratas ar Dheontas um Staidéar Indéantachta a faomhadh	5
Líon na nIarratas ar Dheontas Cúnaimh Airgeadais Tionscnaimh a faomhadh	10
Líon na nIarratas ar Dheontas Fairsingithe Gnó a faomhadh	8
Líon na nIarratas ar Dheontas a diúltaíodh	1
Líon na nIarratas ar Dheontas a aistarraingíodh	1
Méid Iomlán a Faomhadh	€428,530
Líon na bPost Nua a bhaineann le Tionscadail a faomhadh	43
Meánchostas in aghaidh an Jab	€9,966

Bhuaigh an cliant de chuid OFÁ Chill Chainnigh, Linda Nolan de chuid MyBio Ltd an teideal foriomlán ag na Dámhachtainí Náisiúnta Fiontraíochta a bhí ar siúl i Meitheamh 2015. Déanann na Dámhachtainí Náisiúnta Fiontraíochta ceiliúradh ar éachtaí na 24,000 micrifhiontar ó áiteanna fud fad na tíre lenar thacaigh OFÁanna le 20 bliain anuas. Tá an chuideachta bunaithe i Lárionad Taighde agus Nuálaíochta Chill Chainnigh i gColáiste Naomh Ciarán, Cill Chainnigh agus tá sí anois ar cheann de na soláthraithe is táirgiúla de tháirgí taighde. Fostaíonn an chuideachta 4 dhuine faoi láthair. Soláthair OFÁ Chill Chainnigh tacaíocht airgeadais agus cúnaimh meantóireachta do Linbh chun a chuideachta a bhunú agus a fhairsingiú.



Ó CHLÉ: Seán McKeown, Ceann na Fiontraíochta, OFÁ Chill Chainnigh; Linda Nolan, MyBio Ltd; Richard Bruton, T.D., an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

Bhí buaiteoir, chomh maith, ag OFÁ Chill Chainnigh sa Chomórtas 'An Fiontraí Óg is Fearr in Éirinn' (an IBYE) a bhí ar siúl i Nollaig 2015. Bhuaigh Blaine Doyle, 24 bliain d'aois de chuid GlowDx an Dámhachtain don 'Smaoineamh Gnó is Fearr' dá smaoineamh gnó chun foireann uirlisí a fhorbairt chun Galair Thrópaiceacha a ndéantar Faillí ina leith a dhiagnóisiú. Eagraíonn an líonra náisiúnta OFÁanna Comórtas an IBYE, agus bíonn sé d'aidhm aige an fiontraí is fearr sa tír a aimsiú faoi aois 30 bliain. D'iontráil 1,400 fiontraí, ar an iomlán, ó áiteanna ar fud na tíre an comórtas in 2015.



Ó CHLÉ: Ann Phelan, T.D., an tAire Gnóthaí Tuaithe; Blaine Doyle, GlowDx, Richard Bruton, T.D., an tAire Fiontair, Trádála, agus Fostaíochta, Seán McKeown, Ceann na Fiontraíochta, OFÁ Chill Chainnigh.

Beart 2

Ghlac 632 fiontraí páirt sna 64 croíchlár forbartha bainistíochta agus oiliúna fiontraíochta a d'eagraigh agus a sholáthair an OFÁ in 2015 (féach Tábla 2). Chríochnaigh 81 duine Clár 'Do Ghnólacht Féin a chur ar Bun' (SYOB) a reáchtáil an OFÁ in 2015. Tugtar i gClár an SYOB blaiseadh do rannpháirtithe ar na príomh-shaincheistean go léir a bhíonn i geist nuair a bhíonn gnólacht á thosú agus á reáchtáil, idir taighde agus pleanáil a dhéanamh ar a smaoineamh agus straitéis díolacháin a fhorbairt agus réamh-mheastacháin airgeadais a ullmhú.

Tábla 3: Achoimre ar Ghníomhaíocht Bheart 2 in 2015

Tacaíochtaí Bheart 2	Aschur 2015
Líon na bhFiontraí a thug faoi Sheisiún Comhairleach Gnó	422
Líon na gClár 'Do Ghnólacht Féin a chur ar Bun' a reáchtáladh	4
Líon na Rannpháirtithe ar Chlár SYOB	81
Líon na bhFiontraí a thug faoi Thacaíocht Meantóireachta a fháil	288
Líon na Scoileanna a ghlac páirt i nDámhachtainí Fiontraíochta Mic Léinn	13
Líon na Mac Léinn a ghlac páirt i nDámhachtainí Fiontraíochta Mic Léinn	574
Líon na gCroí-Chlár Oiliúna Fiontraíochta a reáchtáladh	64
Líon na Rannpháirtithe ar na croí-Chlár	632
Líon na nDeontas Tacaíochta Speisialaithe a faomhadh	42
Líon na bhFiontraí a fuair cúnamh chun iarratas a dhéanamh ar an Institiúid Airgeadais Airgeadaíochta	13
Líon na bhFiontraí a fuair cúnamh chun iarratas a dhéanamh ar an Rogha Chliste (Smart Option)	17
Líon na nDearbhán Trádála ar Líne (TAL) a faomhadh	42
Líon na nGnólachtaí ar tacaíodh leo faoi Thionscnamh 'Going North' de chuid InterTradeIreland	9
Líon na gCúramóirí a d'fhreastail ar an Aonach Deiseanna	750

Fuair 288 fiontraí tacaíocht meantóireachta ón OFÁ in 2015. Coimeádann an OFÁ painéal de mheantóirí speisialaithe agus is é an ról atá acu chun a n-eispéreas agus a bhfoghlaim a roinnt chun cabhrú le cliant chun an cumas a fhorbairt chun a bhfadhbanna féin a réiteach. Cabhraíonn an meantóir le cliant chun a spriocanna agus a smointí a fhorbairt don todhchaí agus cabhraíonn sé leo chun breithmheas réalaíoch a dhéanamh ar a gcás reatha.

Ghlac 574 mac léinn ó 13 scoil dara leibhéal sa chontae páirt i gComórtas Dhámhachtainí Fiontraíochta na Mac Léinn (DFML) i mbliain acadúil 2014/2015. Is é an DFML an príomh-mheán ina nochtar daoine óga don fhiontraíocht agus ina dtugtar tuiscint agus léirithuiscint níos fearr dóibh ar an méid a bhíonn i geist le gnólacht a reáchtáil.

Chabhraigh an OFÁ le 11 ghnólacht chun iarratas a dhéanamh ar airgeadas iasachta le Micrea-Airgeadas Éireann (MFI). Lean an OFÁ leis an gcomhpháirtíocht (ar cuireadh tús léi in 2009) le Comhar Creidmheasa Naomh Cainneach Chill Chainnigh agus chabhraigh sé le gnólachtaí chun iarratas a dhéanamh ar iasacht bheag ghnó. Rinneadh an scéim iasachta a athbhrandáil in 2015 mar Iasacht Ghnó 'na Rogha Cliste'. Soláthraíonn an táirge nua iasachta seo foinse sholúbtha agus áisiúil de chreidmheas dóibh siúd atá ag iarraidh a ngnólacht a bhunú nó a fhairsingiú. Ó seoladh an scéim in Iúil 2009, faomhadh airgeadas iasachta nach mór €2 milliún do nach mór 90 gnólacht. Ní raibh go leor de na gnólachtaí seo in ann rochtain a fháil ar chreidmheas ó na bainc phríomhshrutha.

D'fhaomh an OFÁ 42 Dearbhán breise Trádála ar Líne (DTLanna) do ghnólachtaí áitiúla in 2015. Cé go bhfuil treocht mhéadaitheach i gcaitheamh ar líne, meastar nach mbeidh cumas Ríomhthráchtála ach ag 23% de na gnólachtaí beaga in Éirinn. Anuas air sin, meastar go ndéantar 70% den cheannach ar líne uile a dhéantar in Éirinn i margaí thar lear. Thug an Rialtas Scéim DTL isteach a oibrítear tríd an líonra OFÁanna chun dul i ngleic leis an gcás seo agus chun tacú le níos mó gnólachtaí beaga chun a láithreacht Ríomhthráchtála a fhorbairt. Bhronn an Taoiseach, Enda Kenny, an 1,000ú DTL ar John Lawton ó JL Intelligent Cooling Systems, Ceanannas, Co. Chill Chainnigh in Iúil 2015.



Ó CHLÉ: Seán McKeown, Ceann an Fiontraíochta, OFÁ Chill Chainnigh; an Taoiseach Enda Kenny, T.D.; Alex White, T.D., an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha; agus John Lawton, JL Intelligent Cooling Systems Ltd.

D'eagraigh an OFÁ Aonach Gairmeacha agus Deiseanna i Meitheamh 2015. Bhí nach mór 120 folúntas poist ar tairiscint ó fhostóirí áitiúla, ina measc cliant an OFÁ, agus thug 750 duine cuairt ar an Aonach ar an lá. Chomh maith leis sin, rinne an OFÁ nasc le Seirbhísí Leabharlainne Chomhairle Contae Chill Chainnigh chun Clinicí Comhairleacha Gnó a réachtáil tríd an Líonra Leabharlanna Contae den chéad uair in 2015. Tá an tionscnamh dírithe ar rochtain a fheabhsú ar an réimse leathan de sheirbhísí tacaíochta atá ar fáil ón OFÁ, go háirithe faisnéis agus comhairle gnó a sholáthar d'fhiontraithe i mbailte tuaithe.

D'eagraigh OFÁ Chill Chainnigh Clár Tosaithe an Acadaimh Bhia le haghaidh táirgeoirí bia agus dí atá bunaithe sa chontae in 2015. Is é an tAcadamh Bia an clár oiliúna nua atá dírithe ar thacú le gnólachtaí nuathionscanta bia agus iad a chothú. Tá an Bord Bia, SuperValu agus an OFÁ ag oibriú as lámh a chéile ar an tionscnamh seo chun leibhéal comhsheasmhach d'eolas margaíochta bia a sholáthar do ghnólachtaí nua agus luathchéime bia. Tá an clár in ainm is cuideachtaí a threorú óna dtionscnamh go dtí a gcéad liostú miondíola. Rinne na rannpháirtithe ar éirigh leo an clár a chríochnú i gCill Chainnigh anuraidh an cinneadh chun #tastekilkenny chun taispeántas a dhéanamh sa Sráidbhaile Fiontair Áitiúil ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta a bhí ar siúl i Ráth an Uisce, Contae Laoise. Ag eascairt ón rath a bhí orthu ag an gComórtas Treabhdóireachta, rinne an grúpa taispeántas ag Savour Kilkenny agus BITE 2015. Áirítear le #tastekilkenny roinnt táirgeoirí dea-bhunaithe bia agus deochanna ceardaí, ina measc Feirm Bhreac Goatsbridge, The Little Mill Company agus Highbank Orchard, anuas ar tháirgeoirí a bhfuil an margadh bainte amach acu le déanaí: Mooncoin Home Preserves, Bernie's Farmhouse Desserts, Made in Heaven, Inistioge Food Company agus Costello's Brewing Company.



Comhaltaí líonra bia #tastekilkenny i mbun taispeántais ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Thacaigh an OFÁ le 9 ngnólacht áitiúla chun páirt a ghlacadh i dtionscnamh "Going North" InterTradeIreland, atá dírithe ar chabhrú le gnólachtaí chun deiseanna nua gnó a fhiosrú agus díriú orthu i dTuaisceart Éireann. Chomh maith leis sin, bhí baint ag an OFÁ i réimse tionscnamh a bhí dírithe ar Chontae Chill Chainnigh a chur chun cinn mar láthair mhaith chun infheistíocht isteach a dhéanamh inti. Go háirithe, chomhlíon an OFÁ ról réamhghníomhach chun cabhrú le 2 thionscadal Infheistíochta Díri Eachtraí (IDE) a thabhairt go Cill Chainnigh, ina measc Trade Mark Now agus CipherTech EU. Bhí nach mór 50 duine fostaithe ag na cuideachtaí seo, i dteannta a chéile, ag deireadh 2015. Leanfaidh an OFÁ leis an ról seo i gcomhar le hAonad Forbartha Geilleagraí Chomhairle Contae Chill Chainnigh.

An Suirbhé Bliantúil ar Fhostaíocht agus Forbairt

Thaispeáin Suirbhé Bliantúil ar Fhostaíocht agus Forbairt an OFÁ (SBF agus F), 2015 go raibh 247 cuideachta ann ar phunann an OFÁ de na cuideachtaí a dtugtar cúnamh deontais dóibh. B'ionann na cuideachtaí seo agus 813 post lánaimseartha agus 446 post páirtaimseartha (i.e. 1,036 post coibhéise lánaimseartha, ar an iomlán). B'ionann seo agus méadú 75 post coibhéise lánaimseartha, i gcomparáid leis an SBF agus F don bhliain 2014 (Tábla 3).

Tábla 4: Achoimre Chomparáideach ar an Suirbhé Bliantúil ar Fhostaíocht agus Forbairt (an SBF agus F)

An Suirbhé Bliantúil ar Fhostaíocht agus Forbairt	2014	2015	Athrú
Líon Iomlán na gCuideachtaí sa Phunann	240	247	+7
Líon Iomlán na bPost Lánaimseartha a bhaineann le Cuideachtaí sa Phunann	768	813	+45
Líon Iomlán na bPost Páirtaimseartha a bhaineann le Cuideachtaí sa Phunann	386	446	+60
Líon Iomlán na bPost Coibhéise Lánaimseartha a bhaineann le Cuideachtaí sa Phunann ^[1]	961	1,036	+75

An Plean Gnímh maidir le Poist don Oirdheisceart

Seoladh an Plean Gnímh maidir le Poist don Oirdheisceart 2015-17 (an PGPOD) i Meán Fómhair 2015 agus cuimsíonn sé Contae Cheatharlach, Chill Chainnigh, Thiobraid Árann, Phort Láirge agus Loch Garman. Is é cuspóir foriomlán an PGPOD chun 25,000 post breise a chruthú sa réigiún faoi dheireadh 2017. Tá 194 gníomh sa Phlean chun cabhrú leis an sprioc uailmhianach seo a bhaint amach agus i measc na n-earnálacha a sainaitníodh le haghaidh breis borrrtha, tá agraibhia, turasóireacht, eolaíochtaí beatha, déantúsaíochta, miondíol agus seirbhísí airgeadais/seirbhísí gnó. Déantar ionadaíocht thréan d'fhormhór na n-earnálacha seo i gContae Chill Chainnigh. Déanann an Príomhfheidhmeannach agus Ceann na Fiontraíochta ionadaíocht do Chomhairle Contae Chill Chainnigh ar an gCoiste um Chur i bhFeidhm don PGPOD.

Tá na OFÁanna san oirdheisceart le méadú 30% a spreagadh sa líon gnólachtaí nua nuathionscanta sa réigiún mar chuid den PGPOD. Chas Cinn Fiontraíochta na 5 OFÁ san oirdheisceart le chéile chun plé a dhéanamh ar na 48 gníomh a liostaítear sa PGPOD lenar sannadh ról ceannais nó tacaíochta do na OFÁanna, agus rinneadh cinneadh ar an mbealach is fearr chun gach ceann de na gníomhartha seo a thosú/a chur chun cinn. Comhtháthóidh an OFÁ, sa chás gur cuí, na gníomhartha sa Phlean Forbartha Fiontraíochta Áitiúla don bhliain 2016, agus soláthróidh an OFÁ tuairiscí rialta ar dhul chun cinn don Choiste um Chur i bhFeidhm. Chomh maith leis sin, rinneadh na gníomhartha a shainaithnítear sa PGPOD a chorprú sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (an PÁEP) 2016-2021 le haghaidh Chontae Chill Chainnigh.

An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail – Gníomhartha Geilleagracha

Seoladh an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (an PÁEP) do Chontae Chill Chainnigh, 2016-2021 i Nollaig 2015. Is ionann an PÁEP agus toradh oibre a rinneadh i gcaitheamh tréimhse de bhreis ar naoi mí ina raibh taighde, comhairliúcháin poiblí, anailís, ceardlanna agus cruinnithe fairsinge. Is é cuspóir uileghabhálach thoise gheilleagrach an Phlean chun coinníollacha a chruthú chun tacú le cruthú gnó agus post. Baineann ríthábhacht le geilleagair thréana maidir le pobail inbhunaithe a fhorbairt.

Oibreoidh CBS na Comhairle le haghaidh Forbairt Gheilleagrach, Tacaíocht Fiontraíochta agus Turasóireachta anois chun na tacaíochtaí a sholáthar a theastaíonn chun an 63 gníomh geilleagrach a chur i bhfeidhm a chuimsítear sa phlean i gcaitheamh na chéad 6 bliana amach romhainn. Bainfidh ríthábhacht le soláthar na ngníomhartha geilleagracha maidir leis an rath foriomlán a bheidh ar an PÁEP. Ar cheann de na gníomhartha a thug an CBS chun cinn cheana féin, tá scéim dreasachta a fhorbairt chun aonaid fholmha tráchtála a áitiú chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta, agus le hathghiniúint sráid-dreach sna bailte agus sna sráidbhailte ar fud an chontae. Gníomh eile sa phlean atá á chur chun cinn cheana féin atá i bhforbairt láithreán na hiar-ghrúdlainne i gCathair Chill Chainnigh, chun spás oifige, go háirithe, a sholáthar le haghaidh infheistíocht isteach agus fiontraíocht dúchasach, agus chun ár gcumas oideachais agus taighde tríú leibhéal a fhairsingiú.

Braithfidh cur i bhfeidhm rathúil an PÁEP ar thacaíocht gnólachtaí áitiúla, pobal, eagraíochtaí agus na ngníomhaireachtaí reachtúla a oibríonn as lámh a chéile chun tabhairt faoi na gníomhartha. Sannadh an phríomhfhfreagracht ar an OFÁ as go leor de na gníomhartha geilleagracha agus fiontraíochta a chuimsítear sa PÁEP.

[1] Nóta: Tá na Coibhéisí Poist Lánaimseartha bunaithe ar 2 Phost Páirtaimseartha a bheith ar chomhionann le Coibhéis 1 Phost Lánaimseartha

Turasóireacht

Tacaíonn Comhairle Contae Chill Chainnigh le Turasóireacht Chill Chainnigh le saineolas tiomnaithe riaracháin agus airgeadais agus le tacaíocht dhíreach airgeadais. Anuas air sin, soláthraíonn an Chomhairle scéim cistithe d'Fhéilte.

Comhlíonann an Chomhairle ról lárnach i soláthar agus i gcomhordú táirgí turasóireachta i gCill Chainnigh. Soláthraíonn an Chomhairle an mheicníocht agus an tacaíocht riaracháin chun an clár Turasóireachta a chur chun cinn - trí thabhairt faoi rudaí, feachtais um chur chun cinn, tionscnaimh mhargaíochta agus cistiú a ranníoc leis an gcéanna, ina measc.

- Bonneagar feabhsaithe turasóireacht maidir le sráid-dreachú, barrfheabhas a chur ar ár mbailte agus ár sráidbhailte i dtaobh cúrsaí amhairc de, mar shampla, feabhsúcháin a dhéanamh ar Bhaile Mhic Andáin agus Gráig na Manach, agus oibriú chun forbairt a dhéanamh ar eispéireas an Chuariteora.
- Oibríodh le Fáilte Éireann ar fhorbairt comharthaíochta agus táirgí le haghaidh Thionscnamh Oirthear Ársa na hÉireann, a chuir an Míle Meánaoiseach chun cinn mar láithreán laochra.
- Rinneadh idirchaidreamh le Foireann na Tairisceana chun Cill Chainnigh a chur chun cinn mar phríomh-chomhpháirtí do Thairiscint Phríomhchathair Chultúir 2020 an Triúir Dheirfúiracha.
- Tacaíodh le tionscnaimh forbartha tuaithe, ar nós thionscadal Zip-Shreang Pháirc Fionnachtana Chaisleán an Chomair.
- Tugadh tacaíocht riaracháin do Bhord Turasóireachta Chill Chainnigh agus comhordaíodh soláthar Tairiscintí cumarsáide agus caidrimh phoiblí. Soláthraíodh tacaíocht láithreán gréasáin agus tacaíocht bainistíochta ábhair d'fheachtais traschur chun feidhme Caidrimh Phoiblí/Cumarsáide trí láithreán ghréasáin [Kilkenny.ie/Chomhairle Contae Chill Chainnigh/Invest Kilkenny](http://Kilkenny.ie/ChomhairleContaeChillChainnigh/) agus trí na líonra meán sóisialta.
- Tacaíodh le feachtais réigiúnacha chaidrimh phoiblí, e.g. feachtas amhairc Bhosca Solais Aerfort Phort Láirge.
- Comhchistíodh agus comh-mhargaíodh tionscnaimh réigiúnacha chumarsáide le contaetha máguaird ag Birmingham.
- Rinne Scéim Deontais Turasóireacht Pobail Dhiaspóra Chomhairle Contae Chill Chainnigh/ Fháilte Éireann/an IPB.
- Forbraíodh físeán agus leabhrán promóisin le Connect Ireland chun Cill Chainnigh a chur chun cinn mar láthair infheistíochta turasóireachta agus gnó.
- Casadh le líon toscairí ó chontaetha máguaird chun taispeántas a dhéanamh de scéal Thurasóireacht Chill Chainnigh, anuas ar chasadh le blagálaithe agus le hiriseoirí chun ardphróifíl mheán Chill Chainnigh a choimeád.
- Iontráladh agus glacadh páirt i geomórtas náisiúnta agus idirnáisiúnta chun Cill Chainnigh a chur chun cinn.

Gníomhaíocht Turasóireachta Chill Chainnigh 2015

Plean Margaíochta 2015

Tugadh ceithre fheachtas théamacha isteach i rith 2015, a raibh gach ceann díobh curtha chun cinn ag feachtais chumarsáide ar leith. Cuireadh ríomh-fhorlíontaí speisialta i dtoll a chéile chun gníomhaíochtaí a chur chun cinn i rith na bhfeachtas seo.

Ba iad na 4 Théama

- Rómánsúil
- Meánaoiseach
- Eachtrúil
- Bia Ceardaí agus Ceardaíocht

Féilte agus Imeachtaí

Bhí an dealramh air go raibh an-tóir ar an tSeachtain Mheánaoiseach agus ar Lá Saor Chill Chainnigh arís eile in 2015. Rinne comhaltaí Thurasóireacht Chill Chainnigh an dá imeacht nua a bhainistiú agus cuireadh chun cinn iad trí agallaimh raidió, an láithreán gréasáin Turasóireachta agus margaíocht ghaolmhar ar líne, fógraíocht nuachtáin agus trí bhileoigíní a scaipeadh. Rinneadh ró-shuibscríobh le Lá Saor Chill Chainnigh agus bhain an tSeachtain Mheánaoiseach cumhdach fairsing intíre amach.

Oibríonn Turasóireacht Chill Chainnigh go dlúth le gach coiste féile agus imeachta chun féilte uathúla Chill Chainnigh a chur chun cinn i gcaitheamh na bliana.

Treoir agus Léarscáileanna do Chuartheoirí

Cuireadh bróisiúr leasaithe i dtoll a chéile in 2015. Clódh 50,000 cóip de agus scaipeadh 45,000 cóip.

Clódh 100,000 léarscáil den Chathair, scaipeadh 80,000 cóip ar chomhlachtaí, gnólachtaí agus ionaid sa chathair agus sa chontae, agus scaipeadh cóipeanna trí roinnt oibreoirí turais/turais chóiste a raibh cuairt á tabhairt acu ar an gcathair.

Taispeántais agus Promóisin Cheirde

Chun tús maith a chur leis an mbliain, d'fhreastail Turasóireacht Chill Chainnigh ar Thaispeántas Holiday World san RDS in Eanáir. I measc na dtaispeántas eile ar ar freastalaíodh bhí an Taispeántas do Dhaoine os cionn 50 Bliain d'Aois, imeacht bia BITE agus an tAonach Náisiúnta Ceardaíochta agus Dearaidh. Cuireadh ábhar speisialta promóisin i dtoll a chéile lena scaipeadh ag na taispeántais seo.

Bhí sé de phribhléid ag Turasóireacht Chill Chainnigh seastán a bhaint amach ag an Margadh Taistil Dhomhanda i Londain faoi shárthaispeántas Thurasóireacht Éireann. D'eascair rannpháirtíocht dhearfach as rannpháirtíocht in imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta ceirde leis na meáin, ceannaitheoirí idirnáisiúnta agus cuairteoirí intíre.

Comórtais agus éachtaí

D'iontráil Turasóireacht Chill Chainnigh na comórtais 'Baile na Turasóireachta' agus 'Baile na mBeadaithe' arís eile in 2015. Cé nár bhuaigh Cill Chainnigh na dámhachtainí ar an iomlán, cuireadh ar an ngearrliosta Cill Chainnigh i measc na 10 n-iomaitheoir b'fhearr sa dá chomórtas. Ba é seo an ceathrú rath i ndiaidh a chéile a bhí ar Chill Chainnigh i gcomórtas na mBailte Turasóireachta, agus bhuaigh sí an dámhachtain Náisiúnta in 2013 agus tugadh ardmholadh di in 2014 agus in 2015.



Féilte agus Imeachtaí i gCill Chainnigh in 2015

Leithdháil Comhairle Contae Chill Chainnigh cistiú chun Deontais Féilte agus Imeachtaí a sholáthar, anuas ar Dheontais Phobail agus Chultúrtha do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí a thugann faoi imeachtaí a fhorbairt agus a chur chun cinn agus forbairtí pobail agus cultúrtha a sholáthar ar leibhéal áitiúil.

Tá de chuspóir na scéimeanna deontais seo chun féilte áitiúla agus grúpaí Pobail a chur chun cinn agus tacú leo agus chun cabhrú agus tacú leis na himeachtaí siúd a bhfuil peirspictíocht turasóireachta, cultúrtha/ealaíonta nó pobail acu, agus é ina chuspóir chun cistiú a sholáthar do réimse fairsing tionscadal lena chinntiú go n-úsáidtear na hacmhainní airgeadais chun an tairbhe uasta a bhaint as an bpobal.

Chun aitheantas poiblí a thabhairt don dúthracht agus don dianobair ar fud Chontae Chill Chainnigh, d'óstáil Comhairle Contae Chill Chainnigh Imeacht Bronnta Deontas in Óstán an Rivercourt, Sráid Eoin, Cill Chainnigh. Ag an imeacht seo, bhronn Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, an Comh. Pat Millea agus Comhaltaí Tofa eile de chuid Chomhairle Contae Chill Chainnigh, Deimhnithe Bronnta Deontais ar gach grúpa agus eagraíocht ar leithdháileadh cistiú faoi na Scéimeanna seo dóibh.



Faightheoirí Deontais Phobail agus Chultúrtha i dteannta Chathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, an Comh. Pat Millea. Ba iad seo a leanas Faightheoirí na nDeontas: Féile Ealaíon Chill Chainnigh, Turasóireacht Chill Chainnigh, Teach agus Gairdín Rothe, Amharclann Gheata an Uisce, Ionad Ógra an Droma, Páirc Fionnachtana Chaisleán an Chomair, Cartlanna Chill Chainnigh, Ionad Fiontair Chaisleán an Chomair, an Clár Iompair Tuaithe, Gluaiseacht Lucht Siúil Chill Chainnigh, Tionscadal Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána, Clár For-Rochtana Óige agus Drugaí Osraí.



Faightheoirí Deontais Féilte agus Imeachtaí i dteannta Chathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, an Comh. Pat Millea.

Ba iad seo a leanas Faightheoirí na nDeontas: Féile Shean-Nóis Chill Chainnigh, Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Iontaobhas Abhainn Phobail Bhaile Mhic Andáin, Cartoon Saloon/Dánlann de Buitléir, Féile Scannán Eorpach SUBTITLE, Kilkenomics, Féile Grinn The Sky Cat Laughs, Coise Mhórshiúil Lá Fhéile Pádraig Chathair Chill Chainnigh, Féile Bhia Savour Kilkenny 2015, Féile Abhainn Rí. Kilkenny Food Festival 2015, Abhainn Rí Festival.



Faightheoirí Deontais Féilte agus Imeachtaí i dteannta Chathaoirleach Cheantar Bardasach Bhaile an Phoill, an Comh. Eamon Aylward. Ba iad seo a leanas Faightheoirí na nDeontas: Coiste Éigse Shliabh Rua, Mullinavat Community Group Ltd., Kilmacow Community Sports Complex Ltd., Windgap Community Development Ltd., Taispeántas Uíbh Eirc.



Faightheoirí Deontais Féilte agus Imeachtaí i dteannta an Comh. Pat Fitzpatrick agus Chathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, an Comh. Pat Millea. Ba iad seo a leanas Faightheoirí na nDeontas: Coiste Mhórshiúl Lá Fhéile Pádraig Áth na nUrlainn, Ionad Acmhainní Teaghlaigh an Mhuilinn, Rás Buataisí Chaisleán an Chomair, Trial Náisiúnta Mhadraí Caorach na hÉireann agus Tionscadal Scoile Náisiúnta na Cloiche.



Faightheoirí Deontais Féilte agus Imeachtaí i dteannta Leas-Mhéara Cheantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh agus Chathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, an Comh. Pat Millea. Ba iad seo a leanas Faightheoirí na nDeontas: Cumann Rugbaí Chill Chainnigh, Bailte Slachtmhara Inis Tíog, Féile Shamhraidh Inis Tíog, Coiste Mhórshiúl Lá Fhéile Pádraig an Droichid Nua, Cumas Éireann/Féile Rockfall, Féile Cheoil Chill Chainnigh, Féile Shiúil Lúb Uí Ghormáin Dhroichead Binéid, Rith 10 gCiliméadar agus Rith Spraoi Ghráig na Manach, Féile Chóir Shóiscéalaigh Chill Chainnigh, Féile ar an Imeall Chill Chainnigh, Cill Chainnigh a Fhiosrú, Oidhreacht agus Stair Mhíleata, Féile Bhaile Leabhar Ghráig na Manach, Féile Cheoil Thraidisiúnta Chill Chainnigh 2015 agus Coincheapa Theach an Taisce/Seó Mór Afra-Chultúrtha.

Seirbhísí Uisce agus an Comhshaol.

Is iad na seirbhísí a sholáthraítear faoin Stiúrtóireacht seo:

- Oibriú agus cothabháil soláthar uisce poiblí óil
- Oibriú agus cothabháil áiseanna fuíolluisce
- Bonneagar nua nó feabhsaithe uisce agus fuíolluisce a sholáthar
- Tacaíocht a thabhairt do Ghrúpscéimeanna Uisce
- Seirbhísí Bainistíochta Dramhaíola
- Rannpháirtíocht an Phobail agus Tacaíocht le Bailte Slachtmhara
- Sábháilteacht Uisce
- Seirbhísí Tréidliachta
- Leas Ainmhithe agus Áiseanna Póna
- Reiligí
- Cláir Fuinnimh Inbhuanaithe



Ionad Cóireála Fuíolluisce Chaisleán an Chomair – Oibreacha ar Bun

Seirbhísí Uisce

Ó 2014 i leith, bhí Uisce Éireann ar an Údarás Seirbhísí Uisce do gach scéim uisce agus fuíolluisce poiblí. Leanann Comhairle Contae Chill Chainnigh bheith mar an tÚdarás Seirbhísí Uisce don Earnáil Uisce Tuaithe/Grúp-Uisce.

Faoi Chomhaontú Seirbhíse dhá bhliain déag idir Uisce Éireann agus Comhairle Contae Chill Chainnigh, tugann an Chomhairle faoi sholáthar laethúil na seirbhísí uisce agus fuíolluisce poiblí thar ceann Uisce Éireann. Cistíonn agus maicreabhainistíonn Uisce Éireann an soláthar seirbhíse, agus soláthraíonn an Chomhairle an fhoireann agus maicreabhainistíonn sí soláthar na seirbhíse.

Cuimsíonn Comhaontú Leibhéal na Seirbhíse an méid a leanas;

- Cóireáil uisce fuíolluisce poiblí,
- Líonraí uisce agus fuíolluisce poiblí,
- Bainistíocht tionscadail a dhéanamh ar thionscadail chaipitil uisce agus fuíolluisce.

Lean an Chomhairle bheith freagrach, ar bhonn gníomhaireacht idirthréimhseach, as billeáil agus bailiú ioncaim uisce neamhthí in 2015. Ta coinne ag Uisce Éireann le glacadh le freagracht iomlán as an bhfeidhm seo in 2016. Leanann foireann na Comhairle a bhfuil baint acu i seirbhísí uisce a sholáthar a bheith ina bhfostaithe díreacha de chuid na Comhairle. Ghlac Uisce Éireann le freagracht dhíreach as cumarsáid, caidreamh poiblí, tuairiscíú leis an GCC, soláthar agus íocaíochtaí soláthraithe, anuas ar chistiú foriomlán a dhéanamh ar an earnáil.

Oibríochtaí agus Cothabháil:

Bainistíonn Comhairle Contae Chill Chainnigh 23 soláthar poiblí uisce óil agus 35 scéim cóireála fuíolluisce poiblí. In 2015, soláthraíodh 9.2 billiún lítear d'uisce (25 milliún lítear sa lá) trí líonra soláthar uisce poiblí Chill Chainnigh do thart ar 65,000 custaiméir.

Déanann Uisce Éireann gach oibríocht agus obair chothabhála uisce agus fuíolluisce a mhaoiniú agus tugann Comhairle Contae Chill Chainnigh faoi na hoibreacha sin, thar a cheann.

Is í 2014 an bhliain is déanaí inar fhoilsigh an GCC a Thuarascáil ar Cháilíocht an Uisce Óil. Foilseofar tuarascáil 2015 níos déanaí in 2016.

Don cheathrú bliain i ndiaidh a chéile, bhain Scéimeanna Uisce Poiblí Chill Chainnigh comhlíonadh micribhitheolaíoch 100% amach in 2014 (is é an meán Náisiúnta 99.9%). Baineadh comhlíonadh 99.3% i dtaobh paraiméadair cheimiceacha (is é an meán Náisiúnta 99.4%). Ní raibh aon srianta uisce, ná níor eisíodh aon fhógraí chun uisce a bheiriú i dtaobh sholáthairtí poiblí Chill Chainnigh in 2014. Go náisiúnta, eisíodh 199 fógra chun uisce a bheiriú agus eisíodh 15 fhógra um shrian ar uisce a d'imir tionchar ar 205,515 duine.

Tá dhá sholáthar uisce oil poiblí i gCill Chainnigh – Inis Tíog agus Baile Rad, ar Liosta Gníomhaíochta Feabhais an GCC (LGF). Tá an dá scéim LGF ar liosta tosaíochtaí scéim caipitil Uisce Éireann.

Ar aon dul le blianta beaga anuas, lean feabhas ag teacht ar an leibhéal de chomhlíonadh comhshaoil a baineadh amach ag ionaid chóireála fuíolluisce Chill Chainnigh. Léiríonn an feabhas atá tagtha ar na torthaí a chuirtear i gcuntas i dTuarascálacha Bliantúla Fuíolluisce Uirbigh an GCC an treocht fhoriomlán seo.

Caomhnú Uisce:

Lean foireann Chaomhnaithe Uisce Chill Chainnigh le dul chun cinn réidh a dhéanamh i rith 2015 chun an méid uisce gan tásc (UGT) a laghdú a bhí i scéimeanna soláthair uisce poiblí ar fud an Chontae. Áirítear le UGT cailleadh uisce mar thoradh ar dhoirteadh ó phríomhphíobáin agus ó fheistis, naisc neamhúdaraíthe agus úsáid iomarcach ag custaiméirí tí agus neamhthí araon.

Nuair a cuireadh tús leis an gclár caomhnaithe uisce in 2009, b'ionann méid an uisce a táirgeadh agus a soláthraíodh i measc na líonra uisce poiblí agus 31,800m³ sa lá. B'ionann an mhéantóirt uisce a táirgeadh agus a soláthraíodh i rith ráithe 4 in 2015 agus 24,336m³ sa lá, arb ionann sin agus laghdú foriomlán 7,464m³ ar riachtanais táirgthe ó 2009 (dóthain uisce le soláthar a dhéanamh do 16,000 teach).

In 2015, baineadh laghdú 1.5% amach ar riachtanais táirgthe agus b'ionann an UGT, a léirítear mar chéatadán den uisce iomlán a táirgeadh, agus beagán faoi bhun 38%. Is ionann seo agus an figiúr bliantúil is ísle a baineadh amach riamh sa chontae agus leanann an treocht anuas sa bhliain 2016.

In 2015, sainaitníodh agus deisíodh thart ar 700 sceitheadh i rith na bliana, bhí 85% den sceitheadh seo sna príomhphíobáin phoiblí, agus bhí fuilleach an sceite ar thaobh an chustaiméara.

Léiríonn na figiúirí seo an tsár-obair faoina dtugann an Fhoireann Chaomhnaithe Uisce, na Maoirseoirí agus na Cúramóirí Seirbhísí Uisce atá meáite i gcónaí ar fheabhas a chur ar an líonra agus limistéir ina bhféadfadh cur amú bheith ag tarlú a dhíothú.

Clár Caipitil 2015:

Mar an tÚdarás Seirbhísí Uisce, tá Uisce Éireann freagrach anois as an gClár Caipitil Seirbhísí Uisce. Gníomhaíonn foireann Chomhairle Contae Chill Chainnigh mar bhainisteoirí tionscadail do na tionscadail éagsúla a fhaomhann Uisce Éireann.

Faoi Chomhaontú Seirbhíse Uisce Éireann/Chomhairle Contae Chill Chainnigh:

Tá freagracht ar Uisce Éireann as an méid a leanas:

- Spriocanna, pleananna infheistíochta agus cuspóirí a leagan amach agus straitéis a chur i dtoll a chéile do sholáthar foriomlán na Mórchlár agus na Mionchlár Caipitil.

- Cistiú agus soláthar foriomlán na gClár Caipitil.
- Soláthar, bainistíocht buiséid agus faomhadh athraithe.
- Cumarsáid Tionscadail.

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh freagrach as an méid a leanas:

- Seirbhísí bainistíochta tionscadail a sholáthar do Mhórhionscadail agus do Mhiontionscadail Chaipitil a fhaomhann Uisce Éireann.
- An fhaisnéis go léir a bhfuiltear feasach uirthi a chur ar fáil maidir le hiar-fheidhmíocht agus stádas reatha sócmhainní a d'fhéadfadh bheith faoi bhreithniú le haghaidh caiteachas caipitil.
- Sa chás go n-iarrtar, tabhairt faoi ghníomhaíochtaí soláthair thar ceann Uisce Éireann.
- Tuairisciú ar dhul chun cinn ar thionscadal, faoi mar a theastaíonn.
- Tionscadail Chaipiteal Uisce
- Scéim Soláthair Uisce Inis Tíog: Is éard a bhaineann leis an tionscadal seo ná soláthar uisce a ghlacadh ó fhoinsé nua screamhuisce i mBaile Mhic Andáin, a mhéadóidh an soláthar reatha do Bhaile Mhic Andáin agus a chuirfeadh soláthar ar fáil d'Inis Tíog. Dheonaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh cead pleanála don scéim seo, rinneadh achomharc ar na coinníollacha leis an ABP. Cuireadh an dearadh sonrach i gcrích agus cuireadh idirbheartaíocht talún/cead slí chun cinn go mór in 2015.
- Uasghrádú Thaiscumar agus Príomhphíobán Ghaolmhar Uachtar Ratha: Tugadh cáipéisí tairisceana don tionscadal seo chun críche in 2015. Tá coinne leis, roimh dheireadh ráithe 1 2016, go gcuirfidh UÉ tairiscint isteach le haghaidh taiscumar nua a thógáil ag Uachtar Rátha, stáisiún treiseora ag Cnoc an Fhuaráin agus feabhsúcháin líonra sa cheantar ginearálta.
- Scéim Soláthair Uisce Chathair Chill Chainnigh: Tá scóip an tionscadail seo faoi athbhreithniú faoi láthair. Is dóchúil go mbeidh an méid a leanas i gceist leis an tionscadal athbhreithnithe caipitil: iontógáil nua a thógáil ar an bhFeoir ag Coill an Treoigh; uasghrádú an ionaid chóireála uisce ag Coill an Treoigh chun an t-uisce go léir a chóireáil a sholáthraítear i gceantar Chathair Chill Chainnigh agus príomhphíobán nua cóireála aníos idir Coill an Treoigh agus na taiscumair reatha ag Baile Rád.

- Rinneadh oibreacha substainteacha uasghrádaithe in Ionad Cóireála Uisce (ICU) Chluain Easa (a fhreastalaíonn ar Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Mhóin Choinn) in 2015.
- Suiteáladh caidéal nua ardifeachtúlachta ardaitheach ag ICU Choill an Treoigh.
- Cuireadh clár feabhsaithe saoráidí díghalraithe ar tairiscint i measc na n-ionad cóireála uisce i gContae Chill Chainnigh in 2015 agus tá oibreacha le tosú go luath in 2016.

Fuíolluisce:

Uasghráduithe ar Ionad Cóireála Fuíolluisce Achadh Úr, Bhaile Sheáin, an Droichid Nua:

Cuireadh tús le hoibreacha tógála ar na trí ionad seo in 2014. Go dtí seo, tá oibreacha Sibhialta, Meicniúla agus Leictreacha curtha i gcrích den chuid is mó ar gach ceann de na trí scéim. D'oscail Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, an Comh. Pat Millea, ionad Achadh Úr go hoifigiúil i mBealtaine 2015. Meastar go mbeidh séarachas ceangailte leis na hionaid nua i mBaile Sheáin agus sa Droichead Nua go luath in 2016. Meastar go gcríochnófar gach ceann de na trí ionad i ráithe 2 2016.



Ionad Cóireála Fuíolluisce Achadh Úr

Uasghráduithe Ionad Cóireála Fuíolluisce Chaisleán an Chomair, Áth Stúin, Áth na nUrlainn:

Cuireadh tús le hoibreacha ar uasghrádú na dtí ionad seo in 2015 agus meastar go gcuirfear i gcrích iad faoi lár 2016.

Ionad Cóireála Fuíolluisce Chathair Chill Chainnigh (Inse an Phuirséalaigh): Meastar go gcuirfear tús, ar an láithreán, le conarthaí atá in ainm is fuinneamh a shábháil lena mbaineann Claochladán Meánvoltais agus córas aeir idirleata mínbhogán a shuiteáil i ráithe 2 2016.

Tá oibreacha uasghrádaithe ag ICFU Mhóin Choinn, lena n-áirítear aerthóirí idirleata mínbhogán a shuiteáil, le tosú ar an láithreán i bhFeabhra 2016.

Ceapadh sainchomhairleoir chun uasghráduithe a dheardh ar ionaid chóireála fuíolluisce Inis Tíog agus Mhuileann an Bhata.

An Clár Uisce Tuaithe:

Cé gurb é an GCC an tÚdarás Maoirseachta le haghaidh soláthairtí príobháideacha uisce, is í Comhairle Contae Chill Chainnigh an t-údarás Maoirseacht i gcás na soláthairtí príobháideacha uisce siúd i gContae Chill Chainnigh, a thagann faoi chuimsiú na rialachán uisce óil.

In 2015, ba í Comhairle Contae Chill Chainnigh an tÚdarás Maoirseacht don mhéid a leanas:

- 195 Grúpscéim Uisce, a ndéantar freastal 125 ceann díobh óna bhfoinsí féin agus 70 ceann a ndéantar freastal orthu ón bpríomhphíobán poiblí.
- 134 Soláthar Beag Príobháideach (SBP), ar gnách go n-áirítear leo scoileanna, áitribh bhia agus eastáit tithíochta tuaithe.

Anuas air sin, déanann an Chomhairle deontais Rialtais a bhainistiú agus a leithdháileadh a fhaomhtar faoin gclár Uisce Tuaithe le haghaidh grúpscéimeanna agus scéimeanna fuíolluisce, anuas ar dheontais le haghaidh toibreacha príobháideacha.

In 2015, d'íoc an Roinn Comhshaoil thart ar €876,000 le Comhairle Contae Chill Chainnigh do na hoibreacha a leanas faoinar tugadh mar chuid den chlár uisce tuaithe:

- €118,000 le haghaidh Caomhnú na Grúpscéime Uisce/Uasghráduithe Líonra
- €224,500 le haghaidh Uasghráduithe Cóireála Grúpscéim Uisce
- €81,000 le haghaidh Táthcheangail Ghrúpscéim Uisce
- €60,100 le haghaidh Grúpscéimeanna Séarachais
- €15,300 le haghaidh Oibreacha um Chosaint Foinse
- Riaradh fóirdheontas i dtreo costais reatha oibríochtúla Grúpscéimeanna Uisce ar luach €262,000, ar an iomlán, agus íocadh iad le 55 Grúpscéim.
- Eisíodh faomhadh le haghaidh iarratas ar dheontas chun toibreacha a sholáthar do thithe príobháideacha agus íocadh suim €114,000 amach i 70 deontas do thoibreacha.
- Rinneadh costais foirne €90,250 ar an iomlán a aisghabháil ón Roinn chun íoc as maoirseacht agus riarachán an chlár uisce tuaithe.

Seirbhísí Comhshaoil

Is iad príomhaidhmeanna Rannóg Comhshaoil na Comhairle:

- Forbairt gheilleagrach a chur chun cinn, bonneagar bainistíochta dramhaíola atá éifeachtúil agus atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil a sholáthar agus chun Comhphlean Bainistíochta Dramhaíola an Oirdheiscirt a chur i bhfeidhm agus chun córais chearta rialála agus mhonatóireachta a choimeád ar mhaithe le cosaint an chomhshaoil agus rialú truaillithe.
- Tá an Chomhairle freagrach as breis agus 500 feidhm reachtúil chomhshaoil, a chuimsítear i mbreis agus 100 píosa reachtaíochta. I measc na bpríomhlimistéar lena ndéileáiltear tá:

Bainistíocht Dramhaíola

- Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola
- Ionad Athchúrsála agus Diúscartha Dramhaíola an Dúin Mhóir
- Athchúrsáil
- Forfheidhmiú
- Bainistíocht Bruscair
- Oideachas agus Feasacht
- Cáilíocht Uisce agus Rialú Truaillithe
- An Chreat-Treoir Uisce
- Rialú agus Forfheidhmiú Truaillithe
- Pleanáil um Thruailliú an Chósta
- Sábháilteacht Uisce
- Seirbhísí Tréidliachta
- Reiligí
- Fuinneamh

Bainistíocht Dramhaíola

Plean Bainistíochta Dramhaíola an Deiscirt

Glacadh le Plean Bainistíochta Dramhaíola an Deiscirt i mBealtaine 2015 agus reáchtáladh roinnt feachtais um chosc ar dhramhaíl chun spriocanna agus cuspóirí a leagtar amach sa Phlean a bhaint amach.



- Seoladh Eolaire Deisithe Chill Chainnigh, ina liostaítear seirbhísí áitiúla deisithe
- Spreag an feachtas “Diúltaigh Dramhphost” (“Say No to Junk Mail”) sealbhóirí chun a méideanna athchúrsála a laghdú trí phost gan iarraidh a dhiúltú
- Chuir Feachtas a bhí ar siúl roimh an Nollaig sealbhóirí ar an eolas ar conas dramhaíl bhia a laghdú le linn na tréimhse féilteúla
- Reáchtáil Comhairle Contae Chill Chainnigh, i gcomhar leis na siopaí áitiúla carthanais agus Cumann Tráchtála Chill Chainnigh, comórtas na Nollag i measc meánscoileanna chun déagóirí a spreagadh chun éadaí athláimhe a athúsáid chun geansaithe na Nollag a chruthú
- Ghlac Comhairle Contae Chill Chainnigh páirt i bhfeachtais réigiúnacha na meán sóisialta, ina measc feachtas a dhírigh ar dhramhaíl aráin, agus ceann eile ar conas athchúrsáil níos fearr a dhéanamh sa bhaile



Ionad Athchúrsála agus Diúscartha Dramhaíola an Dúin Mhóir 2015

- Rinneadh an GCC iniúchadh comhshaoil ar an tsaoaráid agus bhí sí go hiomlán comhlíontach i dtaobh an cheadúnais athchúrsála agus níor eascair aon ghearáin uaidh seo ón bpobal áitiúil, agus níor imríodh aon drochthionchar ar an gcomhshaoil mórtimpeall.
- Bailíodh 1,114 tonna d’ábhar in-athchúrsáilte in 2015, ar méadú é seo aníos ó 1,070 tonna in 2014
- Tháinig méadú 6 thonna, 17 dtonna, 5 thonna agus 40 tonna, faoi seach, ar thonnáiste an Chairtchláir, an Pháipéir, an Phlaistigh agus an Mhiotail.
- Tháinig méadú ar na cainníochtaí dramhaíola a tugadh chun an láithreáin aníos ó 2,578 tonna in 2014 go dtí 2,676 tonna in 2015. Cé gurb é an cuspóir chun na méideanna de dhramhaíl sholadach chatrach (DSC) a laghdú, bhí an méadú seo mar thoradh ar an mborradh a tháinig ar an líon custaiméirí a bhaineann leas as an láithreán. Faoi mar a thugtar faoi deara thuas, tháinig méadú ar na cainníochtaí athchúrsála ar an gcuma chéanna.
- Bhain na figiúirí i dtaca le diúscairt láisteáite a sheoladh chuig cóireáil fuíolluisce an pointe ab ísle amach in 2015 agus níor seoladh ach 1,800 tonna de Láisteáite ar aghaidh lena diúscairt.

- Glacadh leis na meáin shóisialta a úsáid chun an láithreán a fhógairt in 2015 agus tá 147 de lucht leanúna meallta chuig leathanach Facebook an láithreáin.
- Aimsíodh 825 duine trí na meáin shóisialta i measc 10 bpost a bhain leis an láithreán. Figiúr é seo a dtiocfaidh borradh air amach anseo de réir mar a bhaineann an láithreán úsáid níos fairsinge as na meáin shóisialta.



Faichí Oilíúna nua CLG ar iar-thailte líonadh talún ag an Dún Mór. Seirbhísí Athchúrsála na Comhairle

Seirbhísí Athchúrsála na Comhairle

- Lean Ionad Athchúrsála an Dúin Mhóir ag freastal ar an bpobal agus seirbhís chostéifeachtúil bainistíochta dramhaíola á cur ar fáil aige.
- Cuireadh Seirbhís Athchúrsála an tSathairn Uachtar Rátha ar fionraí ar feadh tréimhse ghearr i rith 2015 agus athlonnaíodh é chuig Ionad Pobail Bhaile an Phoill i Samhain. Leanann sé ag oibriú gach Satharn idir 10am agus 3pm agus glacann sé páipéar, cairtchlár agus plaistigh.
- Oibrítear gréasán 42 Banc Buidéal ar fud an chontae agus déanann conraitheoir glanta iad a sheirbhísiú lena chinntiú nach n-imríonn siad tionchar diúltach ar a dtimpeallacht áitiúil. Bailíodh beagán de bhreis ar 1,374 tonna de ghloine agus 81 tonna de channaí ó na láithreáin seo in 2015. Lean an tairiscint réigiúnach chun na háiseanna athchúrsála a sheirbhísiú in 2015.
- Comhlíonann WEEE Ireland, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Chill Chainnigh, roinnt bailiúcháin shoghluaiste ar fud an chontae chun cabhrú leis an bpobal chun a ngléasanna leictreacha a athchúrsáil. In 2015, cuireadh deich mbailiúchán i gcrích a bhain meáchan 75 tonna amach.

Plean Bainistíochta Bruscair

Glacadh le Plean Bruscair Chomhairle Contae Chill Chainnigh i Meitheamh 2015 agus reáchtáladh roinnt feachtais frithbhruscair chun spriocanna agus cuspóirí a leagtar amach sa Phlean a bhaint amach.

- Ghlac Cill Chainnigh páirt i bhFeachtas náisiúnta an Tascfhórsa Bruscair Guma. Seoladh go háitiúil é i Lúnasa 2015 le cabhair ón Méara, an Comh. Joe Malone.
- Lean Feachtas an tSiúlóra Madraí Ghlais ar siúl ar fud an chontae a spreag úinéirí madraí chun salachar a madraí a ghlanadh. Faoi Nollaig 2015, gheall de bhreis ar 500 duine chun salachar a madraí a ghlanadh.
- Spreag tionscnamh “an Cuaille Solais Labhartha” siúlóirí chun bruscair a chur i mbosca bruscair agus glanadh i ndiaidh a madraí in 8 láthair i gcaitheamh 2015, ina measc Áth na nUrlainn, Port an Chalaigh, Caisleán an Chomair, Gráig na Manach agus Cathair Chill Chainnigh.
- Sheol an Cathaoirleach Pat Millea Glantachán Náisiúnta an Earraigh in Aibreán le cúnaimh ón Mainicín, Sarah McGovern. Ghlac de bhreis ar 120 grúpa páirt ar fud an chontae.
- Cuireadh feachtas raidió ‘Litter Waste Land’ de chuid BEAT FM, a reáchtáladh an bhliain seo caite, ar an ngearrliosta le haghaidh Dhámhachtainí Rialtais Áitiúil Chumann Tráchtála na hÉireann 2015 faoin gcatagóir “Comhthionscnamh Údaráis Áitiúil”.

Forfheidhmiú

- Fuarthas 980 Gearán Comhshaoil, rinneadh cigireacht ar gach ceann díobh agus chuathas i mbun an ghnímh chuí chun gach saincheist a réiteach.
- Cuireadh ceamaraí ceilte chun feidhme 159 uair i réimse de láithreacha ina mbíonn go leor bruscair, ionaid fág anseo ina measc.
- D’eisigh na hOifigigh Forfheidhmithe 41 fógra pionóis sheasta i ngeall ar chionta bruscair.
- Ghnóthaigh íocaíocht Fógraí Pionóis sheasta €1,555 in 2015
- Ghnóthaigh íocaíocht ó chásanna cúirte €3,932.89 in 2015
- Tugadh 1,481 cigireacht ar shaoráidí éagsúla chun críche faoi phlean an RMCEI.
- Chuathas i mbun 96 nós imeachta forfheidhmithe mar thoradh air seo.

Dámhachtainí agus Éachtaí 2015

Gnólachtaí na hÉireann in Aghaidh an Bhruscair (IBAL)

I ndiaidh measúnú a dhéanamh, deimhníodh go raibh Cill Chainnigh ní ba ghlaine ná na noirm Eorpacha agus bhain sí an tríú háit amach i dtábla Shraithchomórtas Ghnólachtaí na hÉireann in Aghaidh an Bhruscair.

Dámhachtainí na mBailte Slachtmhara agus Pobail



- In 2015, bunaíodh Fóram Baile Slachtmhara Chill Chainnigh; ar fóram é chun tacaíocht a sholáthar do ghrúpaí gníomhacha bailte slachtmhara ar fud an chontae. Cuireadh 4 chruinniú fóraim ar bun, agus sholáthair gach ceann cainteoir saineolach agus am plé do ghrúpaí chun ábhair spéise agus a bhaineann lena n-iarachtaí oibríthe deonacha a phlé.
- Thug torthaí na mbailte slachtmhara náisiúnta do ghrúpaí ar fud an chontae méadú spreagúil faoi deara ar na scóir. Choimeád Cathair Chill Chainnigh a bonn óir, choimeád Tulchacht a bonn cré-umha agus bronnadh bonn mór le rá airgid ar Inis Tíog den chéad uair sa chomórtas.
- Rinne Cathair Chill Chainnigh ionadaíocht d'Éirinn sa Chomórtas Idirnáisiúnta, Pobail faoi Bhláth; thug painéal breithiúna cuairt ar an gcathair agus thug siad moladh ar leith d'Ionad Athchúrsála an Dúin Mhóir.

Feasacht ar Oideachas

- Rinne 28 scoil i gCill Chainnigh a mbrat glas a athnuachan in 2015 agus tá brat glas ar foluain anois i 69 scoil i gContae Chill Chainnigh.
- Meicníocht atá i bhFeachtas Oideachais an Earraigh chun tacaíocht oideachas bhreise comhshaoil a sholáthar trí speisialtóirí a sholáthar chun tabhairt faoi cheardlanna comhshaoil i mbunscoileanna. D'eagraigh Comhairle Contae Chill Chainnigh

28 ceardlann in 2015 agus chumhdaigh siad téamaí ar nós bithéagsúlachta, bruscair agus bainistíocht dramhaíola.

- Chríochnaigh an SEAI 5 lá de Cheardlanna Fuinnimh do bhunscoileanna ar iarraidh Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus dhírigh siad ar chaomhnú fuinnimh agus athrú aeráide. Scaipeadh Pacaí Oideachais Fuinnimh ar 10 scoil chun cabhrú le múinteoirí chun ábhar an fhuinnimh agus an athraithe aeráide a fhiosrú sa seomra ranga.

Cáilíocht Uisce agus Rialú Truailithe

An Chreat-Treoir Uisce agus Bainistíocht Abhantraí



- Ceapadh Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Thiobraid Árann mar chom-Phríomh-Údaráis chun na Pleananna Bainistíochta Abhantraí 2017-2021 a ullmhú agus a chur i bhfeidhm agus le dul i mbun comhairliúcháin ina dtaobh.
- Bunaíodh Oifig nua na Creat-Treorach Náisiúnta Uisce agus cuireadh tús le hearcaíocht.
- Chomhaontaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh, i dteannta na n-údarás áitiúil eile, chun tabhairt faoi fhaireachas agus monatóireacht oibríochtúil mar chuid de riachtanais na Creat-Treorach Uisce (CTU). Thug an GCC faoin obair seo roimhe seo. Tugadh faoi phleanáil agus soláthar don obair seo in 2015 agus tá an mhonatóireacht le tosú in 2016.
- Lean Plean Forfheidhmithe Chontae Chill Chainnigh, ina leagtar amach na bearta sonracha nach mór tabhairt fúthu i gContae Chill Chainnigh le comhlíonadh na Creat-Treorach Uisce a chinntiú, le cuid den chreat um pleanáil iniúchta a chruthú in 2015.
- Pleanáladh cigireachtaí ar umar seipteach chun Plean Iniúchta Náisiúnta an GCC 2015-2017 agus an CTU a chomhlíonadh.

- Rinneadh cigireacht ar 22 áitreabh ag a bhfuil Ceadúnas Scaoilte Alt 4 in 2015.
- Thug Comhairle Contae Chill Chainnigh faoi 170 Cigireacht Feirme Céaduaire faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint), 2014. Deimhníodh nach raibh thart ar 18% díobh comhlíontach i dtaobh na rialachán. Tugadh faoi 44 cigireacht leantach, chomh maith. Thug an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi 70 Cigireacht bhreise Feirme thar ceann Chomhairle Contae Chill Chainnigh in 2015.



- Tugadh faoi 32 cigireacht ar umar seipteach.
- Fuarthas 15 Phlean Bainistíochta Cothaithe agus rinneadh iad a mheasúnú agus a fhaomhadh le coinníollacha maidir le húsáid sloda séarachais sa talmhaíocht.
- Eisíodh 440 moladh scríofa – a rinne soláthar, go príomha, do cháilíocht an uisce a chosaint, nó a fheabhsú – don Rannóg Pleanála in 2015. Tugadh faoi 30 cigireacht láithreáin mar chuid den obair seo.
- Leanadh leis an gClár Fairsing Monatóireachta Uisce Dromchla agus Screamhuisce.

Sábháilteacht Uisce

D'oibrigh líon iomlán ocht ngarda tarrthála dhéag ar bhonn uainchláir i gcaitheamh mhí an Mheithimh, Iúil agus Lúnasa 2015 ag na láithreacha a leanas:-

- Na Cluainte, Cathair Chill Chainnigh
- An Chora, Bóthar an Tuair, Cathair Chill Chainnigh
- Gráig na Manach
- Inis Tíog
- Baile Mhic Ándáin

Staitisticí 2015

Líon na snámhóirí	3013
Timpistí ar cuireadh cosc orthu	600
Daoine a tarrtháladh	9
Árthaí a tarrtháladh	1
Nósanna imeachta garchabhrach	620

Seirbhísí Tréidliachta

Comhlíonann an tSeirbhís Tréidliachta an conradh seirbhíse um shábháilteacht bhia idir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (an FSAI) agus Comhairle Contae Chill Chainnigh, lena n-áirítear freagracht as Rannóg Sábháilteachta Bia na Seirbhíse Tréidliachta Údaráis Áitiúil i gceantar Cheatharlach. I measc na bhfeidhmeanna Sláinte Phoiblí Tréidliachta agus leas ainmhithe tá rialuithe/rialáil oifigiúil a dhéanamh ar sheamlais ag a bhfuil tréchar idir beag agus meánach agus ionaid bheaga phróiseála feola, agus rialáil a dhéanamh ar ionaid bheaga mharaithe éanlaithe clóis a sholáthar (áirítear leis seo marú éanlaithe clóis ar an bhfeirm, i.e. marú séasúrach).

Ní mór do gach ainmhí a mharaítear ar mhaith le tomhaltas ag daoine, in áitreabh atá faofa faoin reachtaíocht bhia tabhairt faoi Roimh Bhás agus i nDiaidh Báis. Ní mór go bhfuil Córas Bainistíochta Sábháilteachta Bia i ngach áitreabh a dhéantar a mhaoirsiú faoin reachtaíocht bhia, i.e. go mbíonn sé bunaithe go ginearálta ar phrionsabail na hAnailíse Gaise agus Pointí Rialúcháin Criticiúla (HACCP). Tugtar faoi chigireachtaí agus iniúchtaí ar áitribh mhaoirsithe chun comhlíonadh na reachtaíochta a dheimhniú. Glactar samplaí mar chuid de phleananna Náisiúnta Rialaithe agus amanna mar chuid d'imscrúduithe. Tá baint ag Oifigeach Tréidliachta an Chontae i bpleanáil idirghníomhaireachta ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta.

- In 2015, mharaigh seamlais fhaofa faoi mhaoirseacht na Seirbhíse 4,878 eallach, 18,161 caora agus 89,911 éan clóis.
- Bhí 21 gnólacht bia faoi mhaoirseacht na Seirbhíse in 2015.
- Glacadh 29 sampla fuíll mar chuid den Phlean Náisiúnta Rialaithe Fuíll.
- Glacadh 57 sampla d'fheoil, maipíní agus uisce mar chóimheastóirí oifigiúla.
- Rinneadh 224 cigireacht sláinteachais (seachas Cigireachtaí AM/PM) in áitribh bhia faoi mhaoirseacht na Seirbhíse.

Rialú Madraí

Saoráid nua-aimseartha is ea Tearmann Madraí Cheatharlach-Chill Chainnigh atá ina chomhfhiontar idir Comhairle Contae Cheatharlach agus Comhairle Contae Chill Chainnigh, óna n-oibríonn Seirbhís Maor Madraí Cheatharlach-Chill Chainnigh.

Tá sé suite díreach amach ón N10 ag an nGarraí Dubh, Baile Phóil, Contae Chill Chainnigh. Reáchtálann an ISPCA Seirbhís Maor Madraí Cheatharlach-Chill Chainnigh don dá Údarás Áitiúil a chistíonn í. Comhlíonann sí dualgais reachtúla an dá Údaráis Áitiúil faoin Acht um Rialú Madraí, 1986.

Bunaíodh Coiste Comhairliúcháin maidir le hÚinéirí Nua a fháil d Mhadraí agus le Leas Madraí in 2015 atá ildisciplíneach i dtaobh comhdhéanaimh de, ina measc ionadaithe tofa, oifigigh na Comhairle ó Cheatharlach agus ó Chill Chainnigh, an tOifigeach Tréidliachta Contae, ionadaithe ó eagraíochtaí Leasa Ainmhithe agus ó Fheirmeoirí Aontaithe Éireann (an IFA) Is éard a dhíríonn sé ar a dhéanamh ná a mhéid úinéirí nua a aimsiú do mhadraí agus is féidir agus chun cabhrú le caighdeán leasa madraí a choimeád ag an Tearmann Madraí.

- In 2015, eisíodh ceadúnais maidir le 6,188 madra aonair, 4 cheadúnas ghinearálta madra agus 9 gceadúnas madra fadsaoil.
- Bhí 16 áitreabh ar Chlár na mBunaíochtaí Pórúcháin Madraí an 31 Nollaig 2015.

Rialú Capall

Rinneadh athbhreithniú ar Fhodhlíthe um Rialú Capall Chomhairle Contae Chill Chainnigh in 2015 agus tá siad le cur i bhfeidhm in 2016.

- Rinne an Fhoireann Forfheidhmithe Rialú Capall 75 capall a ghaibhniú agus 2 chapall a cheadúnú in 2015.

Reiligí

- Tá ag Comhairle Contae Chill Chainnigh 14 reilig oscailte ar fud an Chontae agus tá feighlí ag feidhmiú i ngach ceann chun bainistíocht a dhéanamh ar choimeád na gcuntas.
- Leantar le forbairt a dhéanamh ar léarscáileanna uasdátaithe reilige agus déantar iad a scaipeadh ar na feighlithé nuair a bhíonn siad críochnaithe.
- Comhaontaíodh go déanach in 2016 chun tabhairt faoi shuirbhé ar gach reilig d'fhonn an gá a shainaitint atá le hoibreacha de chineál caipitiúil.

3.

Aguisíní

3.1

Águisín 1 -

Sceideal Comhdhálacha agus Imeachtaí Oiliúna na gComhaltaí

Dáta	Sonraí faoi Chomhdhálacha agus Freastal Comhairleoirí in 2015	Láthair
6-8 Fea 2015	Straitéis Tógála an Rialtais 2020 Melissa O'Neill, Joe Malone	Loch Garman
An 10 Fea 2015	Engaging with the Oireachtas Fidelis Doherty	Baile Átha Cliath
An 17 Fea 2015	Modúl Oiliúna an AILG 1 – Rialachas Údarás Áitiúil Mary Hilda Cavanagh, Pat Fitzpatrick, Pat Millea, Michael McCarthy, John Brennan, Peter Cleere, David Kennedy, Ger Frisby, Eamon Aylward	Cill Airne, Contae Chiarraí
An 21 Fea 2015	Modúl Oiliúna an AILG 1 – Rialachas Údarás Áitiúil Breda Gardner, Joe Malone, Matt Doran	An tInbhear Mór, Contae Chill Mhantáin
An 12-13 Márta 2015	2ú Comhdháil Bhliantúil an AILG 2015 Mary Hilda Cavanagh, Pat Dunphy, Michael Doyle, David Kennedy, Breda Gardner, Matt Doran, Joe Malone, Peter Cleere, Michael McCarthy, Ger Frisby, Pat Fitzpatrick, Eamon Aylward	Carraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin
An 20-22 Márta 2015	Muirir Uisce Tí Michael Doyle	Cairlinn, Contae Lú
An 10-11 Aib 2015	An 10-11 Aib 2015 Seimineár Earraigh an LAMA Mary Hilda Cavanagh, Ger Frisby, Peter Cleere, Maurice Shortall, John Brennan, Pat Fitzpatrick, David Kennedy, Kathleen Funchion, Matt Doran, Joe Malone, Michael McCarthy	Tuaim, Contae na Gaillimhe
14 Aib 2015	Modúl Oiliúna an AILG 2 - Forbairt Gheilleagrach Áitiúil agus Ról an Údaráis Áitiúil Michael McCarthy	Cill Droichid, Contae Chill Dara
18 Aib 2015	Modúl Oiliúna an AILG 2 - Forbairt Gheilleagrach Áitiúil agus Ról an Údaráis Áitiúil Mary Hilda Cavanagh, John Brennan, David Kennedy, Ger Frisby, Peter Cleere, Kathleen Funchion, Matt Doran, Pat Millea	Luimneach
7 Bea 2015	Modúl Oiliúna an AILG 3 - Forbairt Pobail Áitiúil agus CFPÁanna - Ról Nua d'Údaráis Áitiúla Maurice Shortall, Mary Hilda Cavanagh, Pat Fitzpatrick, Breda Gardner, Fidelis Doherty, Ger Frisby, Eamon Aylward	Cill Chainnigh
8-9 Bea 2015	Cosc ar Choireacht agus Sábháilteacht an Phobail Joe Malone, Mary Hilda Cavanagh, Peter Cleere	Gaillimh
16 Bea 2015	Modúl Oiliúna an AILG 3 - Forbairt Pobail Áitiúil agus CFPÁanna - Ról Nua d'Údaráis Áitiúla Peter Cleere, Michael McCarthy, Matt Doran, David Kennedy, Joe Malone	Sligeach

Dáta	Sonraí faoi Chomhdhála agus Freastal Comhairleoirí in 2015	Láthair
5-7 Mei 2015	Clár Thacaíochta an AE do Réigiúin na hÉireann Ger Frisby, Michael McCarthy, Breda Gardner, Eamon Aylward	Cloich na Coillte
9 Mei 2015	Modúl Oiliúna an AILG 4 – Airgeadas agus Tithíocht Údarás Áitiúil Pat Millea, Michael McCarthy, Michael Doyle, Fidelis Doherty, Eamon Aylward	Dún Garbhán, Port Láirge
13 Mei 2015	Modúl Oiliúna an AILG 4 – Airgeadas agus Tithíocht Údarás Áitiúil Mary Hilda Cavanagh, Joe Malone, Peter Cleere, Ger Frisby, John Brennan, Maurice Shortall	An Longfort
31 Iúil- 1 Lún 2015	Athruithe ar Fhorbairt Pobail Mary Hilda Cavanagh, Pat Millea	Gaillimh
16 M.F. 2015	Comhdháil Chomhshaoil Éireann ('Environment Ireland') Malcolm Noonan	Páirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath
25-27 M.F. 2015	Margaíocht Shoghluaiste a dhéanamh ar Chinn Scríbe Turasóirí Maurice Shortall, John Brennan, David Kennedy, Pat Fitzpatrick	Cloich na Coillte, Contae Chorcaí
1-2 D.F. 2015	Seimineár Fómhair an AILG Maurice Shortall, Pat Fitzpatrick, Michael McCarthy, Patrick O'Neill, Breda Gardner, Joe Malone, Pat Dunphy, Ger Frisby, Eamon Aylward, Peter Cleere, David Kennedy, Kathleen Funchion, Melissa O'Neill	Cloich na Coillte, Contae Chorcaí
9-10 D.F. 2015	Comhdháil an LAMA – an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil Pat Dunphy, Fidelis Doherty, Ger Frisby, Peter Cleere, Michael McCarthy, Joe Malone, Mary Hilda Cavanagh, Maurice Shortall, Breda Gardner, David Kennedy, Pat Fitzpatrick	Cill Chainnigh
17 D.F. 2015	Modúl Oiliúna an AILG 5 – Bóithre, Iompraíocht agus Sábháilteacht Maurice Shortall, Mary Hilda Cavanagh, Pat Fitzpatrick, Pat Millea, Michael McCarthy, John Brennan, Peter Cleere, Michael Doyle, Matt Doran, Pat Dunphy, Ger Frisby, Eamon Aylward	Corcaigh
27 D.F. 2015	Modúl Oiliúna an AILG 5 – Bóithre, Iompraíocht agus Sábháilteacht David Kennedy, Breda Gardner	Cora Droma Rúisc
4-5 Sam 2015	Beartas Comhshaoil an Rialtais Áitiúil Joe Malone	Ceatharlach
6-8 Sam 2015	An Bille um Chearta Tomhaltóirí Pat Dunphy, Melissa O'Neill	Cloich na Coillte
10 Sam 2015	Modúl Oiliúna an AILG 6 – Umair Sheipteacha, Screamhuisce agus Truailliú Uisce agus an tAcht um Brústocaireacht a Chlárú, 2014 Mary Hilda Cavanagh, Pat Fitzpatrick, Pat Millea, Michael McCarthy, John Brennan, Andrew McGuinness, Peter Cleere, David Kennedy, Michael Doyle, Joe Malone, Pat Dunphy, Ger Frisby, Eamon Aylward, Malcolm Noonan	Inis
14 Sam 2015	Modúl Oiliúna an AILG 6 – Umair Sheipteacha, Screamhuisce agus Truailliú Uisce agus an tAcht um Brústocaireacht a Chlárú, 2014 Matt Doran, Breda Gardner	Baile Átha Cliath

Dáta	Sonraí faoi Chomhdhála agus Freastal Comhairleoirí in 2015	Láthair
20-21 Sam 2015	An tAcht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht, 2015 Andrew McGuinness	Gaillimh
27-28 Sam 2015	An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 Andrew McGuinness	Gaillimh
4-6 Nol 2015	Treoir Phraiticiúil maidir le Buiséad 2016 Cllr David Kennedy	Cloich na Coillte
11-13 Nol 2015	Beartas Comhtháite an AE 2014-2020 Pat Fitzpatrick, John Brennan, Matt Doran, Eamon Aylward	Cairlinn, Contae Lú
11-12 Nol 2015	Plean Athnuachana an Bhaile Peter Cleere, Ger Frisby, Michael McCarthy	Gaillimh
18-20 Nol 2015	Margaíocht Shoghluaiste a dhéanamh ar Chinn Scríbe Turasóirí Breda Gardner	Cloich na Coillte, Contae Chorcaí

Aguisín 2

Tuarascálacha Airgeadais

Seo a leanas sonraí maidir le Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais don bhliain 2015.

An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais)

Don bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2015

Cuireann an Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais an t-ioncam agus an caiteachas go léir i dtoll a chéile. Léirítear ann an barrachas/(easnamh) don bhliain.

Caiteachas ag an Rannán	Nótaí	Ollchaithe- achas	Ioncam	Glanchaithe- achas	Glachaithe- achas
2015		2015	2015	2014	
		€	€	€	€
Tithíocht agus Tógáil		15,250,378	15,767,537	(517,159)	(755,108)
Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre		19,316,124	13,954,032	5,362,092	5,629,794
Seirbhísí Uisce		7,312,700	7,350,954	(38,254)	(77,167)
Bainistíocht Forbartha		6,110,727	2,444,803	3,665,925	4,142,774
Seirbhísí Comhshaoil		8,271,740	1,567,153	6,704,587	6,590,954
Caitheamh Aimsire agus Conláiste		4,785,258	227,554	4,557,704	4,680,135
Talmhaíocht, Oideachas Sláinte agus Leas		930,248	817,738	112,510	211,440
Seirbhísí Ilghnéitheacha		6,975,587	1,925,416	5,050,172	5,216,946
Caiteachas/Ioncam Iomlán	15	68,952,762	44,055,185		
Glanchostas an Rannáin atá le cistiú ó Rátaí agus Cáin Mhaoine Áitiúil				24,897,577	25,639,768
Rátaí				18,456,308	18,485,511
Cáin Mhaoine Áitiúil				9,356,019	9,356,019
Asbhaint Phinseanbhunaithe				1,239,693	1,317,894
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe	16			4,154,443	3,519,656
Aistriú ó/(chuig) Cúlchistí	14			(4,104,286)	(3,449,380)
Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain				50,157	70,276
Cúlchiste Ginearálta an 1 Eanáir				(68,390)	(138,666)
Cúlchiste Ginearálta an 31 Nollaig				(18,233)	(68,390)

Halla an Chontae, Sráid Eoin, Cill Chainnigh

Guthán: +353 (0) 56 7794000

Facs: +353 (0) 56 7794004

Ríomhphost: info@kilkennycoco.ie

Éigeandáil lasmuigh d'uaireanta oifige: 1890 252 654

Halla na Cathrach, An tSráid Ard, Cill Chainnigh

Guthán: +353 (0) 56 7794500

Facs: +353 (0) 56 7794509

Ríomhphost: info@kilkennycity.ie

Uimhreacha Dialaithe Dhíriugh:

Mótarchánachas: +353 (0)56 7794100

Leabharlann an Chontae: +353 (0)56 7794160

Seirbhís Dóiteáin: 112